www.gaelsceal.ie




L. 16/17



Anglo scoilte ina dhá leath L. 19



Ealaín san Fhuil L. 22

UUP

Fíor-Rogha le déanamh ag an UUP L. 4, 12

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 25

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

10.09.2010

**ANAILÍS**

## Athchúrsáil – mar thruailliú

**Pól Mac Cana**

IS maith an rud é an athchúrsáil a dhéanamh. Sna saolta seo agus an truailliú i ngach cearn den chruinne de dheasca na dtionscadal ardteicneolaíochta atá i ngréasán domhanda an tomhaltachais, cén gearán is féidir a dhéanamh faoin athchúrsáil?

Is deas an rud é an sean-ríomhaire sin nó an sean-ghuthán póca siúd a athchúrsáil i ndiaidh an múnla is úire a cheannach ón siopa. Is iontach an rud é bheith sásta linn féin i ndiaidh an rogha a ghlacadh leis an sean-mhúnla neamhriachtanach sin a chur anonn lena athchúrsáil.

Ní dramhaíl i dtalamh gan fáth é ar an dóigh seo. Tá athshaol tugtha do na hábhair istigh ann, agus mar sin, cealaítear cuid den bhrú atá ar acmhainní na cruinne.

Is fíor an dearcadh é sin ar leibhéal áirithe. Ach ná cuirimis dallamullóg orainn féin gurb é siúd bun agus barr an scéil. Mar, amhail a lán próisis eile i saol an gheilleagair dhomhanda seo, ní bhíonn gach gné den chóras soiléir dúinn anseo san Iarthar.

Agus mar a tharlaíonn go minic, is í an ghné is measa an ghné is faide uainn agus í i bhfolach ónár sibhialtacht.

Is mithid dúinn an cheist a chur orainn féin: cá dtéann an sean-ríomhaire glúine nó an sean-ghuthán póca i ndiaidh dúinn é a fhágáil go bródúil agus go féinsásta ag an ionad athchúrsála?

*Ar lean ar leathanach 20*

# Coinníoll Teanga de dhíth sna Naíolanna Gaeltachta

## Dar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta

**Trevor Ó Clochartaigh**

TÁ imní léirithe ag Bainisteoir Chomhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG), Mairéad Mac Con Iomaire, go bhféadfadh naíonraí agus naíolanna a bheith ag feidhmiú trí Bhéarla sa Ghaeltacht agus gur chóir d'Aire na Leanaí gníomhú ar an gceist láithreach.

Tá comhráití tosaithe idir feidhmeannaigh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta, CNNG agus POBAL maidir le coinníoll Gaeilge a bheith i bhfeidhm ar aon dream a fhaigheann maoiniú stáit chun seirbhís réamhscoile a chur ar fáil sa Ghaeltacht.

"Faoi láthair d'fhéadfadh duine ar bith teacht isteach sa nGaeltacht, seirbhís phobail nó phríobháideach a bhunú agus ní gá gur i nGaeilge a bheadh sé sin mar nach bhfuil aon choinníoll teanga ag baint leis an maoiniú," dar le Mairéad Mac Con Iomaire.

Tá borradh mór tagtha faoin earnáil réamhscolaíochta an Fómhar seo agus ardú tagtha ar líon na naíonraí agus naíolanna le 18 naíonra nua bunaithe ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, tá méadú freisin ar an méid páistí atá ag freastal ar na seirbhísí seanbhunaithe.

*Ar lean ar leathanach 2*

## Uachtarán Mac Fhionnlaoich?

(PIC. PHOTOCALL IRELAND)




Fergus Finlay, príomhfheidhmeannach Barnardos atá ag iarraidh ainmniúchán Pháirtí an Lucht Oibre don uachtaránacht, féach an scéal ar l. 4

**IDIRNÁISIÚNTA**

## Batasuna ar ráiteas ETA: "IS É A LAGHAD A LOCHT!"

**Tomás Mac Síomóin, in Bilbo, Tír na mBascach**

"Ní bheidh athrú ar bith ar pholasaí frithsceimhlitheoireachta an Rialtais" a dúirt an tAire Pérez Rubalcaba, atá freagrach as gnóthaí inmheánacha na Spáinne.

Bhí freagra á thabhairt aige ar fhógra ETA a thug le fios seachtain ó shin go raibh an eagraíocht armtha Bhascach úd ag éirí as gníomhaíocht mhíleata le saoirse na Tíre Bascaí a lorg trí mhodhanna síochánta.

Níl an Clé *Abertzale*, an ghluaiseacht leathan atá ag iarraidh stát Bascach, Euskal Herria, a bhunú a bheas neamhspleách ar an bhFrainc is ar an Spáinn, róshásta le teachtaireacht síochána ETA ach an oiread. Óir, níor thug an teachtaireacht chéanna le fios go mbeadh an sos cogaidh seo neamhtheoranta nó dobhriste, mar atá á éileamh ag an gClé *Abertzale* le tamall. Tuigtear go dtugann an uireaspa seo leithscéal eile do Rialtas na Spáinne an chluas bhodhar a thabhairt d'éilimh uilig na scarúnaithe Bascacha.

*Ar lean ar leathanach 5*

# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

# An duán mícheart bainte de bhuachaill óg

## Ach maítear nach raibh aon “mhí-iompar gairmiúil” i gceist

**Meadhbh Ní Eadhra**

AN 21ú Márta 2008. Aoine an Chéasta. Ar an lá sin, os cionn dhá bhliain ó shin, in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, i mBaile Átha Cliath, rinneadh meancóg mhillteanach. Baineadh an duán mícheart de bhuachaill óg ocht mbliana d’aois, agus anois, tá an páiste sin fágtha le duán amháin, duán nach bhfuil ach feidhmiúchán de 9% ann.

Tuigtear go mbeidh an buachaill seo i mbaol bháis lá éigin mar gheall ar an meancóg a rinneadh in Ospidéal Chromghlinne.

Ar an 23 Deireadh Fómhair 2008, d’eisigh an tOspidéal ráiteas faoin bhfiosrúchán a rinne siad ar an scéal seo.

Sa ráiteas, dúirt siad gur ghlac siad freagracht iomlán as an rud a tharla don pháiste seo. Ach ní raibh trácht ar bith ar na dochtúirí féin, ar an easpa cumarsáide agus ar an easpa gairmiúlachta a bhí ann ar an lá a tharla an botún uafásach seo.

Dhá bhliain níos déanaí, shocraigh Coiste Fitness to Practise de Chomhairle na nDochtúirí Leighis go ndéanfadh siad féin fiosrúchán ar an scéal. An tseachtain seo caite, chuir siad deireadh leis an bhfiosrúchán úd, fiosrúchán a bhí ag iarraidh ceisteanna a fhreagairt maidir le cúiseanna de mhí-iompar gairmiúil a cuireadh i leith beirt dochtúirí, an tOllamh Martin Corbally agus an dochtúir sóisearach Sri Paran.

Tháinig an coiste seo ar chinneadh nach raibh na dochtúirí seo i ndiaidh mí-iompar gairmiúil a dhéanamh. Bhain siad úsáid as Alt 67 d’Acht na Lia-Chleachtóirí (Medical Practitioners Act), Acht a chiallaíonn nach gcúisítear na dochtúirí as mí-iompar agus nach gá dóibh ach gealltanas a thabhairt nach ndéanfaidh siad botún den chineál seo arís.

Rinne an tUasal Patrick Leonard, abhcóide do Phríomhfheidhmeannach Chomhairle na nDochtúirí, gearán faoin gcinneadh a rinneadh, ag rá go raibh sé “fíor-neamhghnách” an cinneadh a dhéanamh Alt 67 a chur i bhfeidhm ag staid chomh deireanach sin, i gcás chomh tromchúiseach leis seo.

Tugadh fianaise gur iarr tuismitheoirí an bhuachalla óig ar fhoireann an ospidéil ceithre huaire a chinntiú go raibh an duán ceart le baint amach, sula ndearnadh an obráid. Thug na dochtúirí trí ghealltanas: nach dtabharfadh siad faoi obráid arís gan athbhreithniú a dhéanamh ar X-ghathanna, nach dtabharfadh siad obair do dhochtúirí eile gan a chinntiú go raibh siad réitithe agus traenáilte i gceart, agus go gcuirfeadh siad treoir scríofa le chéile do Chomhairle na nDochtúirí laistigh de 12 mhí, faoi na ceachtanna atá foghlamtha acu ón gcás.

Ba é an máinlia péidiatraiceach comhairleach, Martin Corbally, a scríobh nóta ag rá gurbh é an duán clé a bhí le baint ón bpáiste, in ionad an duáin dheis. Eisean a bhí le bheith ag déanamh na hobráide ar an bpáiste ach ar an lá, ba é an dochtúir sóisearach, Sri Paran, a rinne an obráid. Ní dúradh leis an dochtúir seo ach cúpla nóiméad roimh ré gurbh eisean a bheadh á déanamh, rud nár cheart tarlú riamh. An lá céanna, nuair a bhí sé lasmuigh den obrádlann, d’iarr Oliver Conroy, athair an bhuachalla, go dtabharfaí fianaise fhótagrafach dó féin agus dá bhean chéile ó na scantaí, ionas nach mbeadh siad buartha faoin obráid.

Chuir siad ceist freisin ar altra agus ar dhochtúir sóisearach eile seiceáil cén taobh a mbeadh an duán á bhaint den pháiste, agus dúirt siad go seiceálfadh siad na nótaí leighis. Ach ar ndóigh, bhí na nótaí leighis mícheart.

Bhí 15 cúis de mhí-iompar gairmiúil curtha i leith Martin Corbally agus 13 cúis curtha i leith Sri Paran, ach anois, tá deireadh curtha leis sin go léir mar gheall ar Alt 67.

Deir tuismitheoirí an bhuachalla go bhfuil siad “ag maireachtáil gach lá mar a thagann sé” ach ar ndóigh tá siad an-imníoch faoin trasphlandú a bheidh de dhíth ar a mac am éigin sa todhchaí.

# Coinníoll Teanga de dhíth sna Naíolanna Gaeltachta

*Ar lean ó leathanach a haon*

Tá 79 seisiún naíonra ar siúl faoi scáth CNNG ó thús na scoilbhliana seo. I gcuid mhór cásanna tá an t-éileamh breise ann mar gheall ar an tacaíocht stáit chun bliain réamhscoile saor in aisce a chur ar fáil do gach páiste tríd an scéim ECCE, atá dhá riaradh ag POBAL.

Mar thoradh ar an ECCE tá seirbhísí réamhscoile, naíonraí san áireamh, ag tairiscint áiteanna saor in aisce do pháistí ar feadh bliana. Níl aon choinníoll teanga ag baint, áfach, le soláthar na seirbhísí seo i gceantair Ghaeltachta.

Is scátheagraíocht iad Comhar Naíonraí na Gaeltachta d’fhormhór na naíonraí Gaeltachta agus faigheann siad maoiniú substaintiúil ó



**Mairéad Mac Con Iomaire, Bainisteoir Comhar Naíonraí na Gaeltachta**

Údarás na Gaeltachta gach bliain.

Dar le Mairéad Mac Con Iomaire tá polasaí láidir Gaeilge i bhfeidhm sna naíonraí ar fad a thagann faoina gcúram.

Ach, má thagann meath ar an tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta do na seirbhísí, tá an baol ann nach mbeidh CNNG in ann an tionchar leanúnach céanna a imirt ar na naíonraí ar fad ó thaobh na Gaeilge de.

Tá cásanna faoi leith sna ceantair bhreac-Ghaeltachta cheana féin, dar léi, den teanga a bheith faoi bhrú sna naíonraí.

Tá CNNG ag scríobh chuig Aire na Leanaí, Barry Andrews, chun an cheist seo a phlé leis, a dúirt siad.

# Naíonraí faoi bhrú sna breac-Ghaeltachtaí

**Trevor Ó Clochartaigh**

“DÁ mbeadh muid thiar i gConamara b’fhurasta chuile shórt a dhéanamh i nGaeilge, ach go minic ní bhíonn Gaeilge ná Béarla ag tuismitheoirí na ngasúr a thagann isteach againne,” a deir Nóirín Ní Dhonnacha, Stiúrthóir Naíonra San Prionsias, i dTír Oileáin i nGaillimh. Is bruachbhaile i gcathair na Gaillimhe í Tír Oileáin atá sa nGaeltacht oifigiúil agus tá Nóirín i mbun an naíonra ansin le 11 bliain. Tá 30 páiste sa naíonra ansin i mbliana.

Níl siad cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta a thuilleadh. “Níl Gaeilge ó dhúchas ag aon pháiste a thagann isteach chugainn,” a deir sí. Go minic tagann tuismitheoirí na bpáistí seo ó thíortha na hAfraice nó Oirthear na hEorpa. Déanann muid gach rud trí Ghaeilge sa naíonra, cé go mbíonn orainn roinnt Béarla a úsáid an chéad chúpla lá le go dtuigfidh na gasúir céard a bhíonn muid a rá. Cuireann muid litreacha abhaile go dátheangach freisin le go mbeidh a fhios ag na tuismitheoirí céard atá ar siúl. Sin an polasaí a bhíonn ag Forbairt Naíonraí Teo. chomh maith.

Deir Nóirín go bhfuil seirbhísí Béarla thimpeall uirthi chuile áit ach go roghnaíonn daoine seirbhís ise mar gheall gur i nGaeilge atá sé ar fáil. Tá polasaí Gaeilge i bhfeidhm aici agus tá siad chun leanúint leis, a deir sí.

Níl mórán Gaeilge ag na páistí a thagann isteach chuig Naíonra Muire i gCill Charthaigh i dTír Chonaill ach an oiread. Ina ainneoin sin, is i nGaeilge a chuirtear an tseirbhís ar fáil a deir an Stiúrthóir, Marion Ní Ludhóg. Is ceantar é Cill Chárthaigh atá áirithe i gcatagóir C sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta a rinne Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Is naíonra neamhspleách iad Naíonra Muire chomh maith agus tá 20 páiste ar na rollaí acu an Fómhar seo, suas ó chúig dhuine dhéag an bhliain seo caite. “Tosaíonn muid leis na focail bhunúsacha leis na páistí, amhráin agus rannta ansin leis an Ghaeilge a mhúineadh dóibh’”a deir Marion.

**Gaelscéal**

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Meadhbh Ní Eadhra**
*Soláthróir Ábhair*
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair Spóirt*
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Uimhir Oifige :**
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

# Sclábhaíocht beo beathaíoch in Éirinn

## Mná á gcoinneáil mar striapaigh i mBéal Feirste

**Anton Mac Cába**

TÁ gáinneáil daoine sa nuacht arís ó tháinig péas an Tuaiscirt ar mhná i mBéal Feirste a bhí dá gcoinneáil mar striapaigh. Más rud é a bhíonn sa nuacht, ní hé an fhadbh is mó é. B'shin barúil Bernadette McAliskey ón tionscadal STEP i nDún Geanainn, a dhéanann freastal ar inimircigh.

Dúirt sí gur thángthas i dtír ar dhaoine mar go raibh siad leochailleach. Go minic, is as tír do na daoine seo mar a bhfuil sé deacair víosa a fháil don Ríocht Aontaithe nó d'Éirinn. De bharr cúrsaí eacnamaíochta, dar leo go gcaithfidh siad dul ar imirce "ach níl eolas maith acu."

Go fiú daoine i dtíortha mar gur féidir víosa a fháil, tá siad leochailleach. Minic go maith, níl a fhios acu go dtig leo na riachtanais dlí a shocrú iad féin. "Díolann siad bithiúnach éigin lena dtabhairt anseo agus post a fháil dóibh," arsa Bernadette. "Tagann daoine anseo, agus faigheann tú amach gur díol siad sean-teach, nó leoraí, nó veain le gníomhaire earcaíochta a dhíol, iad ag creidiúint gur sin an t-aon dóigh le teacht."

De réir thaithí Bernadette, is sna hearnálacha oibre nach bhfuil so-fheicthe a tharlaíonn an gháinneáil, cailíní aimsire agus oibrithe talmhaíochta ach go háirithe. "Má tá siad ag obair i monarcha, tá siad i dteangmháil le daoine eile, gheobhaidh siad amach faoina gcearta," arsa Bernadette. "Is annamh a dhéantar scrúdú ar choinníollacha cailíní aimsire."

Dar le Bernadette go bhfuil sé riachtanach líonraí a chothú i measc inimirceach, le muinín iontu féin a chothú. Minic go maith, is daoine óna bpobal féin is measa a dhéanann an dúshaothrú.

Ní ar leas an íobartaigh fianaise a thabhairt do na húdaráis. Díbrítear an t-íobartach as bheith ina inimirceach mídhleathach; is minic nach gciontaítear an dúshaothraí sa chúirt.

Tá sé éasca ag inimirceach bheith fágtha ar an trá fholamh. Níl siad i dteideal liúntaisí leasa shóisialaigh a fháil. "Téann siad ó bheith ag obair go crua go bheith ar an trá fholamh," arsa Bernadette. "Fágtar iad agus gan rud ar bith le díol acu ach a gcorp." Is eol di cásanna mar a ndeachaigh daoine leis an striapachas dá bharr seo.

Is fadhb uile-Éireannach é gáinneáil daoine. Dúirt urlabhraí thar ceann Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann gur cúisíodh seachtar le bliain anuas.

Bhí siad bainteach leis an striapachas. Ó dheas, dúirt urlabhraí thar ceann Lár-Ionad Chearta na nInimirceach go raibh siad faoi láthair ag fiosrú 20 cás den obair éigeantais.




**D'ionsaigh an grúpa fuinniúil 'Ponydance' Sráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath le cleachtadh as an toirt don fhéile 'ABSOLUT Fringe' a thosaíonn ar an Satharn. Ag léim ar thacsaí Des Neeson tá damhsóirí 'Ponydance'. Ó chlé tá Tom Flanagan, Paula O'Reilly, Ryan O'Neill agus Leonie McDonagh. Pic: Photocall.**

# Aighneachtaí á lorg ag Foras na Gaeilge don tSamhail nua Maoinithe

**Treasa Bhreathnach**

TÁ Foras na Gaeilge ag lorg aighneachtaí ón phobal ar an tSamhail Nua Maoinithe atá á hullmhú acu i leith mhaoiniú na n-eagraíochtaí agus na ngrúpaí fud fad na tíre atá ag obair trí mheáin agus ar son na Gaeilge. Tá aighneachtaí faighte ag Foras na Gaeilge i leith na Samhla nua Maoinithe ó chuid de na heagraíochtaí bunmhaoinithe agus anois tá an deis ag an ngnáthphobal a gcuid moltaí agus aighneachtaí a dhéanamh.

Táthar ag lorg aighneachtaí ar gach uile ghné den dréacht, m.sh. an méid punanna scéime, an éagsúlacht, an fad a mhairfidh maoiniú na scéimeanna agus an próiseas i gcoitinne. "Táimid ag caint ar 18 mí mar fhad maoinithe na scéimeanna ar dtús, ach arís tá muid ag lorg aighneachtaí air seo chomh maith, d'fhéadfadh sé sin athrú go dtí tréimhse maoinithe trí bliana nuair a bheidh dréacht na Samhla Nua Maoinithe cinntithe," a deir preasoifigeach an Fhorais, Breandán Mac Craith.

"Is athrú suntasach é seo do na heagraíochtaí Gaeilge agus caithfidh muid obair as lámha a chéile. Tabharfaidh sé seo níos mó deise do na heagraíochtaí agus deis úsáid níos fearr a bhaint as an chiste maoinithe," a deir an tUasal Mac Craith chomh maith.

Níl aighneacht déanta ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge le Foras na Gaeilge maidir leis an tSamhail Nua Maoinithe go fóill. Dar le Pádraig Mac Criostail, stiúrthóir na Comhdhála, "ba mhaith linn aighneacht a dhéanamh ar an tSamhail nua, ach ba mhaith linn go mbeadh na haighneachtaí sin ábhartha don tSamhail agus gan na bearnaí eolais atá sa tSamhail mar atá sé faoi láthair a bheith líonta ní féidir linn é sin a dhéanamh."

Rinne na heagraíochtaí Gaeilge moladh don Fhoras agus don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta go mbunófar 'Coiste um bainistíocht athraithe' ar bhonn comhpháirtíochta. Is ar bhonn tuilleadh tuisceana ar an tSamhail agus réiteach na n-aighneachtaí a dhéanamh níos éasca a bhunófaí an Coiste.

"Níor glacadh leis an moladh go mbeadh Coiste ann go fóill, fuaireamar nóta le rá gur nótáil fochoiste an Fhorais an t-iarratas," a deir Pádraig Mac Criostail. Síleann sé chomh maith "Tá gá le plé macánta ar mhianta an Fhorais agus an Aire agus conas gur féidir leis an earnáil dul i ngleic leo ar mhaithe leis an nGaeilge."

Deir Breadán Mac Craith ó Fhoras na Gaeilge "Bímid ag bualadh leis na heagraíochtaí ar bhonn leanúnach ach fós tá go leor plé le déanamh againn." Tá spriocdháta eile ag druidim leis na heagraíochtaí , an 17ú Meán Fómhair, chun gur féidir leo iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama a chur lena mbunmhaoiniú eatramhach.

Tá Fóram na naoi n-eagraíocht déag fós ag feidhmiú thar ceann na hearnála bunmhaoinithe ach síleann Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, "airím go bhfuil an fuinneamh imithe as i ndáiríre agus táimid cinnte ag troid ár gcatha féin. Bhí cruinniú againn leis an Aire Gaeltachta Pádraig Ó Ciardha timpeall sé seachtaine ó shin agus táimid chun cruinniú eile a bheith againn go luath. Sílim gur fhoghlaim an tAire féin a lán ag an gcruinniú sin agus gur thug muid ábhar machnaimh dó. Táimid ar fad anois ag cuardach réitigh ar an scéal."

Is toradh ar threoir a fuair Foras na Gaeilge ón gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i mí na Nollag 2009 chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear maoiniú ar fáil don earnáil bunmhaoinithe í an tSamhail Nua Maoinithe. Foilsíodh an tSamhail Nua Maoinithe i mí Bealtaine seo caite. Is féidir é a léamh ar shuíomh idirlín an Fhorais www.forasnagaeilge.ie.



# Fíor-Rogha le déanamh ag an UUP

## Cibé duine a thoghfar, tá "atógail" beartaithe


Tom Elliot


Basil McCrea

**Anton Mac Cába**

Tá ceannaire nua ar an pháirtí is sine in Éirinn le toghadh an 22 Meán Fómhair. Is é an fhadhb atá ag Páirtí Aontachtach Uladh (UUP) ná nach bhfuil sin ina ábhar cainte.

Ball ar bith a thiocfaidh chuig cruinniú an 22 Meán Fómhair, beidh cead aige vóta a chaitheamh. Tionólfar an cruinniú i mBéal Feirste, gan ionad bheith socruithe go fóill.

Tá beirt san iomaíocht, difear suntasach eatarthu. Nuair a d'fhógair Tom Elliott go raibh sé ag dul a sheasamh, glacadh leis go mbeadh an lá leis. Níl sin cinnte anois, nó tá an-bhorradh faoi fheachtas Basil McCrea.

Dúirt ionadaí tofa amháin le Gaelscéal gur léir go raibh McCrea le "ciceanna a bhualadh ar thóinte agus na cultacha léithe a ghlanadh amach."

Tá tacaíocht bhunaíocht an pháirtí ag Tom Elliott. Is Aontachtóir Ultach traidisiúnta é: feirmeoir déiríochta as Fear Manach, é ina fhear buí, ina bhall den Ord Dubh, agus ina iar-chomhalta den UDR. Tá dáimh aige le baill an pháirtí.

Sa Chomhthionól, is faoi chúrsaí talmhaíochta is mó a théann sé i bhfeidhm. Ar na 17 Comhalta Tionóil Reachtach atá ag UUP, tá 14 ag tabhairt tacaíochta dó, chomh maith leis an bhfeisire Eorpach Jim Nicholson.

Tá sé i bhfabhar socruithe leis an Pháirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) leis an líon suíochán Aontachtach a uasmhéadú chun a chinntiú nach féidir Céad-Aire ó Shinn Féin a bheith ann.

Mar chomhairleoir i bhFear Manach le 18 bliain, bhí sé ag obair le náisiúntóirí, Sinn Féinithe ina measc, áfach.

Dar le ball sinsearach den DUP, tá Elliott "sábháilte." "Ní dhéanfaidh sé rud ar bith nua," arsa fear an DUP.

Tugann McCrea "cabal" ar chuid de na daoine atá ag tabhairt tacaíochta d'Elliott. Dúirt duine de lucht tacaíochta Elliott go raibh sé mar mhíbhuntáiste aige gur tacaíocht na bunaíochta a bhí aige: "Tá cuid de na daoine thart air ag déanamh dochair dó."

Níl ach comhalta amháin den Tionól Reachtach ag tabhairt tacaíochta do McCrea, sin John McAllister as an Dún Theas. Ní bhaineann McCrea le traidisiún an Aontachtachais, mar a bhaineann Elliott. Ní Fear Buí é. Tá sé níos lú ná deich mbliana ó chláraigh sé leis an UUP.

Is as Rath Mealtáin i nDún na nGall ó dhúchas dó. Aithnítear gur cainteoir níos fearr ná Elliott é. Dúirt fear an DUP faoi McCrea: "Thiocfadh leis dul bealach ar bith. Thiocfadh leis titim ar a thóin."

> **Ní bhaineann McCrea le traidisiún an Aontachtachais, mar a bhaineann Elliott. Ní Fear Buí é. Tá sé níos lú ná deich mbliana ó chláraigh sé leis an UUP.**

Dúirt an t-ionadaí tofa ó UUP faoi McCrea: "Tá sé róluath dó." Dar leis gurbh fhéidir gurb é McCrea an chéad cheannaire eile.

Chuaigh McCrea go Doire, gur bhuail le gaolta Dhomhnach na Fola. Bhí sé ar chluichí de chuid Chumann Lúthchleas Gael, agus ar mhórshiúlta Bróid Aeraigh. Chothaigh seo coimhlint le hElliott.

Dúirt Elliott nach rachadh sé chuig a leithéidí. Nuair a chuir Stephen Nolan ón BBC ceist air an raibh bac morálta air, dúirt sé go raibh: "Ní ghlacaim páirt ina leithéidí sin de rud, agus mothaím go soiléir nach bhfuil fáth ar bith ann go ndéanfainn freastal orthu."

Dúirt sé gurbh fhéidir go ndéanfadh sé freastal ar a leithéidí d'imeacht dá mbeadh sé riachtanach, agus dá n-iarrfadh an páirtí air é sin a dhéanamh. Daoine a thugann tacaíocht dó, dar leo gur láimhseáil sé seo go holc.

Chuir sin teas sa choimhlint. Dúirt McCrea go raibh fís den Aontachtachas aige, "a bhí idir oscailte agus trédhearcach. Ba mhaith liom gach ball den tsochaí a shroicheadh."

Nuair a sheol sé feachtas s'aige, dúirt McCrea gurb ionann vóta dó agus vóta le fáil réidh le hAire Oideachais an Tuaiscirt, Caitríona Ruane. Gheall sé gurbh í an Aireacht Oideachais an chéad rogha a bheadh ag UUP sa chéad tionól eile. Tá conspóid faoi phleananna Ruane chun deireadh a chur le scagadh ag 11.

Leis, chuir idir McCrea agus Elliott i leith Ruane go bhfuil sí ag caitheamh an iomarca acmhainní ar an Ghaeilge. Chuir Elliott ina leith go raibh clár oibre leatromach a bhí ag cothú deighilte ar siúl aici. Dúirt Elliott gur mhór an náire go raibh an Roinn Oideachais ag caitheamh thar £100,000 (€121,662) in aghaidh na bliana ar aistriúcháin Ghaeilge, nuair nach raibh pingin dá chaitheamh ar ábhar a chur ar fáil sa Bhraille.

Tá McCrea ar Choiste na Roinne Oideachais. Chuir sé i leith Ruane go raibh clár oibre poblachtach aici "ag polaitiú na Gaeilge, rud a dhéanann dochar dóibh siúd gur mhaith leo úsáid a bhaint aisti ar a leas cultúrtha féin."

Rud eile atá i gcomhpháirt ag an bheirt ná go bhfuil siad in éadan an chomhcheangail a rinne an t-iarcheannaire Sir Reg Empey anuraidh le Páirtí Coimeádach na Breataine. Dá bharr, d'imigh an t-aon fheisire a bhí ag an pháirtí, an Bhantiarna Sylvia Herman.

Níl anois feisire ar bith Westminster ag UUP, nó theip air suíochán a bhuachan san olltoghchán i mí na Bealtaine. Gach ball den pháirtí a labhair le Gaelscéal, dar leo gur atógáil a bheidh ar siúl ag an cheannaire nua.

# Riail faoi aois an Uachtaráin "iomlán mícheart" - Julian de Spáinn

**Meadhbh Ní Eadhra**

AGUS ainmneacha ag teacht chun cinn do rása na hUachtaránachta 2011, tá go leor cainte ann faoi cé a bheidh ag seasamh don Uachtaránacht.

I measc na ndaoine ata luaite don phost tá Michael D. Higgins ó Pháirtí an Lucht Oibre, Príomhfheidhmeannach Barnardos, Fergus Finlay, an t-iar-Thaoiseach Bertie Ahern agus an Seanadóir David Norris.

Caithfidh tú a bheith 35 bliain d'aois nó níos sine le bheith i d'Uachtarán, agus deir Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn, go bhfuil sé seo "iomlán mícheart."

"I sochaí a bhfuil dlíthe ann anois a chuireann bac orainn a rá go bhfuil daoine róshean nó ró-óg, cuireann sé iontas orm go bhfuil riail ann go fóill go gcaithfidh an tUachtarán a bheith ar a laghad 35 bliain d'aois," ar sé. "Ag deireadh an lae, is rogha an phobail atá ann agus má roghnaíonn an pobal duine éigin atá 21 bliain d'aois, sin an duine is ceart a thoghadh."

Ní amháin sin, ach creideann an tUasal de Spáinn gur cheart do dhaoine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois a bheith in ann vóta a chaitheamh ar son an Uachtaráin.

"Bíonn daoine ag caint uaireanta faoin aois vótála don Uachtaránacht a ísliú," ar sé. "Ní fheicim aon fháth faoin spéir nach féidir le daoine ó 16 ar aghaidh vóta a chaitheamh sa toghchán seo."

Ar ndóigh, creideann de Spáinn go bhfuil sé "fíorthábhachtach" go mbeadh Gaeilge ag an Uachtarán, agus aontaíonn Janet Muller, Príomhfheidhmeannach Pobal, scátheagras na Gaeilge ó thuaidh leis an tuairim seo.

"Sílim go bhfuil sé iomlán riachtanach go mbíonn Gaeilge ag an Uachtarán," ar sí.

Ní féidir ach le daoine sna 26 contae vótáil i dtoghchán na hUachtaránachta.

Deir Janet Muller gur "slat tomhais" atá ansin ar cé chomh dáiríre is atá na polaiteoirí faoi Éirinn aontaithe a bheith ann.

Deir Daithí Mac Cárthaigh, iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge, "Má tá duine i dteideal saoránacht Éireannach a bhaint amach faoin mBunreacht, ba cheart go mbeadh siad i dteideal vótáil le haghaidh leasú ar an mBunreacht agus ar ndóigh don Uachtarán."


Creideann an tUasal Mac Cárthaigh gur cheart go mbeadh vótáil ar leasú ar an mBunreacht agus ar an Uachtaránacht "ceangailte le saoránacht seachas le cá bhfuil cónaí ar dhuine."

"Bheidh sé infheidhmithe go héasca," ar sé. "Is dócha gur sa Tuaisceart a bheadh an t-éileamh is mó ar vótaí, agus freisin tá Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu thar lear a bheadh ag iarraidh vóta a chaitheamh."

Ag caint ar Ghaeilgeoirí a bheadh oiriúnach do phost an Uachtaráin, deir Daithí Mac Cárthaigh nach ritheann ainm éinne leis a gheobhadh go leor vótaí, nó a bhfuil "próifíl ard go leor acu."

# Píolóta amháin don todhchaí?

TÁ Michael O'Leary ag iarraidh fáil réidh leis na comhphíolótaí chun costais Ryanair a ghearradh. Dar leis is féidir le freastalaí na heitilte traenáil a fháil chun an post a chomhlíonadh i gcásanna éigeandála. Ceapann sé nach n-aithneodh aon duine é dá mbeadh an freastalaí ag eitilt an eitleáin dá dtiocfadh ar an bpíolóta. Is é seo an scéal is deanaí atá tar éis teacht ó Ryanair, ó airgead a íoc chun an leithreas a úsáid go tairiscint shaor nó níos saoire do phaisinéirí atá sásta suíocháin ingearacha a úsáid.



# Batasuna ar ráiteas ETA:"IS É A LAGHAD A LOCHT!"

*Ar lean ó leathanach a haon*

Mar sin, níor chuir diúltú Rubalcaba do thairiscint ETA iontas ar bith ar an gClé *Abertzale* féin. "Is mór an trua é, ach tá vóta mór sa Spáinn don Spáinneachas docht úd arb í aontacht dhobhriste na Spáinne a phríomhluach", mar a dúirt ball de *Batasuna*, eite pholaitiúil an scarúnachais Bhascaigh, le Gaelscéal. "Maidir le ráiteas ETA, dar linne is é a laghad a locht."

Mar fhreagra ar neamhshuim Rialtas na Spáinne is ar stalcánacht ETA, tá clár gníomhaíochta idir an deireadh seachtaine seo agus deireadh na bliana beartaithe don Tír Bhascach ag an gClé *Abertzale*. Tosnóidh sé amárach, Dé Sathairn, le léirsiú mór i mBilbao atá á reáchtáil ag an eagraíocht Adierazi eh. Ceann de phríomhchuspóirí na heagraíochta seo ná an Clé *Abertzale* féin, atá mídhleathach anois faoi dhlí na Spáinne, a dhéanamh dleathach.

Mar chuid den fheachtas seo bunófar páirtí polaitiúil nua mí na Samhna seo chugainn a chuimseoidh na fórsaí uilig sa Tír Bhascach atá sásta saothrú go síochánta le Euskal Herria saor a bhaint amach. Táthar ag súil go mbeidh an páirtí seo, atá gan ainm fós, in ann a bheith páirteach sna toghcháin áitiúla agus Bhascacha i mBealtaine na bliana seo chugainn. Ach, mura bhfógróidh ETA sos cogaidh neamhtheoranta agus dobhriste, saol an fhata i mbéal muice a bheas ag an mian sin.

Ag an am céanna, tá feachtas an Chlé *Abertzale* á leathnú thar chríocha na Tíre Bascaí amach. Tá baill a bhfuil seasamh idirnáisiúnta acu á lorg ag an ngluaiseacht úd le bheith páirteach i gcoimisiún idirnáisiúnta, a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go mbeidh ETA sásta éirí go buan as an ngleic armtha. Ar shála an chinntithe seo, d'fhógródh ETA go foirmeálta go bhfuil cúl buan tugtha aige dá chuid gníomhaíochtaí míleata. Ghabh *Batasuna* comhghairdeas Dé Domhnaigh seo caite le ETA as sos cogaidh a fhógairt, ach meabhraítear gur comhghairdeas coinníollach a bhí ann. Thug sé le fios go gcaithfeadh ETA sos buan cogaidh a fhógairt le go mbeadh a sheasamh lán-inghlactha ag *Batasuna* agus sochreidthe i súile phobal na Tíre Bascaí.

Leis an gcéim seo, maille leis an gcomhoibriú idirnáisiúnta seo a bhfuiltear ag súil leis, síleann an Clé *Abertzale* go gcuirfear go mór le gradam phróiséas síochána na mBascach taobh amuigh den Spáinn. Chuirfí brú idirnáisiúnta ar Rialtas na Spáinne, dá réir, le cainteanna dáiríre le hETA a thionscnamh, dar leo. Ba d'aon uaim le haird idirnáisiúnta a tharraingt ar an gceist Bhascach a roghnaíodh an BBC mar mheán le sos cogaidh ETA a fhógairt.

Ní inné ná inniu a thosaigh an Clé *Abertzale* an feachtas idirnáisiúnta seo. Mí an Mhárta seo caite sa mBruiséil, d'fhógair sé go bhfuil sos cogaidh a bheas buan agus so-chinntithe á lorg aige. Sheas ceathrar duaisbhuaiteoirí Nobel, an tArdeaspag Desmond Tutu, William de Klerk, iar-Uachtarán na hAfraice Theas, John Hume, agus iar-Uachtarán na hÉireann, Mary Robinson, agus cúigear déag eile a raibh baint acu leis na cainteanna síochána san Afraic Theas agus i dTuaisceart Éireann, maille le Fondúireacht Nelson Mandela, leis an éileamh úd. Rinne an Clé *Abertzale* athnuachan ar an éileamh céanna Dé Domhnaigh seo caite.

Is léir go bhfuil an cur chuige atá molta sa gcáipéis a chuir an Clé *Abertzale* i láthair ag an ócáid chéanna sa mBruiséil bunaithe ar phróiseas síochána Thuaisceart Éireann. Ní nach ionadh nuair a thuigtear go mbíonn *Batasuna* á chomhairliú ag




**Lucht agóide i mbun léirsithe ar son stadás dlíthiúil do Batasuna.**

Gerry Adams agus baill eile de chuid Shinn Féin.

Ní ar ETA amháin atá éilimh á ndéanamh sa gcáipéis úd. Iarrtar ar Rialtas na Spáinne deireadh a chur le Dlí na bPáirtithe (a dhícháilíonn *Batasuna* ó bheith páirteach i dtoghcháin), na cimí de chuid ETA atá go dona tinn a scaoileadh saor agus na cimí atá scaipthe óna chéile i bpríosúin ar fud na Spáinne a lonnú i bpríosúin níos cóngaraí dá muintir.

Chuir Brian Currin cáipéis an Chlé *Abertzale* i láthair sa mBruiséil. Ceangal eile le hÉirinn atá sa dlíodóir seo ón Afraic Theas. Ghlac sé páirt sna cainteanna síochána san Afraic Theas agus i dTuaisceart Éireann araon. Bhíodh sé ina uachtarán tráth ar an gcoimisiún a bhí i mbun na socruithe trínar scaoileadh príosúnaigh pholaitiúla Thuaisceart Éireann saor ón ngéibheann. Tá sé ina chomhairleoir anois ag an gClé *Abertzale*. An tUasal Currin a mhol idirnáisiúnú chúis na scarúnaithe Bascacha agus beidh a thaithí leathan siúd tábhachtach dóibh agus cúnamh idirnáisiúnta á lorg acu.

Ach céard a shíleann ETA, gona bhancheannaire nua, Iratxe Sorzabal, faoi éileamh seo a chomhscarúnaithe go gcuirfí sos cogaidh a bheas neamhtheoranta agus dobhriste i bhfeidhm, go ngéillfí do phrionsabail Mitchell agus dí-armáil iomlán a chur i gcrích agus cúiteamh a dhéanamh leo siúd uilig a bhí thíos le foréigean ETA, mar chéad chéim ar an bhóthar an athmuintearais sa Tír Bhascach?

Deir foinsí a bhaineann leis an gClé *Abertzale* le Gaelscéal go bhfuil siad geall le bheith cinnte go nglacfaidh ETA lena gcomhairle, is go dtiocfaidh freagra ón eagraíocht armtha roimh dheireadh na bliana a bhainfidh an gunna go buan de pholaitíocht na Tíre Bascaí. Fós féin, bíodh is go n-eiseoidh ETA ráiteas ar an 27ú lá den mhí seo, nuair a chomórfar an Gudari Eguna (Lá an tSaighdiúra Bhascaigh), táthar beagnach cinnte nach bhfógrófar an casadh nua sa scéal a bhfuiltear ag tnúth leis an tráth úd. Tuige an mhoill seo?

A bhuíochas le brú leanúnach fhórsaí slándála na Spáinne is na Fraince ar ETA faoi láthair, tógann sé tamall ar an eagraíocht cinntí a ghlacadh.

Meabhraítear gur gheall ETA mí Aibreáin seo caite go dtabharfadh sé freagra ar éilimh cháipéis na Bruiséile. Ach d'imigh cúig mhí thairis sula ndearna sé amhlaidh.

Idir an dá linn, tá mífhoighid an Chlé *Abertzale* le hETA ag dul i méid. Mura ndéanfaidh ETA an cinneadh cuí gan mórán achair, is cinnte go dtiocfaidh leá sneachta na haon oíche ar cibé tacaíocht atá fágtha ag an eagraíocht armtha seo sa Tír Bhascach. Níl amhras ann ach go bhfágann an tuiscint seo lorg nach beag ar dhíospóireacht inmheánach na heagraíochta.

Foras na Gaeilge

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

An tSamhail Nua Mhaoinithe

Is mian le Foras na Gaeilge aighneachtaí a lorg ar an tSamhail Nua Mhaoinithe atá ullmhaithe ag an eagraíocht. Cuimseoidh aighneachtaí réimse na scéimeanna; spriocanna agus torthaí; buiséad; measúnú agus monatóireacht.

Is féidir cóip den tSamhail a íoslódáil ó:
**http://www.forasnagaeilge.ie/dynamic/publications/SamhailNuaMhaoinithe.pdf**

Iarrtar ort leagan leictreonach amháin den aighneacht a chur isteach más féidir chuig: **eolas@forasnagaeilge.ie** (nó sa phost ag an seoladh thíosluaite).

Spriocdháta le haghaidh aighneachtaí: **30 Meán Fómhair 2010**.

TUILLEADH EOLAIS & AIGHNEACHTAÍ

*Samhail Nua Mhaoinithe*
Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.

**eolas@forasnagaeilge.ie**

# Tíortha gan stiúir

**Alex Hijmans**

TÁ dhá thír i gcroílár na hEorpa gan stiúir le breis is trí mhí anuas. Bhí olltoghcháin san Ísiltír agus sa Bheilg ag tús an Mheithimh, ach tá ag teipeadh ar pholaiteoirí i gceachtar den dá thír comhrialtas a chur le chéile. Sa dá chás, tá baint mhór ag an náisiúnachas leis an scéal.

Sa Bheilg, áit a raibh bua mór ag N-VA, páirtí náisiúnach de chuid na Pléamainne (an leath ó thuaidh den tír ina bhfuil 60% den daonra ina gcónaí agus ina labhraítear Ísiltíris), is iad na leasaithe a theastaíonn ó N-VA a dhéanamh ar státstruchtúr na Beilge an chnámh spairne. Teastaíonn tuilleadh neamhspleáchais do na réigiúin ón bpáirtí seo - mar idirchéim i dtreo neamhspleáchais iomlán don Phléamainn.



Go traidisiúnta, is iad lucht labhartha na Fraincise - a chónaíonn sa Vallúin, an leath ó dheas den tír, agus sa Bhruiséal - is mó atá i gcoinne 'briseadh na Beilge'.

Ach an tseachtain seo, den chéad uair riamh, dúirt polaiteoirí de chuid na Vallúine gur cheart don réigiún a thodhchaí a thógáil ina lámha féin agus gan fanacht ar an bPléamainn an Vallúin a fhágáil ar an trá fholamh. Is céimeanna iad seo nach dtógfar go héasca, agus ar an ábhar sin is dóichí ná a mhalairt go n-éireoidh leis an dá thaobh teacht ar chomhréiteach - agus comhrialtas - uair amháin eile.

Ach san fhadtréimhse, níl ach ceist amháin ann: cé a fhógróidh colscaradh ar cé?

San Ísiltír, cúrsaí inimirce atá ina mórchúis leis na deacrachtaí atá ag polaiteoirí comhrialtas a chur le chéile. Fuair an Páirtí don tSaoirse (PVV), atá faoi stiúir an pholaiteora fhrithIoslamaigh Geert Wilders, sciar mór de na vótaí in olltoghchán mhí an Mheithimh. Ach tá drogall ar gach uile pháirtí eile, seachas ceann amháin - an mórpháirtí liobrálach VVD - dul i mbun comhrialtais leo.

Chruthaigh muintir na hÍsiltíre fadhb mhór sna bothanna vótála: níl ach oiread na fríde de shuíocháin idir na ceithre pháirtí is mó agus anuas air sin bhain dhá nó trí cinn de pháirtithe beaga líon suntasach suíochán amach. Theip ar iarracht a rinneadh chun comhrialtas de chuid na heite clé a chur le chéile go luath tar éis an toghcháin; an tseachtain seo caite theip ar iarrachtaí ceann de chuid na heite deise a chur i gcumhacht.

An tseachtain seo, tá polaiteoirí na tíre ar ais ag an túsphointe agus idirghabhálaí nua - an tríú ceann ó bhí mí an Mheithimh ann - ceaptha ag an mbanríon Beatrix. Labhróidh an t-idirghabhálaí seo le ceannairí na bpáirtithe ar fad, beag agus mór, féachaint an bhfuil féidearthacht chomhrialtais ar bith fágtha.

# Dó an Chóráin

**Treasa Bhreathnach**

CHÁIN Rúnaí Ginearálta na Léige Domhanda Moslamaí plean an tréadaí Terry Jones chun cóipeanna den Chórán a dhó ar an 11ú Meán Fómhair. Spreag an rúnaí ginearálta, an Dr Abdullah al-Turki eagraíochtaí, ionaid, agus cumainn Ioslamacha i Meiriceá cibé gníomhaíocht atá ag teastáil a thógáil chun stop a chur leis an Chórán a dhó.

Tá sé ráite ag Uachtarán Mheiriceá Barack Obama dá leanfadh an tréadaí ar aghaidh lena phlean nach mbeadh ann ach 'recruitment bonanza' do al-Qaeda. Is tréadaí é Jones in Eaglais Phrotastúnach bheag in Gainsville, Florida, eaglais a bhíonn ag feachtasaíocht i gcoinne 'Ioslamachas radacach'. Cé go bhfuil ceannairí domhanda, chomh maith le ceannairí reiligiúnacha domhanda, ag labhairt amach i gcoinne an phlean tá sé ráite ag Jones "Faoi láthair ní cheapann muid gurb é seasamh síos an rud ceart le déanamh." Breathnaíonn Moslamaigh ar an Chórán mar fhocal Dé agus síleann siad gur cheart meas mór a léiriú dó. Má dhéantar aon damáiste dó nó mura dtaispeántar an t-ómós cuí dó is masla mór dóibh é.

# Barroso dearfach faoi thodhchaí an AE

**Meadhbh Ní Eadhra**

INA óráid faoi Staid an Aontais os comhair Pharlaimint na hEorpa, leag Uachtarán an Choimisiúin José Manuel Barroso a phleananna straitéiseacha don AE amach. Tá siad bunaithe ar an mbliain amach romhainn. Deir sé go bhfuil "teachtaireacht" aige do mhuintir na hEorpa, is é sin gur féidir linn muinín a bheith againn as an Aontas Eorpach, agus go ndéanfaidh an tAontas "gach a bhfuil ag teastáil chun do thodhchaí a chinntiú". Deir sé freisin go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta an AE le bliain anuas, agus go mbeidh an fás eacnamaíochta níos airde ná mar a bhí daoine ag súil leis. Chomh maith leis sin, níl ardú tagtha ar an dífhostaíocht, dar leis.

"Ach níl deireadh lenár saothar," ar seisean. "Ní mór dúinn luas a chur lenár gclár leasuithe."

Sa 12 mhí romhainn caithfidh an Coimisiún reachtaíocht nua a thabhairt isteach faoi rialúchán geilleagrach feabhsaithe san AE, scileanna post, aghaidh a thabhairt ar bhochtanas is ar eisiamh, rómhaorlathas a laghdú do mhionghnóthais agus bacainní trádála ar mhargadh aonair an AE a dhíchur.

## NUACHT BLÚIRÍNÍ

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

### Dealbh na Saoirse le dúnadh ar feadh bliana

TÁ Dealbh na Saoirse le dúnadh ar feadh bliana ó mhí Dheireadh Fómhair 2011 ar aghaidh, uair a bheidh uasghrádú slándála ag tarlú air. Ní bheidh turasóirí in ann cuairt a thabhairt ar an dealbh, atá mar cheann de na tarraingtí is mó i Nua-Eabhrac, ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag, ach beidh siad in ann cuairt a thabhairt ar an bpáirc a thimpeallaíonn an dealbh ar Oileán na Saoirse. Cosnóidh an togra seo $26 milliún agus beidh staighrí, ardaitheoirí agus slite éalaithe dódhíonacha a dtógáil ann. Téann os cionn cúigmilliún duine ar cuairt ag an dealbh gach bliain, le 20,000 turasóir in aghaidh an lae ag dul chomh fada leis i rith an tsamhraidh.




### Tuilleadh Stailceanna beartaithe sa Fhrainc

BHÍ OS cionn milliún duine amuigh ar shráideanna na Fraince an tseachtain seo agus iad i mbun agóide faoi na hathruithe ar an aois phinsin atá beartaithe sa tír. Tá an tUachtarán Nicolas Sarkozy ag iarraidh an aois a ardú ó 60 go 62 agus deir sé go mbeidh an rialtas ag dul ar aghaidh leis an bplean seo in ainneoin na n-agóidí ar fad. Deir lucht na gceardchumann sa Fhrainc gur éirigh go hiontach leis an stailc. Bhí ar scoileanna dúnadh agus bhí fadhbanna tráchta ar fud na tíre mar gheall air.



# 680 príosúnach i ndiaidh éalú sa Nigéir

D'ÉALAIGH 680 príosúnach ó phríosún i dTuaisceart na Nigéire an tseachtain seo i ndiaidh gur scaoileadh urchair air. Maraíodh póilín amháin agus gortaíodh beirt san ionsaí. De bharr na n-ionsaithe, saoradh 721 príosúnach, ach d'éirigh leis na póilíní cuid acu seo a thabhairt ar ais chun an phríosúin agus tá siad ag lorg an chuid eile faoi láthair. D'ionsaigh thart ar 200 duine an príosún, agus ceaptar gur baill den tseict Ioslamach Boko Haram a bhí iontu.



### Cóisir dá leabhar nua curtha ar ceal ag Tony Blair




CHUIR iarPhríomh-aire na Breataine, Tony Blair, cóisir dá leabhar nua ar ceal i Londain Dé Céadaoin mar gheall ar agóidí a bhí beartaithe. Seoladh leabhar úr Tony Blair, *The Journey*, in Easons i mBaile Átha Cliath an deireadh seachtaine seo caite agus bhí roinnt trioblóide ann dá bharr. Maidir leis an seoladh leabhair a bhí beartaithe i Londain, ba é sin an dara ceann a cuireadh ar ceal i Londain an tseachtain seo. Deirtear go mbeidh an chóisir ar siúl am éigin eile ach ní fios cathain go fóill.

# 18 fear óg dúnmharaithe i Hondúras

MARAÍODH ocht nduine dhéag agus gortaíodh ochtar i Hondúras an tseachtain seo i ndiaidh gur scaoileadh urchair ar mhonarcha bheag bhróga ann. Fuair cúig dhuine dhéag bás láithreach. Deir na péas nach bhfuil siad ar an eolas faoin gcúis taobh thiar den ionsaí ach seans go bhfuil sé bainteach le drong (gang) ar leith. Bhí na daoine a maraíodh idir 17 agus 24 bliain d'aois agus fir a bhí iontu go léir. Tá ceann de na rátaí dúnmharaithe is airde ar domhan i Hondúras, le dáréag á marú ann gach uile lá.



# Gaeil óga ag teagasc na Gaeilge i SAM

## Scoláireachtaí Fulbright ag cur an Ghaeilge chun tosaigh thall i Meiriceá agus sna Gaeltachtaí mar aon

**Seán Ó Curraighín, i Minnesota, SAM**


University of St. Thomas, Minnesota, Stáit Aontaithe Meiriceá

BHAIN Ronan Mc Govern as Léim an Bhrádáin i gCill Dara an ardteistiméireacht is airde sa tír amach i 2006 agus 900 pointe lena ainm. Chinn sé gan dul i dtreo an leighis nó an dlí, ach ábhar níos giorra dá chroí a roghnú, gnáthchúrsa innealtóireachta in UCD.

Ceithre bhliain níos moille, tá an fear óg seo ag tabhairt faoi PHD Innealtóireachta ar luach €300,000 in MIT i mBostún, Massachusetts, ar scoláireacht Fulbright.

Is ceann de 23 Éireannach é Ronan atá imithe go dtí na Stáit Aontaithe ar scoláireacht Fulbright i mbliana lena chuid oideachais a fhorbairt. Tá scoláirí Gaelacha eile ag dul sa treo céanna i réimsí na heolaíochta agus na healaíona in Ollscoileanna ar nós; Princeton, Yale, Notre Dame agus Duke.

Deir Una Halligan, Cathaoirleach Choimisiún Fulbright in Éirinn go bhfuil.. "na Stáit Aontaithe go fóill ar an phríomhcheann scríbe i gcomhair staidéar eolaíochta agus taighde. Tugtar deis comhoibriú le cuid de na haigní is fearr ar domhan," dar léi.

Bhunaigh J. William Fulbright, Seanadóir (frith Cogaidh) Meiriceánach clár oideachais Fulbright tar éis an dara cogadh Domhanda i 1946. Bá é sprioc an Seanadóra ná... "comhthuiscint a mhéadú idir saoránaigh eile na cruinne trí mhalartú oideachais agus cultúir." Faoi láthair na huaire, tá an clár ag feidhmiú i mbreis is 155 tíortha ar fud na cruinne. Bronntar timpeall 7,000 scoláireacht go bliantúil, ina measc, iar-scoláirí ar nós Bill Clinton agus Mary Robinson.

Bunaíodh clár Fulbright in Éirinn i 1957. Ó shin i leith, tá staidéar déanta ag breis is 1,600 Éireannach sna Stáit Aontaithe agus tá breis is 600 scoláirí Meiriceánacha tagtha go hÉirinn ar scoláireachtaí Fulbright. Cuirtear scoláireachtaí ar fáil do shaoránaigh sna hEalaíona, san innealtóireacht, i gcúrsaí teicneolaíochta, agus ar chúrsaí leighis. Tá an Ghaeilge tagtha faoi chois an Choimisiúin le roinnt blianta anuas.

Tá seisear céimí óg imithe go dtí na Stáit Aontaithe i mbliana ag teagasc na Gaeilge in Ollscoileanna agus i gColáistí tríú leibhéal. I 2006, bhunaigh Fulbright scoláireachtaí teagaisc i dtaca leis an Roinn Gnóthaí, Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta.

Téann seisear soir chun na Stáit Aontaithe ar bhonn bliantúil ag múineadh na Gaeilge.

Tá beagnach 40 institiúid Oideachais sna Stáit Aontaithe ag cur cúrsaí Gaeilge ar fáil faoi láthair na huaire, dar le Coimisiún Fulbright in Éirinn.

Tá Ollscoil Naomh Tomáis i Minnesota páirteach sa scéim Cúntóir Teanga ó bunaíodh é i 2006. Deir Fionntán Ó Mórdha Ollamh le Gaeilge san Ollscoil, gurb iad na gnéithe is suntasaí don chlár ná go gcuirtear deis foghlamtha na Gaeilge ar fáil dá gcuid mac léinn taobh amuigh de na ranganna traidisiúnta.

"Bíonn na mic léinn ag teacht le chéile i rith na seachtaine chun an méid Gaeilge atá foghlamtha acu a úsáid i gcomhthéacs nádúrtha. Bíonn FLTA'anna a bhfuil ardchaighdeán oideachais bainte amach acu agus a bhfuil a gcroí istigh acu i gcultúr na Gaeilge ag feidhmiú ar champas na hollscoile mar ambasadóirí don teanga," arsa an tUasal Ó Mórdha.

Bhunaigh Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada scoláireachtaí cosúil leis seo i dtaca le Roinn na Gaeltachta. Cuireann siad sé scoláireacht ar fáil ó Éirinn go Ceanada i gcomhair múineadh na Gaeilge ina gcuid Ollscoileanna gach bliain.

Tá an cleachtadh seo ag tarraingt mac léinn Meiriceánacha i dtreo na Gaeltachta gach Samhradh. Deir Ryan O'Shaughnessy Mac léinn Ollscoile Meiriceánach a chuaigh go Chonamara le linn an tsamhraidh gur.. "fhreastal leath a rang Gaeilge ó Ollscoil Naomh Tomáis ar chúrsa Gaeilge ar an gCeathrú Rua an mhí seo caite."

Tá an Rialtas ag cur lena gcaiteachas Gaeilge in Institiúidí Oideachas tríú leibhéal go domhanda. In 2009 chuir siad maoiniú ar fáil do theagasc na Gaeilge i 40 Institiúid tríú leibhéal ar fud na cruinne ar luach €770,000.

# Ag spreagadh daltaí meánscoile i leith na Gaeilge

**Meadhbh Ní Eadhra**

BEIDH an seimineár "Buntáiste Breise na Gaeilge" á reáchtáil ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in ionaid éagsúla timpeall na tíre sa chéad tréimhse den scoilbhliain úr.

Sa chéad tréimhse den scoilbhliain úr, beifear ag díriú ar ionaid i mBéal Feirste, i Leitir Ceanainn, i mBaile Átha Cliath agus i dTulach Mhór.

Tá na seimineáir seo dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile sna ranganna sinsearacha i scoileanna ar fud na tíre.

Le linn na seimineár pléifear na buntáistí breise a thugann an Ghaeilge duit agus tú ag dul i mbun do ghairme beatha. Bíonn cur i láthair na n-aoichainteoirí spreagúil, spleodrach, agus téann taithí na gcainteoirí i bhfeidhm ar an lucht éisteachta, agus iad ag roghnú a ngairmeacha beatha féin amach anseo. Mar chuid den seimineár cuirtear fáilte roimh cheisteanna ó na daltaí agus tugtar cuireadh do dhaltaí páirt a ghlacadh sa díospóireacht tar éis do na haoichainteoirí labhairt.

Bíonn ionadaithe ó institiúidí tríú leibhéal i láthair freisin le seastán eolais, chun eolas a thabhairt do na daltaí scoile faoi na deiseanna oideachais atá ann dóibh trí mheán na Gaeilge.

Más spéis le do scoil páirt a ghlacadh sa seimineár, déan teagmháil go luath le Brígid Ní Ghríofa, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, 01 679 4780.

# Giorruithe Geallta ar Chaiteachas Cultúrtha

**Anton Mac Cába**

NÍ fios ag an bhomaite na himpleachtaí don Ghaeilge sa chiorrú 17.2% atá le déanamh ar chaiteachas na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ó thuaidh idir seo agus 2015. Beidh sé mí sula mbeidh sin soiléir.

Dé Máirt bhí cruinniú idir Pobal, scáth-eagras na n-eagraíochtaí Gaeilge, agus an Chomhairle Ealaíon. Dúirt Janet Muller ó Pobal gur "thuig an Chomhairle chomh tábhachtach agus atá na healaíona Gaeilge." Tá cruinniú de sholáthraithe ealaíona Gaeilge le heagrú go luath, leis na ciorruithe a phlé.

Is é Nelson McCausland ón DUP an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, fear a bhaineann le heite dheis an pháirtí. Dúirt Barra Mac Giolla Duibh, cathaoirleach choiste na Roinne, nach raibh an Ghaeilge ar thosaíochtaí an Aire. "Ní ar leas na Gaeilge na ciorruithe," arsa Mac Giolla Duibh.

Is cinnte gur ciorruithe doimhne atá beartaithe, do gach earnáil. Dúirt Drew McFarlane ó Equity, ceardchumann na n-aisteoirí, go ndéanfadh siad 'scrios' ar na healaíona. Mhol sé Alex Salmond, Céad Aire na hAlban, a gheall nach gciorróidh rialtas s'aige an caiteachas ar na healaíona.

Greim na Sainte
Dráma Grinn Úrscríofa
le Proinsias Ó Cuilinn
á léiriú ag
Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill
ag Club na Múinteoirí,
36 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath
Satharn 18 Meán Fómhair Tosnú: 7.30pm

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Camas, Co. na Gaillimhe.
091 574146 eolas@drama-gaeilge.com
www.drama-gaeilge.com

Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meán Fómhair, 2010

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## €1m caite ar obair athchóirithe i Scoil Chuimsitheach Chiaráin

**Treasa Bhreathnach**

TÁ os cionn milliún euro caite ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin sa Cheathrú Rua i gCo. na Gaillimhe ar obair athchóirithe le bliain anuas. Is faoi scéimeanna áirithe faoin Roinn Oideachas agus Scileanna a maoiníodh an obair athchóirithe agus deir príomhoide na scoile, Máire de Bhaldraithe, "táimid fíorbhródúil as an obair athchóirithe, rud a bhí ag teastáil go géar uaidh an scoil."

Tá idir fhuinneoga nua, dhoirse, leithris, sheomraí feistis agus bhrait urláir nua sna seomraí ranga, sa seomra ealaíne agus sa seomra grafaic theicniúil agus iad ar fad leagtha amach go maith don 312 dalta atá sa scoil i mbliana. Is le linn an tsamhraidh den chuid is mó a bhí an obair atógála ar bun agus níor críochnaíodh é go dtí díreach roimh thús na scoilbhliana nua.

"Den chéad uair riamh" a deir Máire de Bhaldraithe, "beidh deis ag an 30 múinteoir sa scoil níos mó fuinnimh a dhíriú ar ranganna eile taobh amuigh den Ardteist," ós rud é nach mbeidh rang Ardteiste ag feidhmiú sa scoil i mbliana."

Tar éis plé agus díospóireacht scór bliain, rinne Scoil Chuimsitheach Chiaráin cinneadh an Idirbhliain éigeantach a thabhairt isteach sa scoil dhá bhliain ó shin. I mbliana beidh an chéad rang Idirbhliain s'acu ag tosú an chéad bhliain den chúrsa dhá bhliain den Ardteist, rud a fhágann nach bhfuil aon rang ag bogadh isteach i rang na hArdteiste i mbliana.

Síleann Máire, "tá leas buntáistí i gceist leis an Idirbhliain chun spás níos mó a thabhairt do dhaltaí idir na scrúduithe stáit agus chun deis forbartha taobh amuigh den seomra ranga a thabhairt dóibh.

Tá buntáistí faoi leith ag baint leis an gclár náisiúnta seo agus cé nach bhfuil an tuarascáil faighte againn go fóill ar an gcigireacht a dhéanamh ar an gcéad bhliain den Idirbhliain dúirt an cigire linn gur 'léir go bhfuil tionchar mór ag an idirbhliain ar na daltaí'. Ach, ar ndóigh aireoidh muid uainn na daltaí níos sine i mbliana."

## CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

### Scéalta Chonamara

## Seoda na nOileán

**Treasa Bhreathnach**

TÁ dlúthdhiosca nua á sheoladh anocht de chuid Marcus Hernon agus Johnny Connolly i dTí Mheaic i gCarna ar a 9in. Tá oíche mhór cheoil, amhráin agus damhsa á eagrú ag Coiste Fhéile Comórtha Joe Éinniú chun ceiliúradh a dhéanamh ar an dlúthdhiosca nua 'Seoda na nOileán'.

Is as Ruisín na Manach i gCarna don fliúiteadóir Marcus ó dhúchas agus is ina theach féin a rinneadh an taifead ar an gceol ar fad ar an dlúthdhiosca.

Is as Inis Bearacháin é Johnny Connolly ó dhúchas agus tá cáil nach beag ar an mbeirt ceoltóir clúiteach seo. Tá ceoltóirí eile le cloisteáil ar an dlúthdhiosca, Tim Edey ar an ngiotár agus Brian McGrath ar an bpianó.

Is í an ceoltóir Neansaí Ní Choisdealbha a bheidh mar aoi-chainteoir ar an oíche cheiliúrtha agus beidh aíonna speisialta Proinséas, Breandán agus Labhrás Ó hIarnáin i láthair chomh maith le ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí áitiúla eile. Tá fáilte roimh chách.

## Oíche na nDeich Seol

MÁS ag iarraidh a bheith sáite san ealaín atá tú, ar thalamh agus ar an fharraige, téigh chuig Cé Ghlais na nUan i gCeantar na nOileán anocht ag 7.30in. Oíche na nDeich Seol a thugtar ar an mórócáid ealaíne seo agus ar sheoltaí na mbád áitiúla beidh beochan atá cruthaithe ag páistí áitiúla.

Beifear le feiceáil ar scáileáin deartha go speisialta don ócáid agus é suite ar an chlé chomh maith. Beidh an ché féin lasta ag tóirsí agus beidh neart seastáin spraoi, puipéid scáile agus ceardlanna criadóireachta ar siúl chomh maith le neart eile. Is ócáid í seo atá saor in aisce do phobal Chonamara agus léireofar stair, cultúr agus oidhreacht Cheantar na nOileán ann. Is í an t-ealaíontóir Ceara Conway a rinne an tionscnamh seo a stiúradh agus a dhearadh faoi scéim phíolótach Céatadán don Ealaín Údarás na Gaeltachta, a thugann deis d'ealaíontóirí saothar nua a chruthú, saothar buan nó sealadach. Tá nasc idir an scéim seo agus an infheistíocht atá déanta ag an Údarás in Ionad Seirbhísí na nOileán i dTír an Fia agus bhí tacaíocht ó fhoireann Mhuintearas don scéim.

D'oibrigh ceathrar ealaíontóir ar an togra, Ceara Conway, Peter Casby, Tommy Casby agus Sharon Lynch leis na páistí áitiúla i rith an tSamhraidh. Bhí nasc cruthuithe idir páistí an cheantair agus bádóirí an cheantair agus tugadh deis do na páistí trí na scéime scileanna nua a fhoghlaim agus a gcuid samhlaíochta agus cruthaíochta a úsáid.

## Féile Baboró

**Treasa Bhreathnach**

SEOLADH an 14ú Féile Baboró an tseachtain seo i nGaillimh a bheidh á reáchtáil ón 11ú-17ú Deireadh Fómhair. Deir stiúrthóir na féile Lali Morris agus í ag cur síos ar fhéile na bliana seo go mbeidh sé "álainn, ainspianta, simplí agus áthasach." Beidh deis ag daoine óga agus clainne scéalta seanaitheanta a fheiceáil i mbliana idir *The Very Hungry Caterpillar*, *Jack (and the Beanstalk)*, *The Gingerbread Man*, *Gugalaí Gug! - Beo* agus *The Secret Garden* a fheiceáil beo ar stáitse. Cé go bhfuil clár láidir idirnáisiúnta acu beidh neart ar an gclár ó chompántas Éireannaigh le *Ciotóg*, *Futa Fata*, *Miriam Lambert Puppeteer*, *Barnstorm Theatre*, *Moonfish Theatre*, *Róisín Beag Silent Disco*, *Macnas*, *Spud* and *Yam*. Ní ar an stáitse amháin a bheidh an tsiamsaíocht ar fáil do lucht freastail an fhéile, beidh taispeántas ealaíonta, seónna damhsa, scéalaíocht, amhránaíocht agus puipéadóireacht. Cuid de bhuaicphointí an clár idirnáisiúnta ná *The Very Hungry Caterpillar and other Favourites* by Eric Carle, seó puipéadóireacht ó chompántas *'Mermaid Theatre'* ó na hAlban Nua. Beidh an seó *Echoa* leis an gcompántas *'Arcosm'* ar siúl chomh maith ina mbeidh grúpa damhsóirí agus drumadóirí ar stáitse chun léiriú spleodrach spraíúil a chur os bhur gcomhair.




Reáchtálfar mór-ócáid ealaín phoiblí dar teideal ***Oíche na nDeich Seol*** Dé hAoine seo chugainn, 10 Meán Fómhair 2010 ag Céibh Ghlais na nUan, Ceantar na nOileán, Conamara ag tosú ag an 7.30in. Tá an ócáid seo saor in aisce don phobal go léir.

Mar chuid den imeacht cuirfear beochana atá cruthaithe ag páistí áitiúla ar teilg ar sheoltaí báid a bheidh ar ancaire sa chuan agus ar scáileáin atá deartha go speisialta don ócáid agus suite ar an ché. Beidh an láthair timpeall na céibhe lasta ag lóchrainn, agus beidh seastáin spraoi, puipéid scáile agus ceardlanna criadóireachta chomh maith le go leor eile ar fáil. Léireofar an taispeántas iomlán i gcomhthéacs stair, cultúr agus oidhreacht Cheantar na nOileán. Leanfaidh sé ar aghaidh go dtí timpeall 10i.n.

Tá an ócáid seo maoinithe faoi scéim phíolótach ***Céatadán don Ealaín Údarás na Gaeltachta*** le tacaíocht ó Chomhairle Contae na Gaillimhe.

**Má tá eolas breise uait, déan teagmháil le Muireann Ní Dhroighneáin ag m.nidhroighneain@udaras.ie nó 091 503100.**



Muintir Chonamara ag baint sult as Electric Picnic ag an deireadh seachtaine!

Caithigí súil ar www.baboro.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi imeachtaí na féile agus chun ticéid a chur in áirithe.

## Scéalta Mhaigh Eo

Le Piaras Ó Raghallaigh

## Tús maith leath na hoibre - Cowley cinnte don Olltoghchán

ROGHNAÍODH an t-iar-Theachta Dála neamhspleách Jerry Cowley mar iarrthóir an Lucht Oibre ag coinbhinsiún an pháirtí an tseachtain seo i Maigh Eo. Dúirt an Dochtúir Cowley go raibh anbhród air agus go raibh sé ag tnúth go mór leis an dúshlán nua.

D'éirigh le Cowley suíochán a bhaint amach san Olltoghchán in 2002 i Maigh Eo áit a bhfuair sé 8,709 vóta chéad rogha. San olltoghchán deireanach in 2007 níor éirigh leis an Dochtúir Cowley ach 3,407 vóta chéad rogha a fháil agus chaill sé a shuíochán.

## Suim ag Seachtar i bPost Mhaigh Eo

TÁ seachtar san iomaíocht do phost bhainisteoir peile Mhaigh Eo. Ina measc tá beirt ainmniúchán nua, iarbhainisteoir an Chabháin, Ros Comáin agus Bhaile Átha Cliath Tommy Carr agus iar-bhainisteoir Uíbh Fhailí agus Bhaile Átha Cliath Tommy Lyons. Tá ceangal ag Lyons le Maigh Eo mar gur as Cluain Cearbhán a mhuintir agus tagann sé ar saoire ansin go rialta. Tá coicís ag an seachtar anois plean a chur os comhair an choiste roghnúcháin ar a bhfuil James Waldron, Cathaoirleach, Sean Feeney, Rúnaí Choiste Peile Mhaigh Eo agus JP Lambe, cisteoir an Choiste Contae.

## Gráinne Mhaol ag dul ó neart go neart

TÁ síniú ama curtha leis an seó aitheanta 'The Legend of Gráinne Mhaol' a bhíonn ar siúl i gCathair na Mart gach oíche Chéadaoin thar thréimhse an tsamhraidh.

Tá an-éileamh ar an seó agus anois beidh sé ar siúl ar feadh 3 seachtaine eile. I measc na n-aíonna atá sa seó tá Cora Smyth ón tSráid, Maigh Eo, James Kilbane ó Acaill agus Brian Ó Cuinneagáin as Conamara. Tá an seó bunaithe ar scéal Ghráinne Mhaol nó Grace O' Malley.

# LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## An Ghaeilge ag Éirí i Raghnallach

IS as Raghnallach a d'ardaigh an chéad fhear in Éirinn i mbalún te, agus de réir dealraimh, beidh an Ghaeilge ag ardú i Raghnallach i rith na Féile i mbliana. Is Féile phobail, faoi choimirce grúpa deonach (Ealaíona Raghnallach), í Féile Raghnallach, agus tá sí ar siúl anois le sé bliana anuas. Tá clár spreagúil na bliana seo ag tosú ar Oíche an Chultúir, Dé hAoine 24 Meán Fómhair, agus ag leanúint ar aghaidh go dtí an Domhnach 3 Deireadh Fómhair. I measc bhuaicphointí na Féile tá cluiche taispeántais snúcair idir Ken Doherty (fear áitiúil) agus Jimmy White; John Banville i gcomhrá le Vincent Woods; 'One Hell of a Hoedown' le Jim Rooney and his Irregulars, ceolchoirm le Cantóirí Raghnallach, agus oíche siansaí ceoil leis na Casaidigh agus ceoltóirí áitiúla eile. Cúis áthais do Ghael Linn go mbeidh eisiúint nua den dlúthdhiosca Óró na Casaidigh á seoladh le linn na Féile. Amhráin Ghaeilge ó laethanta a n-óige atá ar an albam agus is cinnte go mbeidh an-tóir air. Baineann na Casaidigh go dlúth le ceantar Raghnallach agus is mór mar a chuireann siad leis an saol cultúrtha ann. Is deas go mbeidh deis ag daoine freastal ar cheolchoirm dá gcuid i Scoil Bhríde ar an 24 Meán Fómhair. Dar le Maureen Rowan, Comhordaitheoir Gaeilge d'Ealaíona Raghnallach, "Bíonn imeachtaí trí Ghaeilge tábhachtach san Fhéile i gcónaí, ach, i mbliana, tá béim bhreise ar labhairt na teanga mar chuid de shaol cultúrtha an tsráidbhaile. Beidh ár ngrúpa comhrá Cabairí Raghnallach ag lainseáil Frásleabhar Raghnallach ar an Satharn 25 Meán Fómhair. Is cuasach ildathach é seo de fhrásaí laethúla, leagtha amach i measc pictiúr de mhuintir Raghnallach i mbun a saoil sa sráidbhaile."

Tá onraí na féile ar fáil ar www.ranelagharts.org, agus ticéid ar fáil ar líne.

## Lárionad Tionóil sainiúil oscailte i mBÁC

Meadhbh Ní Eadhra



D'oscail an Taoiseach Brian Cowen Lárionad Tionóil Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo, fiche bliain i ndiaidh don smaoineamh faoin ionad a bheith tugtha. Deir an Taoiseach go bhfuil an t-ionad seo ag cur tús le ré nua, agus é ag oscailt ar bhruach na Life é. Measann lucht gnó agus turasóireachta go gcuirfidh an t-ionad 120 milliún leis an eacnamaíocht áitiúil.

"Creidim go bhfuil muid ag tairiscint áiseanna proifisiúnta d'ardchaighdeán do thoscairí, i gcathair chairdiúil agus shóisialta," a deir an Taoiseach.

Aithnítear an Lárionad Tionóil seo, atá neodrach ó thaobh carbóin de, mar an t-aon ionad dá chineál ar domhan, agus is iad Treasury Holdings a d'fhorbair é. Tá aitriam gloine sainiúil ag an ionad le 475 pána gloine ar mhéideanna éagsúla, a líonann tús an ionaid, ag tabhairt radharcanna áille trasna na cathrach, na sléibhte agus an bhá. Tá spás san ionad do 8000 toscaire, agus tá 22 seomra cruinnithe ann, chomh maith le halla éisteachta le 2000 suíochán. Fostófar 250 duine ar an suíomh agus beidh os cionn 500 post páirtaimseartha ar fáil.

Deir Príomhfheidhmeannach an ionaid, Nick Waight, gur turas dochreidte a bhí sa 40 mí a caitheadh ag forbairt agus ag tógáil an ionaid.

## Lascaine ar ranganna Gaeilge Chonradh na Gaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

MÁS spéis leat an Ghaeilge a fhoghlaim nó snas a chur ar do chuid Gaeilge, is féidir clárú anois do ranganna oíche Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Cuirfear tús leo an tseachtain dár tús 28 Meán Fómhair 2010 agus tá praghas laghdaithe á chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe arís i mbliana.

Cuirtear cúrsaí Chonradh na Gaeilge in oiriúint do shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) agus beidh deis ag daoine scrúdú a dhéanamh chun an cháilíocht idirnáisiúnta seo a bhaint amach i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad, bunaithe ar na ranganna agus ar na himeachtaí teanga eile a chuirfear ar fáil i gcaitheamh an téarma.

Ní hamháin go bhfuil dualgais i leith na Gaeilge ag comhlachtaí poiblí in Éirinn agus san Aontas Eorpach, ach tá gnólachtaí príobháideacha idirnáisiúnta amhlaidh Microsoft, Samsung, Accenture agus fiú Facebook ag iarraidh buntáiste iomaíochta a thabhairt dóibh féin trí mheán na Gaeilge.

Beidh réimse cúrsaí á reáchtáil ag an gConradh le freastal ar gach leibhéal foghlaimeora sa phríomhchathair an fómhar seo, ó ghlantosaitheoirí go cainteoirí cumasacha araon. Beidh rogha naoi leibhéal ar fáil ar an iomlán.

Téarma deich seachtaine go tús mhí na Nollag atá i gceist le cúrsaí Chonradh na Gaeilge, le briseadh meántéarma ón 26 - 28 Deireadh Fómhair 2010, agus bíonn rang dhá uair a' chloig ar siúl idir 7.00 agus 9.00in, oíche in aghaidh na seachtaine Dé Máirt, Dé Céadaoin nó Déardaoin, ag brath ar an rang. Tá costas €200 ar gach cúrsa agus is féidir clárú ar líne ag www.cnag.ie nó glao a chur ar 014757401 chun áit a chur in áirithint. Tá praghas ar lascaine €180 ar fáil do dhaoine dífhostaithe, d'iarscoláirí, do mhic léinn, do dhaoine scothaosta ar phinsean agus d'aon duine a fhreastalaíonn ar an rang Gaeilge in aisce mar chuid den Oíche Chultúir i gCeannáras an Chonartha i mBaile Átha Cliath ó 7 go 9in, 24 Meán Fómhair 2010. Tá ranganna Gaeilge eile de chuid an Chonartha ar siúl i mBaile Locha Riach, i nGaillimh, in Inis, i Luimneach, i Maigh Eo agus in áiteanna eile ar fud na tíre freisin.

## Ranganna sa Rince Sean-Nóis i gCeatharlach

Meadhbh Ní Eadhra

REÁCHTÁLFAR cúrsa deich n-oíche sa rince sean-nóis i nGaelcholáiste Cheatharlach, Easca ar oícheanta Dé Máirt ó 7.30-8.30 in, le tosú ar an Máirt 28 Meán Fómhair. Tá costas €50 ar an gcúrsa agus is í Deirdre Tobin an teagascóir. Is féidir clárú don chúrsa sa Ghaelcholáiste ar an Luan agus ar an Máirt, 20 agus 21 Meán Fómhair idir 9.00 ar maidin agus 5.00 tráthnóna. Idir an dá linn tá gach eolas ag Glór Cheatharlach ar 0851340047 nó 087 2857048.

## Turas ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an grúpa siúlóide, Na Cnocadóirí, ag eagrú Turas treoraithe ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Tá fáilte roimh chách agus beidh sé ar siúl ar an 11 Meán Fómhair ag 10:30rn.

**An bhfuil scéilín agat?** Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

## MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

### Scéalta Mhúscraí

# Ardoíche cheiliúrtha d'fhear a' phoist Chúil Aodha

**Seán Ó Loingsigh**

BHAILIGH 300 duine in Óstán Ghobnatan i mBaile Bhúirne oíche Dé hAoine seo caite d'ócáid iontach cheiliúrtha a eagraíodh mar bhuíochas d'fhear an phoist Tadhg Eugie Ó Súilleabháin ó Chúil Aodha a chuaigh amach ar pinsean i dtús na bliana.

Bhí ócáid agus bronnadh oifigiúil faoi choimirce An Post cheana féin ach ba é seo an pobal féin ag cur a mbuíochais in iúl don bhfear a chaith 48 bliain ag seachadadh an phoist sa cheantar.

Bhí a chlann, gaolta, cairde agus a chomharsana i láthair, chomh maith le mórchuid custaiméirí, mar a thug fear an tí na hócáide Cathal Ó Riada orthu, ó 320 ceann de theaghlaigh agus ionaid éagsúla eile a bhí ar bhealach poist Thaidhg i gceantar Chúil Aodha, Bhaile Bhúirne agus Réidh na nDoirí.

Ba i 1962 a thosnaigh Tadhg ag obair mar fhear a' phoist i gCúil Aodha nuair a bhí sé 17 bliain d'aois, ag leanúint a athar Eugie Ó Súilleabháin a bhí tar éis 16 bliain a chaitheamh sa phost go dtí sin.

Rothar a bhí aige ar dtúis go dtí go bhfuair sé gluaisrothar Honda 50 agus gluaisteán ar a chostas fhéin níos déanaí, agus veain ar deireadh a chuir An Post ar fáil dó nuair a cuireadh cuid de Bhaile Bhúirne agus ceantar Réidh na nDoirí lena bhealach poist.

Ag labhairt dó ag an ócáid in Óstán Ghobnatan, thug an staraí áitiúil Dónal Ó hÉalaithe le fios gur úsáid Tadhg a tharracóir ón bhfeirm sa bhaile chun an post a sheachadadh ar feadh tréimhse trí seachtaine nuair a bhí sneachta trom ann in 1982, agus chuir sé síos ar stair na n-oifigí poist agus na bhfear poist sa cheantar, ag insint don slua mór go raibh ochtar fear poist tar éis a bheith i mbun seirbhíse i gCúil Aodha ó cuireadh oifig a' phoist ar bun ansan in 1885, agus gurb é Tadhg Eugie a chaith an tréimhse ab fhaide sa phost.

Ghlac an Súilleabhánach níos mó ná cúram oifigiúil an phoist chuige féin mar go dtugadh sé cúnamh do dhaoine dá mbeidís i gcruachás nuair a ghlaodh sé chucu, agus choimeádadh sé súil ar sheandaoine a bhí ina gcónaí ina n-aonar, fiú nuair nach mbíodh litir aige dóibh.

"Bhí sé fial flaithiúil lena chuid ama, duine go raibh muinín ag gach éinne as," a dúirt Dónal Ó hÉalaithe.

Bhíodh an nuacht áitiúil aige dá chustaiméirí chomh maith - "bhí sé níos fearr ná an páipéar," a dúirt bean amháin i ngearr-scannán a taispeánadh i rith na hoíche agus a bhí déanta ag an bhfear ceamara áitiúil de chuid Nuacht TG4 agus RTÉ, Séamus Ó Súilleabháin, a chaith lá lena ghaol Tadhg Eugie agus é ar a bhealach poist den uair dheireanach. Tráth Lae Coille a bhí ann agus bhí gach saghas bronntanais ó chriathar meala go buidéal den stuif bán á n-ofráil dó.

Tugadh bronntanas do Thadhg oíche Dé hAoine seo caite chomh maith. Thar ceann mhuintir na háite agus iad siúd a bhí ar a bhealach poist ach go háirithe, bhronn an t-iar-Theachta Dála áitiúil Dónal Ó Muimhneacháin clog gléasta i bpíosa snoíodóireacht adhmaid leis an gceardaí áitiúil Tony Brunnock ar Thadhg, agus bhronn an dalta scoile Lina Ní Shuibhne ó Scoil Náisiúnta Chúil Aodha bláthanna ar a bhean chéile Siobhán. Bhí cártaí poist speisialta don ócáid le grianghraf de Thadhg Eugie i veain an phoist á ndáileadh i measc an tslua ag ball eile den lucht eagraithe Diarmuid Ó Cuill, agus bhí an dara cúis cheiliúrtha ag Tadhg agus Siobhán mar go rabhadar 34 bliain pósta Dé Sathairn seo caite. Caithfidh gur thug sé a mbainis in Óstán Ghobnatan mar a bhí in 1976 chun a gcuimhne, an sagart a bhí i mbun an tsearmanais an lá úd i séipéal Chill na Martra i láthair anois mar shagart paróiste Bhaile Bhúirne, agus iad beirt ag dul amach ar an urlár don chéad rince arís, leis an gceol curtha ar fáil an babhta so ag buaiteoir Ghlór Tíre TG4, Pádraig Ó Súilleabháin. Ardoíche.



An fear nua poist Jack Ó Loingsigh agus iarfhear a'phoist Tadhg Eugie Ó Súilleabháin go raibh oíche cheiliúrtha dó in Óstán Ghobnatan i mBaile Bhúirne.( PIC: Ó LOINGSIGH)

# Ceiliúradh an Bhlascaoid

**Meadhbh Ní Eadhra**

TIONÓLFAR Ceiliúradh an Bhlascaoid in Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin i gContae Chiarraí ón 24-26 Meán Fómhair i mbliana. An téama atá ar an ócáid ná 'Cúrsaí Creidimh ar an mBlascaod'. Ian Malcolm a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil agus beidh neart aíonna i láthair cosúil le Pádraig Ó Héalaí, An tOllamh Irene Whelan, Breandán Ó Cíobháin, Seán Ó Duinn, Billy Mag Fhloinn agus Siobhán de Barra. Beidh siad ag tabhairt cainteanna agus léachtaí i rith an deireadh seachtaine. Ní hamháin go mbeidh gnéithe éagsúla de chreideamh an oileáin á bplé ag an ócáid, ach beidh creideamh an phobail i gCorca Dhuibhne agus go deimhin sa tír ar fad faoi chaibidil chomh maith. Déanfar tagairt ar leith don fheachtas athraithe creidimh a bhí ar bun in Iarthar Duibhneach díreach roimh an Ghorta Mór. Chomh maith leis na léachtaí beidh léirithe stáitse, siúlóid agus gnás idireaglasta ar siúl mar pháirt den cheiliúradh.

"Is mó ceacht atá le foghlaim ón gcreideamh faoi mar a chleacht pobail éagsúla é ag amanna éagsúla," dar le Frances Uí Chinnéide, Cisteoir Choiste Ceiliúrtha an Bhlascaoid. "Tá súil againn go mbeidh plé bríomhar i rith an deireadh seachtaine seo ar gach gné den chreideamh pearsanta agus den chreideamh pobail, agus go mbeidh ábhar suime ann do gach duine."

Beidh córas aistriúcháin chomhuainigh ó Ghaeilge go Béarla ar fáil i rith an deireadh seachtaine ar fad. Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun clárú don ócáid, is féidir dul i dteagmháil le Ceiliúradh an Bhlascaoid ag 0669156444.

Tá Ceiliúradh an Bhlascaoid á thionóil in Ionad an Bhlascaoid le cúig bliana déag anuas. Roimhe seo pléadh beatha agus saothar cuid de na scríbhneoirí, Muiris Ó Suilleabháin, Peig Sayers agus Tomás Ó Criomhthain ina measc, chomh maith le hábhair níos ginearálta mar Cheol na nOileán, An Imirce agus Oidhreacht Nádúrtha na nOileán.

# Ranganna Gaeilge i nGaeltacht Mhúscraí

BEIDH clárú ar bun i nGaeltacht Mhúscraí an tseachtain seo chugainn do ranganna Gaeilge atá le reachtáil i gCúil Aodha, Béal Átha 'n Ghaorthaidh agus i gCill na Martra.

Tá na ranganna Gaeilge á reachtáil ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí le trí bliana anuas do dhaoine gur mhaith leo an teanga d'fhoghlaim agus Teastas Eorpach na Gaeilge a bhaint amach.

Dhá théarma deich seachtaine atá i gceist ó seo go mí an Mhárta seo chugainn agus gan ach táille de €50 an téarma le híoc do ranganna ó bhun go meánleibhéal a bheidh á múineadh ag Eibhlín Ní Lionáird.

Beidh clárú ar bun san Ionad Óige i gCúil Aodha oíche Dé Luain seo chugainn ar a 7.30 agus cuirfear tús leis na ranganna ansin ar an 30 Meán Fómhair.

Tá na ranganna seo á reachtáil i gCill na Martra don chéad uair - beidh clárú ar bun in ionad Aire na nÓg de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael oíche Dé Máirt seo chugainn ar a 7.30 agus leanfaidh na ranganna ón tseachtain dár gcionn ar an 21 Meán Fómhair.

Is in Ionad Chuan Barra a reáchtálfar na ranganna i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh ón 22 Meán Fómhair agus beidh clárú chucu ar bun oíche Dé Céadaoin seo chugainn ar a 7.00. Tá breis eolais le fáil ó Choncubhar Ó Liatháin ag 026-65781.

# Oiliúnaí le ceapadh ag CLG i nGaeltacht Mhúscraí


TÁTHAR ag súil go mbeidh oiliúnaí á cheapadh ag an gCumann Lúthchleas Gael go luath chun scileanna peile, iománaíochta agus camógaíochta a mhúineadh do dhaltaí sna scoileanna go léir i nGaeltacht Mhúscraí.

Tá próiseas agallaimh ar bun faoi láthair maidir leis an bpost páirtaimseartha a fógraíodh le déanaí. Oiliúint 20 uair a'chloig in aghaidh na seachtaine a bheidh i gceist agus é le roinnt idir na scoileanna i gceantair na gcumann CLG i mBaile Bhúirne, Cill na Martra agus i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, i gcomhar le Coiste Chontae Chorcaí agus Comhairle na Mumhan de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael.

Tá oiliúnaí scileanna fostaithe faoi scáth Chomhairle na Mumhan i nGaeltacht Chorca Dhuibhne ó thús na bliana agus tá sé i gceist an scéim a chur i bhfeidhm i nGaeltacht na nDéise an bhliain seo chugainn. Tuigtear go mbeidh athbhreithniú á dhéanamh ar an scéim i ndeireadh na bliana seo agus is tréimhse ó Mheán Fómhair go mí na Nollag atá i gceist ar dtús le post an oiliúnaí i nGaeltacht Mhúscraí.

# ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

# Ardú 100% ar fhéinmharú i dTír Chonaill

**Eoin Mac Garvey**

TÁ ardú de 100% tagtha ar fhéinmharú i dTír Chonaill de réir figiúirí atá curtha ar fáil an tseachtain seo ag an Phríomh-Oifig Staidrimh.

In 2008 chuir deichniúr lámh ina mbás féin i dTír Chonaill ach le linn 2009 bhí an figiúr seo ag scór duine.

Bhí an ráta i dTír Chonaill faoi bhun an mheáin náisiúnta ar feadh roinnt blianta taobh amuigh de 2005 agus 2009, agus tá sé ráite go bhfuil seans ann gur de bharr cúrsaí eacnamaíochta, dí-fhostaíochta agus daoine i bhfiacha atá ardú tagtha ar na figiúirí.

In 2004 chur 14 lámh ina mbás féin i dTír Chonaill, agus tháinig ardú air sin go 17 sa bhliain 2005. Thit sé go 12 in 2007 agus go deichniúr in 2008. Bheireann an figiúr is deireanaí seo le fios go bhfuil ráta de 12.9 duine as 1,000 a chuir lámh ina mbás féin thar thréimhse sé bliana i gcomparáid le meán náisiúnta de 11.8.

Deir an tAthair James Sweeney, a bhíonn ag obair le seirbhís chomhairle i dTír Chonaill, go gcuireann na figiúirí seo imní air agus dúirt go bhfuil ardú tagtha chomh maith ar an méid daoine atá ag lorg comhairle le níos mó ná bliain anuas. Dúirt sé gur daoine a chaill a gcuid postanna agus a bhfuil fadhbanna airgid acu is mó atá faoi bhrú. "Tá brú iontach ar dhaoine faoi láthair faoi cén dóigh a mbeidh siad in ann na billí a íoc agus fá ghnáthrudaí laethúla. Blianta ó shin nuair a chaill duine post bheadh ceann eile le fáil. Níl sé mar sin níos mó," a dúirt sé.

Labhair 'Gaelscéal' le bean a chaill deartháir trí fhéinmharú deich mbliana ó shin agus dúirt sí go mbíonn an phian leat i gcónaí. Ní raibh comharthaí ar bith faoin deartháir agus tráthnóna amháin fuaireas marbh é i scioból ar chúl an tí.

"Cuireann sé isteach go mór ar an teaghlach mar go minic níl freagraí le fáil faoi cén fáth a ndearna an duine é seo. Is rud é a bheas leat i gcónaí, an phian, na ceisteanna gan freagra agus go leor eile " a dúirt sí.

## Béal Feirste Cois Cuain

# Imeachtaí na Cultúrlainne

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ go leor imeachtaí éagsúla ag tarlú sa Chultúrlann i mBéal Feirste faoi láthair, ina measc ranganna drámaíochta, ceolchoirmeacha, seisiúin cheoil agus tuilleadh. Amárach beidh Aisling Óg, Scoil Drámaíochta agus ealaín stáitse do Ghaeil óga, ar siúl ó mheán lae go dtí 1.30in. Chomh maith leis sin, beidh Na Bopóga ar siúl ó 12.30 go 1.30in. Beidh scéalta, amhráin agus damhsaí ann agus bainfidh páistí óga an-sult as Plúra-Lúra, Nóra Bheag agus a gcairde go léir. Bíonn ceol traidisiúnta beo sa chaifé gach Satharn ó 1 go 3in, agus fáilte roimh chách páirt a ghlacadh sna seisiúin. Ag a hocht a chlog oíche amárach beidh ceolchoirm ag Pigeon Top sa Chultúrlann. Ceathrar ceoltóirí cumasacha atá sa ghrúpa seo Pigeon Top: Shane McAleer, Darragh Murphy, Ryan O'Donnell agus Kevin Sweeney. Is meascán géarchúiseach de phoirt bhríomhara thraidisiúnta agus d'amhráin Cheol Tíre Mheiriceá agus na ngormacha a chasann Pigeon Top. Tá costas £8 ar thicéid. Beidh Rang Fraincise (7:30 - 9:00in) ar siúl Dé Máirt seo chugainn. Rang tosaigh comhrá le Marie-Claire, cainteoir dúchais, a bheidh i gceist. Chomh maith leis sin, tosóidh cúrsa sé seachtaine de ranganna machnaimh ar an Máirt ó 7.30 go 9in. Beidh rang amhránaíochta do pháistí ar siúl ar an Déardaoin 16ú Meán Fómhair óna 5 go 6in, le Doimnic Mac Giolla Bhríde, buaiteoir Chorn Uí Riada 2009. Is cinnte go mbeidh an-éileamh ar an rang seo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.culturlann.ie.

# Imeachtaí nua ag An Droichead

TOSÓIDH ranganna úra Gaeilge ag An Droichead i mBéal Feirste Dé Luain seo chugainn. Beidh ranganna á reáchtáil ón Luan go Máirt. Beidh ranganna Gaeilge GCSE ar siúl Dé Luain óna 6.30 go 9in, ar feadh 30 seachtain. Reáchtálfar ranganna ar leibhéal 3 gach Máirt óna 7 go 9in ar feadh 30 seachtain freisin. Beidh ranganna ar leibhéal 1 ar siúl Dé Céadaoin ar feadh 15 seachtain, óna 7 go 9in. Más spéis leat ranganna AS sa Ghaeilge a ghlacadh, beidh siad ar siúl Déardaoin óna 6.30 go 9in ar feadh 30 seachtain. Chomh maith leis na ranganna seo, beidh ranganna Giúis Phortaigh le hEamon Maguire ar siúl ón Déardaoin 30 Meán Fómhair óna 7 go 9in, ar feadh deich seachtaine. Tá táille £50 ar na ranganna seo. Beidh péinteáil le Tony Bell ar siúl ón gCéadaoin 29 Meán Fómhair ag an am céanna, agus táille £25 ar na ranganna sin. Anuas air sin go léir tosóidh ceardlanna damhsa seit gach Domhnach ón 3ú Deireadh Fómhair ar feadh 20 seachtain. Beidh na ceardlanna seo saor in aisce. Freisin, beidh ceolchoirm le McGoldrick, McSherry & Hennessy, atá ar ais le chéile den chéad uair le dhá bhliain déag anuas, ar siúl ag An Droichead ar an 17ú Meán Fómhair. Osclóidh na doirse ag a 7.30in agus tá costas £10 ar na ticéid. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.androichead.com

## Doire Cholm Cille

# Oíche Chultúir

**Meadhbh Ní Eadhra**

BEIDH "Oíche Chultúir" ar siúl ar an Aoine 24ú Meán Fómhair i nDoire agus reáchtálfar sraith imeachtaí cultúrtha, ceardlanna agus gníomhaíochtaí mar chuid de. Beidh fiche áit eile ar fud na hÉireann ag cur imeachtaí den chineál céanna ar siúl, i dtráthnóna a spreagfaidh daoine áitiúla chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí úra cultúrtha. Ó 7.30in, tabharfaidh Cultúrlann Uí Chanáin i gcomhar le Trad for Trócaire agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann na taibheoirí áitiúla is fearr le chéile le haghaidh oíche an-speisialta. Tá saorchead isteach ag an ócáid. Mar chuid den cheiliúradh, d'eagraigh Trócaire sain-iarracht chun Curiarracht Dhomhanda Guinness a ghnóthú ar 'an tseinm leanúnach is faide ar an bhodhrán' leis an mbuille á chur ó bhaile go baile ar fud an tuaiscirt. Tá Trócaire ag spreagadh ionad agus taibheoirí ar fud na hÉireann seisiúin thraidisiúnta a óstáil ó 23ú - 29ú Meán Fómhair freisin, chun airgead a bhailiú dá ngníomhaireachtaí reatha thar lear. Le tuilleadh eolais ar Chultúrlann Uí Chanáin a fháil, cuir glao ar 02871 264132 nó tabhair cuairt ar www.culturlann-doire.ie.

## Tír Chonaill

# Talamh Feirme ag an bpraghas is ísle i nDún na nGall

**Judy Ní Ógáin**

TAISPEÁNANN tuairisc ó shuirbhé a reáchtáil Knight Frank le gairid, ar phraghsanna talamh feirme, gur i gContae Dhún na nGall atá an talamh feirme ar an gcostas is ísle le ceannacht, i gcomparáid leis an gcuid eile den tír. Reáchtáladh an suirbhé thar thréimhse 6 mhí, ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh na bliana seo, agus tugann sé le fios gurb é an luach atá ar acra talún amháin i nDún na nGall ná: €7,039 ar a mheán.

Dúirt Leas-Chathaoirleach áitiúil Chumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA), an tUasal PJ McMonagle, go bhfuil ganntanas talamh feirme ar fáil le ceannacht i nDún na nGall.

"Taispeánann an suirbhé nár díoladh mórán talaimh sa Chontae agus léiríonn sé chomh maith go bhfuil luach maith le fáil ar thalamh sa Chontae, don té atá ag ceannacht. Is é an deá-scéala atá anseo d'fheirmeoirí ná dá mbeadh talamh feirme ar fáil le ceannacht a mbeadh suim acu ann, ní gá dóibh dul suas in aghaidh na bhforbróirí chun é a cheannacht. Le blianta anuas, ní raibh deis ar bith ag na feirmeoirí. Bhíodh an forbróir ar láimh ón tús le hairgead tirim agus ní bhíodh na feirmeoirí ábalta dul in iomaíocht leis."

"Faoi láthair, níl na bancanna ag tabhairt airgeadais d'fheirmeoirí d'aon rud. Seo í an fhadhb is mór d'aon duine atá ag smaoineamh talamh a cheannacht. Tá na bancanna ag lorg an iomarca páipéarachais nach bhfuil gá leis agus ag lorg dearbhuithe ar an saghas aischuir a mbeadh an feirmeoir ag siúl leis, i leith na talún sin."

Mhínigh an tUasal McMonagle freisin go léiríonn an ganntanas atá i nDún na nGall de thalamh feirme, an traidisiún láidir atá ansin - gur fearr greim láidir a choinneáil ar thalamh.



Aidan Quigg & Aisling Nic Fhionnghaile le linn a lae pósta a bhí ar siúl i Séipéal Naomh Fionán ar an Fhál Carrach Dé Sathairn seo caite. (Pic. Judy Ní Ógáin)

# Aighneas idir Óstán agus Comhlacht Tógála

**Judy Ní Ógáin**

TÁ aighneas ar siúl faoi láthair idir Óstán Ghaoth Dobhair agus an comhlacht tógála Terence Ponsonby Teo., i leith íocaíochtaí ar obair thógála a rinneadh ar an Óstán sa bhliain 2007.

Cé gur tugadh ordú ardchúirte d'Óstán Ghaoth Dobhair fiacha de €70,000 a íoc leis an chomhlacht tógála, chomh maith le hatreorú chuig Oifig Shirriam an Chontae, níor íocadh ach €10,000 de na fiacha sin leo.

Níl an comhlacht tógála, atá lonnaithe i Leitir Ceanainn, sásta le córas dlí na tíre, de bharr go gcreideann siad go gcliseann ar an gcóras dlí orduithe ardchúirte i leith fiacha a bhailiú a chur i bhfeidhm.

Ar an 9 Bealtaine 2007, shínigh Terence Ponsonby Teo. conradh le hÓstán Ghaoth Dobhair chun síneadh a chur leis an Óstán. Bhí obair thógála 6 aonad féin-fhreastail agus uasghrádú ar an gcóras séarachais i gceist.

I ráiteas a d'eisigh an dlíodóir Dessie Shields (ar son an chomhlachta tógála), dúirt sé go bhfuil tionchar ag na fiacha seo ar imeachtaí laethúla an chomhlachta, mar gur meán-chomhlacht iad agus nach féidir leo glacadh le caillteanas chomh mór leis an méid atá i gceist.

Ach dúirt Óstán Ghaoth Dobhair Teo, i ráiteas trína ndlíodóir féin Patrick Sweeney & Co. le gairid, gur caitheadh leo go garg agus go leanfadh siad ar aghaidh ag íoc go dtí go mbeadh an t-iarmhéid íoctha ina iomlán. Dúradh sa ráiteas freisin, gurb é iomlán chostais na tógála mar a bhí luaite sa chonradh ná €922,000,000 agus gur íocadh iomlán de €950,108,000, sin €28,000 breise thar luach an chonartha, leis an chomhlacht tógála.

Bhí aighneas faoi chostais bhreise ach ní dhearna an tÓstán agóid in aghaidh na gcostas seo, de bharr na gcostas breise a chaithfí a íoc san ardchúirt i mBaile Átha Cliath dá ndéanfadh.

"Leis an droch-staid eacnamaíochta ina bhfuil an tír faoi láthair, creideann stiúrthóirí Óstán Ghaoth Dobhair, go bhfuil an comhlacht Ponsonby Construction Teo. an-chruálach agus nach bhfuil siad ag cur na bhfíricí iomlána os comhair an phobail," a dúradh i ráiteas an dlíodóra Patrick Sweeney.

# Gann ar airgead?

**Meadhbh Ní Eadhra**

REÁCHTÁLFAR cúrsa praiticiúil i nGaeltacht Dhún na nGall chun cabhair a thabhairt d'eagraíochtaí ealaíon foghlaim conas maoiniú breise a fháil agus tiomsú airgid a dhéanamh. Beidh sé ar siúl in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair amárach ag a 10.00rn agus cosnóidh sé €25 an duine nó €35 d'eagraíocht (beirt ar a mhéad). Beidh Colm Croffy, atá ina stiúrthóir feidhmiúcháin ar AOIFE (eagraíocht atá i gceannas ar fhéilte agus imeachtaí Éireannacha) i láthair ag an seimineár. Beidh Georgina Neal agus Rowena Neville ann freisin. Tá an-taithí ag an mbeirt acu ar an tiomsú airgid i measc rudaí eile. Tabharfaidh an seimineár léargas do na rannpháirtithe ar an mbealach is fearr le maoiniú agus urraíocht a fháil ó fhoinsí príobháideacha. Foghlaimeoidh siad conas plean tiomsaithe airgid a chruthú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus cén chaoi le caidreamh a chothú le hurraitheoirí, bronntóirí agus lucht gnó. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe na bunscileanna atá ag teastáil le dul i mbun tiomsú airgid. Cuirfear béim ar an gcomhoibriú agus ar an rannpháirtíocht

# 3 TUAIRIMÍ

# Léim sa dorchadas



Eoghan Ó Néill

Déarfainn go mbeidh Martin McGuinness ina Chéad-Aire ar na Sé Chontae i ndiaidh thoghcháin an Tionóil i mí na Bealtaine seo chugainn.

Nó seans go socróidh Sinn Féin ar Ghearóid Mac Adaim a chur isteach mar Chéad-Aire - buille scoir don cheannaire, 'dtuigeann tú.

Faoi mar a thug an DUP an post d'Ian Mór sular imigh seisean amach as an pholaitíocht.

In ainneoin a gcuid caointe ar fad, ní thig le hAontachtaithe stop a chur le fear de chuid Shinn Féin bheith ina Chéad-Aire.

Má bhíonn na vótaí acu, beidh McGuinness, nó Mac Adaim, ina Chéad-Aire.

Gan amhras, beidh ETA agus Hamas agus dreamanna mar iad, fud na cruinne, ag iarraidh oibriú amach cad é mar a d'éirigh le gluaiseacht a bhí tugtha don sracadh armtha dul i gceannas ar institiúidí stáit nuair a chlis orthu féin.

Go fiú mura bhfuil fíor-chumhacht ag na hinstitiúidí sin.

Nó bua siombalach a bheadh ann fear de chuid Shinn Féin bheith ina Chéad-Aire. Bua tábhachtach nach n-athródh mórán.

Agus níor ghá go mba thromluí é d'Aontachtaithe.

A mhalairt a d'fhéadfadh bheith fíor. Ba threisiú ar an phróiseas polaitiúil ó thuaidh é, agus neartú ar an daonlathas.

Ar ndóigh, ní fheiceann Tom Elliott mar sin é. Ní luaithe a d'fhógair an ball tionóil UUP ó Fhear Manach go mbeadh sé san iomaíocht do cheannasaíocht an pháirtí ná gur fhógair sé fosta go bhféachfadh sé leis an dlí a athrú le nach gceadófaí Céad-Aire de chuid Shinn Féin.

Sean-teachtaireacht ó pholaiteoir den seandéanamh nach bhfuil ag tairiscint aon rud nua do vótálaithe an UUP.

Tá an pharanóia atá le sonrú i gcaint Tom Elliott ina cuid den DNA Aontachtach. Tagann sí amach as an bhroinn leo.

Chomh fada siar le 1966, d'fhógair siad go raibh cuairt Seán Lemass ar Stormont ina bagairt orthu.

Bhí Gluaiseacht na gCeart Sibhialta ina bagairt orthu.

Bhí roinnt na cumhachta ag Sunningdale ina bagairt orthu.

Bhí an SDLP agus an 'fronta ilnáisiúnach' ina mbagairt orthu.

Bhí Comhaontú Aoine an Chéasta ina bhagairt orthu.


Agus anois, tá Céad-Aire de chuid Shinn Féin ina bhagairt orthu.

Ach tá beirt san iomaíocht do cheannasaíocht an UUP.

Agus tá an t-iomaitheoir eile sin, Basil McCrea, ag tabhairt le fios go nglacfaidh sé le toil an phobail, go fiú má thoghann siad Céad-Aire de chuid Shinn Féin.

Agus ní ar an cheist sin amháin atá difear mór le sonrú idir é agus Tom Elliott.

Tháinig Basil McCrea isteach chuig stiúideo Raidió Fáilte sa Chultúrlann i mBéal Feirste, an lá faoi dheireadh, go ndeachaigh sé faoi agallamh ann.



Cé tá ag dul seasamh in áit Carson mar cheannaire úr ar an UUP? Cibé duine a bheas ann is beag an baol go seasfaidh ceachtar acu ina ndealbh choíche.

Ó tharla go ndearna Ian Paisley agallamh le Raidió Fáilte anuraidh, b'fhéidir nach údar iontais é Basil McCrea déanamh amhlaidh fosta.

Ach ba shuimiúil agam é go raibh an tUasal McCrea toilteanach dul faoi agallamh ar stáisiún raidió Gaeilge agus é i gceartlár fheachtas ceannasaíochta an UUP.

Tá mé in amhras an bhfuil an UUP réidh go fóill do cheannaire mar é: fear atá liobrálach ó dhúchas, fear atá i dtiúin leis an aos óg agus le mná agus le grúpaí eile atá imeallach san UUP; fear a bheadh sásta gnó a dhéanamh, ar bhonn cothrom, leis an SDLP agus le Sinn Féin.

Fear a sheasfadh go láidir ar son na luachanna is fearr atá ag an UUP agus ag Aontachtaithe.

Bhí riamh agus tá anois sciathán liobrálach taobh istigh den UUP.

Níor ghá ach leithéidí Steven King, Roy Garland, Dermot Nesbitt nó Alex Kane a lua.

Agus ba mhór an gar dá neartófaí an claonadh sin.

Neartófaí go mór é dá dtoghfaí Basil McCrea ina cheannaire ar an pháirtí.

Agus is éigean don UUP filleadh ar na fréamhacha liobrálacha a bhí acu, tráth.

Chaill an páirtí 100,000 vótálaí le 10 mbliana anuas. Cuid mhór acu sin, chuaigh siad leis an DUP. Go leor eile acu, áfach, níor bhac siad le vótáil nó dar leo nach raibh san UUP ach leagan eile den DUP.

Chun na vótálaithe sin a mhealladh ar ais, caithfidh an UUP bheith níos bunchreidmhí ná mar a bhí (agus cad é mar a thig leis a bheith níos DUP ná an DUP?) nó bogadh i dtreo an láir agus dul sa tóir ar vótaí an Alliance/SDLP agus ar na daoine sin nach gcaitheann vóta.

Má roghnaíonn siad Tom Elliott, iarbhall den UDR, fear coimeádach de bhunadh na tuaithe, ball den Ord Oráisteach agus den Black Preceptory, beidh siad ag leanúint den pholasaí a dhíbir 100,000 vótálaí uathu le 10 mbliana anuas.

Agus gach uair a thug siad iarraidh a bheith níos bunchreidmhí, theip orthu agus chaill siad níos mó vótálaithe agus níos mó ball.

Má roghnaíonn siad Basil McCrea, b'ionann é sin agus léim sa dorchadas. Ach uaireanta, caithfear bheith radacach agus in amanna, is í an léim sa dorchadas an tarrtháil.

Tá sé in am ag Aontachtaithe a bheith ag iarraidh 'díbhinn' an Aontais a dhíol le náisiúnaithe agus a bheith ag cur i gcoinne an tseicteachais seachas a bheith ag iarraidh Céad-Aire de chuid Shinn Féin a úsáid chun an seanphort seicteach a sheinm.

Inseoidh toghadh Basil McCrea nó toghadh Tom Elliott cé acu treo ar mhaith leis an UUP dul.

## AR NA BLAGANNA



**Smaointe Fánacha Aonghusa**
***"Cuid an bhodaigh thall ar an mbodach abhus"***
*"Feictear dom gurbh sin atá i gceist le urraíocht Ghaelscéal ar Chorn Uí Riada de chuid an Oireachtais.Tuigim go bhfuil ardú próifíl de dhíth ar Ghaelscéal, agus go mba cheart dóibh a bheith i lár an aonaigh ag an Oireachtas. Ach ag deireadh an lae, níl anseo ach airgead á bhogadh ó phota amháin de chuid an Fhorais chuig pota eile."*
aonghus.blogspot.com

**An Litríocht seo againne**
***"Coillte na Gaeilge"***
*"Leabhar ar chuala mé iomrá riamh air ach nár bhreathnaigh mé i gceart air, gan trácht ar é a léamh, Silva Gadelica. 'Na Coillte Gaelacha' nó 'Foraois na Gaeilge' nó 'Coillte na Gaeilge' an t-aistriú a dhéanfainn ar an teideal Laidine. Thóg mé anuas den tseilf é an lá cheana. Is iontach an leabhar é."*
litrocht.blogspot.com

**Anuas den tSeilf**
***"Ecce! Fugax Parthus"***
*"Teastaíonn Roinn Oideachais dár gcuid féin uainn.Creidim é agus creidim é go láidir: má tá an Ghaeilge le bheith beo mar theanga labhartha phobail agus mar theanga litríochta beo caithfidh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta féin a bheith i mbun oideachais a gcuid gasúr."*
cailliomachas.blogspot.com

**iGaeilge**
***"An Ghaeilge i leamhsháinn pholaitiúil"***
*"Tá cúpla alt suimiúil i mBeo na míosa seo, iris atá ag déanamh dul chun cinn nach beag le déanaí, agus baineann siad le cur chuige Fhine Gael i leith na Gaeilge. Bíodh is nach bhfuil aon bá agam le polasaithe Fhine Gael i réimse na teangan, chuir sé iontas áirithe orm go raibh na h-altanna chomh binibeach ina gcuid ionsuithe ar an bpáirtí ... "*
Igaeilge.wordpress.com

**Mise Áine**
***"Scéal Fada an Anró"***
"... an triúr againn ar ár mbealach go dtí an Ulster American Folk Park, áit a raibh súil acu, agus agam, an lá a chaitheamh ag 'immerse'áil muid féin 'in the story of Irish Immigration. Ar ndóigh, níor éirigh linn é sin a dhéanamh, mar go bhfuiltear ann, fós, a cheapann go gcuideoidh an gaireas bréige sin 'story' de shaghas eile, seans, a scaipeadh ar fud an domhain."
miseaine.blogspot.com

# An scoilbhliain nua agus an scoilt dhigiteach



Conall Ó Móráin

Tá na páistí imithe ar ais ar scoil. Dea-scéal. Tá an obair bhaile tosaithe arís. Droch-scéal. Ach, ar thug sibhse, go bhfuil páistí den aois chuí oraibh, faoi deara conas mar a dhéanann déagóirí na linne a gcuid obair bhaile, má ligtear dóibh.

Ní ainmneoidh mé iad ach tá cúpla duine go mbeadh an-aithne agam orthu i mo theach gur féidir leo obair bhaile d'aon sórt a dhéanamh le '*Two and a Half Men*' ar an teilifís, Facebook ar an ríomhaire, téacsanna á nglacadh agus á seoladh gan stop agus, faoi dheireadh, cóipleabhair agus téacsleabhair caite gar a dhóthain dóibh ar an tolg go gceapaim go mb'fhéidir go raibh siad á léamh ach fada a dhóthain uathu nach mbeadh siad truaillithe ag páipéar ná a leithéid. Ó, agus fanaic na *Frosties* agus na *Cheerios* leathite sa mbabhla ar an urlár.

Fáilte go dtí na déagóirí digiteacha.

Tá réabhlóid iomlán ag tarlú os ár gcomhair amach. Creidim go láidir nach mbeidh RTÉ fós ar an bhfód sa riocht ina bhfuil sé anois faoi cheann deich mbliana. Ní bhreathnaíonn mo chuid páistí ar RTÉ in aon chor (ná BBC, ITV, Channel 4 srl).

Má tá siad ag iarraidh '*X-Factor*' a fheiceáil tá sé níos furasta breathnú air ar YouTube. Is féidir na píosaí maithe a fheiceáil agus na píosaí leadránacha d'fhágáil ar leataobh. Saghas féineagarthóireachta atá ar siúl acu.

Muna mbeadh na 'Simpsons' ná '*Two and a Half Men*' ar an teilifís ní dóigh liom go mbeadh aon úsáid in aon chor acu don teilifís - athrú millteanach mór ó na laethanta go mbeadh an chlann againn ar fad cois tine, tríocha bliain ó shin, ag breathnú ar Miley ar Glenroe ar oíche Dhomhnaigh.

Anois, dá molfainn do mo chuid páistí breathnú ar chlár liom bheadh siad ag bagairt glaoch a chur ar Childline.

Tá mé cinnte freisin go bhfuil mo pháistí, a bheag nó a mhór, cosúil lena gcomhghleacaithe in aon mheánscoil (agus sna ranganna arda sna bunscoileanna) trasna na tíre.

An tseachtain seo caite dúnadh trí nuachtán áitiúla go mba leis an Tiarna Kilclooney iad agus mar a bhí á rá aige siúd, faoi agallamh, dúnadh thart ar dhosaen nuachtán áitiúil eile le bliain anuas.

Tá brú millteanach ar gach aon sórt meán cumarsáide. Ní hé amháin nach bhfuil aon fhógraíocht le fáil ach os a chionn sin tá titim thubaisteach ar líon na ndaoine óga atá (nó níos cirte nach bhfuil) ag léamh nuachtán, ag breathnú ar theilifís nó ag éisteacht leis an raidió.

Fiú tá ceisteanna móra ann faoi Eircom mar nach bhfuil daoine ag






bacaint le fón sa bhaile - tá bainistíocht Eircom ag iarraidh samhail gnó nua a chruthú faoi láthair mar go gcreideann siad nach mbeidh an bunghnó acu ann i gceann deich mbliana.

Agus tá na deacrachtaí céanna ag na meáin dhigiteacha. Tá sé rídheacair airgead a dhéanamh astu. Tá Rupert Murdoch ag déanamh tréaniarrachta airgead a ghearradh orainn le *Times* Londan nó an *Wall St. Journal* a léamh, agus in ainneoin gach a bhfuil triailte aige tá sé beagnach dodhéanta 'glas' a chur ar a gcuid scéalta.

Má tá scéal maith sa *Wall St. Journal*, beidh sé á chraoladh ag Fox News nó Sky, gur leis an Uasal Murdoch an dá cheann, laistigh d'uair an chloig tar éis a fhoilsithe. Agus fiú le Sky is féidir breathnú anois air gan bacadh leis na fógraí de bharr *Sky Plus* a bheith in ann clár a thaifeadadh agus tú ag breathnú air. Nuair a thosaíonn na fógraí bogann tú go mear tharstu. Fós ní thuigim cén fáth gur thug Murdoch an áis seo dúinn ach 'buíochas a Rupert' dá bharr.

Ní féidir airgead a dhéanamh as ceol ach an oiread mar, thar aon ábhar digiteach eile, tá ceol ró-éasca ar fad le roinnt le do chuid cairde. Is de bharr na heaspa ioncaim seo ag buíon cheoil go mbíonn orthu coirmeacha ceoil a chur ar siúl ar fud an domhain má bhíonn siad ag iarraidh a gcuid milliún a thuilleamh.

Tá sé ar fad mar a bheadh tuile ann. Níl mórán seans gur féidir stad a chur leis, dá dteastódh uait. Ní fón póca amháin atá san 'fhón póca' atá ag beagnach gach duine, óg agus fásta, sa tír. Sea is féidir glaonna a dhéanamh agus na téacsanna a sheoladh ach is ceamara atá ann freisin, is féidir breathnú ar an 'teilifís' air, éisteacht le ceol nó raidió, na nuachtáin a léamh, treoracha taistil d'fháil, comhairle leighis d'fháil, agus 'labhairt' le cairde, nó daoine nach cairde iad, ar Facebook nó Bebo. Seo ar fad ar an ' bhfón'.

Agus seo croílár na ndeacrachtaí atá ag teacht inár dtreo. Go luath, go han-luath deir roinnt daoine, ní bheidh an córas fón soghluaiste ábalta oiread trácht digiteach agus atá ann a iompar. Cheana féin in áiteanna i mBaile Átha Cliath cliseann ar ghlaonna fóin i bhfad rómhinic. Mar a thuigim é an iomarca tráchta ar an gcóras is cúis leis.

Idir seo agus an Nollaig tá roinnt mhaith fóin nua le lainseáil le dul in iomaíocht le *iPhone* ó Apple. Tá an rud céanna le tarlú laistigh de sheachtainí le hiomaitheoirí le teacht amach i gcomórtas leis an *iPad*. Gach aon cheann acu seo alpann siad an banda leathan. Tá géarchéim féidearthachta ag teacht inár dtreo maidir leis an mbanda leathan.

San amhrán Cill Chais bhí imní ar an scríbhneoir maidir le céard a tharlódh anois go raibh na coillte ar lár. Ar chasadh nua-aimseartha den amhrán céanna b'fhéidir go mbeidh orainn canadh... 'céard a dhéanfaidh mé feasta le mo iPhone, tá deireadh an bhanda leathain ar lár'.

Agus ná habair go mbeidh orm tosú ag labhairt le mo dhéagóirí áille arís!

# Cathair na Gaillimhe agus a mic léinn



Bernie Ní Fhlatharta

Tá daonra Chathair na Gaillimhe 30,000 níos airde an tseachtain seo agus mic léinn an dá choláiste tagtha ar ais. Is cuimhin liom nuair nach raibh ach tuairim 4,000 mac léinn in Ollscoil na Gaillimhe sna hochtóidí.

Is cinnte go gcabhraíonn na mic léinn leis an atmaisféar atá againn anseo agus gur astú a tháinig Comhalcht Drámaíochta an Druid, Macnas agus Féile Ealaíona na Gaillimhe - comhlachtaí a chuireann postanna ar fáil agus a thugann pléisiúr dúinn freisin.

Is cinnte freisin gur mar gheall ar mhéadú na gcoláistí seo a d'fhás líon na dtithe agus gur cheannaigh daoine an dara teach le ligean ar cíos leis na mic léinn.

Is féidir a rá i ndáiríre gur chuidigh siad leis an dTíogair Cheilteach a chruthú.

Bhíodh tráth ann nuair a bhíodh sráideanna na Gaillimhe thar a bheith ciúin i rith an tsamhraidh agus na scoláirí imithe ach le blianta beaga is cosúil go dtagann turasóirí agus scoláirí ón cheithre choirnéal den domhan agus níl mórán seans ar chiúinas.

Is clamhsán maith é is dóigh agus an oiread againn ag iarraidh airgid a dhéanamh.

Is iomaí mac léinn a tháinig go Gaillimh agus nár fhág í riamh agus is iad siúd atá anois ag obair i ngach uile gné de thionscail agus tráchtáil na cathrach.

Tá neart acu chun fóir i saol na Gaillimhe mar tá an-tóir acu ar an áit agus b'fhéidir níos mó measa ná mar atá ag muintir na háite.

Sa Bhéarla is 'blow-ins' a thugtar orthu agus tá neart acu i mo cheantar féin i Maigh Cuilinn ach tugaim faoi deara gurb iad siúd a chuireann obair isteach agus a dhéanann iarracht feabhas a chur ar an dtimpeallacht.

Tá cinneadh déanta acu socrú síos san áit agus má tá, déanfaidh siad cinnte gur fiú fanacht ann.

Níl aon iontas ansin gor daoine lasmuigh de Ghaillimh atá chun fóir i saol na cathrach.

Is aisteach go raibh muintir Mhaigh Eo in ann dul chun cinn iontach a dhéanamh i Meiriceá, i bhfad níos mó ná mar a rinne siad sa bhaile.

Tá siad an-láidir ar fud an domhain ach go háirithe i Washington agus i Nua-Eabhrarc.

Beidh fuinneamh iontach anseo as seo amach go dtí tús an tsamhraidh arís an bhliain seo chugainn.

Ach níl an scéal dearfach ar fad. Beidh obair níos troime ar na Gardaí as seo amach mar go mbíonn trioblóid thart ar na sluaite mhóra a thagann isteach i lár na cathrach le sult a bhaint as na tithe tábhairne agus as na clubanna oíche. Ní hé go bhfuil dochar iontu ach go mbíonn méadú ar an líon eachtraí d'oird phoiblí.

Mar sin féin, cuirfidh muid fáilte mhór roimh ár gcuid mic léinn, mar is glúin nua iad agus má thugann muid aire dóibh, b'fhéidir amach anseo go dtabharfaidh siadsan aire dúinne!

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## Sampla na bhFrancach

BHÍ tuairim is 1,000,000 duine amuigh ag máirseáil i gcathracha ar fud na Fraince ag léirsiú i gcoinne beart de chuid rialtas na Fraince chun an aois scoir a ardú ó 62 go 60.

Tá rialtas na Fraince ag maíomh nach bhfuil aon rogha eile acu ach an beart seo a chur i gcrích.

Briseadh isteach ar ghníomhaíocht ghnó agus ar sheirbhísí poiblí agus bhí costas ollmhór mar gheall air ar gheilleagar na Fraince.

D'ainneoin sin, ba rud sláintiúil síochánta daonlathach iad na hagóidí seo. Is rud maith é, ó am go ham, go gcuirfeadh daoine in iúl don rialtas go bhfuil siad ann agus gur cheart aird a tharraingt orthu.

Is maith an rud é go gcuirfear in iúl do rialtais go bhfuil údarás is cumhacht acu de bhrí gur bhronn muintir na tíre sin orthu.

Is mór an trua, agus mór an t-iontas, i gcomhthéacs ár bhfadhbanna eacnamaíochta in Éirinn agus an phrácáis le Banc Angla-Éireannach ach go háirithe nach raibh léirsiú suntasach againn in Éirinn le fada an lá.

## Éilimh na nGael

MAR is ceart dó a bheith, tá go leor éileamh á dhéanamh ag eagraíochtaí Gaeilge, gníomhairí aonaracha agus smaointeoirí fánacha i gcónaí.

Cén dochar?

Ach cheana, cén toradh?

Ar ndóigh, tá gníomhaíocht áitiúil bunaithe sa phobal níos tábhachtaí chun pobail Ghaeilge a chaomhnú, a chruthú agus a chothú ach tá brústocaireacht ar bhonn náisiúnta is áitiúil tábhachtach go fóill féin, a fhad is nach bhfuil ár n-aird ar fad tógtha ón obair áitiúil.

I ndeireadh na dála, is é an rud atá daoine ag iarraidh a dhéanamh ná dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí.

Is rud daonna í an pholaitíocht, rud nach féidir linn a sheachaint, fiú sna sochaithe is údarásaí dá bhfuil ann.

Is féidir le hachainithe is le hagóidí tionchar a imirt ar pholaiteoirí trí thionchar a imirt ar an toghlach, nó trí eagla a chur ar na polaiteoirí go n-imreodh an gníomh tionchar ar an toghlach. Tá bealach eile ann áfach chun tionchar a imirt ar an pholaitíocht, is é sin glacadh go bhfuil a leithéid ann mar phoiblíocht agus páirt a ghlacadh ann.

Tá trí bhealach chun sin a dhéanamh, páirt a ghlacadh i bpáirtí polaitiúil bunaithe, páirtí nua a bhunú, nó seasamh i dtoghchán ar bhonn neamhspleách.

Ar ndóigh, is beag an baol go n-imreoidh an duine aonair mórán tionchair ar pháirtí polaitiúil fadbhunaithe, is beag an baol go n-éireoidh le páirtí úr agus is beag an baol go dtoghfar duine aonair neamhspleách, cé gur féidir sin gan aon amhras.

B'fhiú do dhaoine a machnamh a dhéanamh air áfach, dá gcaithfidís leath den am a chaitear ag déanamh gearáin ar an chlaí ag troid istigh in institiúidí daonlathacha na tíre, bheadh toradh i bhfad níos fearr ar a gcuid ama.

## Sos Cogaidh ETA

IS cuma cén seasamh atá ag duine ar neamhspleáchais do Thír na mBascach, ar Aontacht na Spáinne, ar fheachtas armtha ETA nó ar iompar fhórsaí slándála na Spáinne, is féidir aontú ar phointe amháin – ní raibh cogadh ETA ag dul áit ar bith.

Níl Tír na mBascach céim níos faide ar aghaidh i dtreo neamhspleáchais ná mar a bhí nuair a bunaíodh Comhphobal Féinrialaitheach na mBascach, nach gclúdaíonn Tír na mBascach ar fad, i 1978, cé gur baineadh go leor amach ó thaobh na Baiscise de.

Tá gach cuma ar an scéal go bhfuil an Chatalóin níos cóngaraí do neamhspleáchas ná Tír na mBascach, cé nach bhfuil agus nach raibh aon fheachtas armtha ar bun sa tír sin.

Ba cheart do Rialtas na Spáinne glacadh leis an sos cogaidh seo agus dul i mbun cainteanna le grúpaí polaitiúla i dTír na mBascach ach tá amhras s'acu intuigthe, go háirithe agus grúpa Bascacha iad féin ag iarraidh ar ETA a bheith níos daingne maidir le cad atá beartaithe acu don todhchaí.

Ba cheart dóibh dul sa seans agus ráiteas níos soiléire a chur ar fáil.

## CEIST na Seachtaine

### "Ní laghdóidh na moltaí úra líon na ndaoine a maraítear ar an mbóthar": Léitheoirí Gaelscéal

Róisín Ní Éalaí

Ceapann níos mó ná76% de léitheoirí Gaelscéal a chaith vóta ar an suíomh i rith na seachtaine nach laghdóidh na moltaí maidir le tiománaithe óga líon na ndaoine a maraítear ar an mbóthar.

Mar a luadh i nGaelscéal na seachtaine seo caite, tá athchóiriú á dhéanamh ag an Údarás Um Shábháilteacht ar Bhóithre ar chóras ceadúnaithe na bhfoghlaimeoirí tiomána agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an méid daoine óga idir 17-24 bliain d'aois atá ag fáil bháis ar ár mbóithre.

Bhí neart le rá ag cairde Facebook Gaelscéal ar an ábhar.

Chuir muid an cheist: "Céard é do bharúil maidir leis na moltaí nua i leith foghlaimeoirí tiomána agus na rialacha nua a bheidh á gcur i bhfeidhm dóibh?" Seo cuid de na freagraí a fuaireamar:

"Is rud ceart é!! Tá an iomarca damáiste ag tarlú ar na bóithre!"


"Tá ciall leis. B'fhéidir go mbeidh daoine níos cúramaí ar na bóithre.

Ar a laghad, beidh níos mó taithí ag daoine óga agus níos mó freagrachta ar na tuismitheoirí."

"Na rialacha nua seo ag teastáil go géar!!!! An-iomarca L-Drivers nach bhfuil fios an bhóthair acu!!"

"Ní hiad na rialacha an fhadhb ach ní chuirtear i bhfeidhm iad, agus mar sin de níl bun ná barr leis na moltaí seo."

### "An laghdóidh na moltaí maidir le tiománaithe óga líon na ndaoine a maraítear ar an mbóthar?"



# Mol an Óige...anois thar aon am eile



**Páidí Ó Lionáird**

Instear scéal (fíor) sa Ghaillimh faoi chlub CLG a bhí ag lorg imreoir mór le rá le teacht chútha chun boinn a bhronnadh ar bhaill óga a gclub ag deireadh na bliana. D'iarr siad ar iománaí cáiliúil as Corcaigh ar dtúis. Dúirt sé go dtiocfadh ach go mbeadh luach saothair go maith os cionn míle euro uaidh móide lóistín agus costais taistil. Ar ndoigh ní raibh sé in acmhainn an chlub an tsuim airgid a chúiteamh leis agus beartaíodh triail a bhaint as imreoir cáiliúil eile.

Fuaireadh agus nuair a fiosraíodh uaidh cad a bheadh uaidh mar luach saothair, dúirt sé nach raibh uaidh ach leaba don oíche. Ar an lá úd, tháinig an t-imreoir go luath. Bhuail sé cnag ar dhoras na bunscoile áitiúla agus thairg sé do pháistí na scoile teacht amach sa chlós leis ag pocáil sliotair. Bhronn sé na boinn an tráthnóna sin agus thug taispeántas eile ina dhiaidh do ghasúir na háite. A ainm? Henry Shefflin. B'fhéidir nár chruthaigh sé stair le cúig chraobh Uile-Éireann a bhuachaint Dé Domhnaigh seo chaite ach tá go leor déanta aige agus a chomhghleacaithe ar agus anuas den bpáirc imeartha le gur cóir go mbeadh ard-mheas againn orthu. Eiseamlár agus dea-shampla iontach dár n-ógánaigh.

Ní maith liom a bheith ag clamhsán faoi chomhghleacaithe sna meáin - iriseoirí preasa nó raidió nó teilifíse, ach nuair a chloisim aon cháineadh á dhéanamh de na laochra seo, goileann sé go mór orm. Níl iontu ach fir agus mná óga atá ag déanamh a dtréan-ndícheall urraim agus omós a gcontaethe dúchais a léiriú. Agus é sin dúbailte faoi dhó i dtéarmaí na bhfoirne mionúr. Bhí déistean orm an tseachtain seo chaite nuair a léigh mé cuid de na tuairiscí iarchluiche a bhí i bhfoilseacháin náisiúnta, ag cur an milleán ar imreoir nó dhó ón bhfoireann a chaill an cluiche (foireann peile mionúir na Gaillimhe sa chás seo in aghaidh Chorcaí). Ní hé gur éirigh siad an mhaidin sin le drochphas a thabhairt nó cic peile a chur amú. Cad a thárla do "Mol an óige"?

Ag tógaint leid ón dtráchtaire iontach, Micheál Ó Sé, molaim iad agus tréaslaím leo ar fad. Gabhaim buíochas leo. Na laethanta fada. Na maidineacha luatha. Na tráthnóintí déanacha i rith na seachtaine agus arís ag an deireadh seachtaine - ag staonadh agus ag cleachtadh. Ag cur lena gcuid luais, ag neartú a matáin, ag feabhsú a smacht agus ag foghlaim conas iad féin a iompar ar an lá mór mar fhoireann.

Tá beagán cur amach agam ar cad atá i gceist le bheith ag glacadh páirte 'sna spóirt dúchasacha seo ag an leibhéal is áirde, leibhéal idirchontae. Ní taithí phearsanta atá ann is baolach ach taithí ó bhliain a chaith mo mhac ar phainéal iománaithe mhionúir na Gaillimhe anuraidh.

Seo an sort seachtaine a bhí i gceist ó thaobh traenála agus cleachtaidh de. Sna míonna roimh aon chluiche, ag tosnú i mí na Feabhra nó Márta, bhí dhá sheisiún traenála in aghaidh na seachtaine, seisiúin ar a raibh ceithre scór imreoir dóchasach ag freastal - seisiún amháin go moch maidin Shathairn ag a 08.00 i nGort Inse Guaire - ar an bpáirc! Bheadh dhá uair an chloig traenála - scileanna, luas, cluiche agus fuarú síos. Mar an gcéanna, bheadh seisiún eile (nó trí) mar sin tráthnóna éigin seachtaine - arís i bhfad ó bhaile, Béal Átha na Sluaighe nó Baile Átha an Rí. Thar tréimhse míosa nó sé seachtainí, chiorrófaí an líon iarrthóir go trí scór. Ansan i ndiaidh cúpla seachtain eile, laghdófaí arís an líon go 35 - dhá fhoireann, A agus B agus blúire farasbairr. Agus anois, bheadh gach aon duine acu ag troid go fíochmhar lena áit siúd a bhaint amach i ngrúpa A, an scór go leith is fearr ar fad agus bunús na foirne contae le piocadh astu san.



**Henry Shefflin. B'fhéidir nár chruthaigh sé stair le cúig chraobh Uile-Éireann a bhuachaint Dé Domhnaigh seo chaite ach tá go leor déanta aige agus a chomhghleacaithe ar agus anuas den bpáirc imeartha le gur cóir go mbeadh ard-mheas againn orthu. Eiseamlár agus dea-shampla iontach dár n-ógánaigh.**

Nuair a deirim 'troid fhíochmhar', ní hí an bhrí litriúil atá i gceist agam, bhuel sea is ní hea ag braith ar do dhearcadh. Bheadh bainistíocht na foirne contae ag faire amach do ghnéithe éagsúla i measc a chuid laochra óga, crógacht fhíochmhar ina measc. D'fhéadfaí scil, luas, cumas, meon baill foirne, tuiscint, aibíocht, aclaíocht, neart, intleacht a chur le liosta na dtréithe sin freisin.

Tarlaíonn sé seo ar fad, i gcás na bhfoirne mionúir agus raidhse maith díobh ag staidéar dá scrúduithe Ardteistiméireachta, a gcuid ama deighilte idir páirc na himeartha agus an seomra staidéir. Saol sóisialta? Dein dearmad air.

I gcás na bhfoirne sinsir, tá an scéal chomh gairmiúil anois gur chuala é ráite faoi phainéal peile Chill Dara, go rabhadar ag traenáil cúig lá in aghaidh na seachtaine. Sin cothrom leis an méid a dheineann Wayne Rooney nó Steven Gerrard! Iadsan ag saothrú le cois céad míle punt in aghaidh na seachtaine!

Mo phointe, go príomha ná go bhfuil fir agus mná óga ár bhfoirne idirchontae chomh gairmiúil le haon fhoirne spóirt a shaothraíonn a slite beatha as bheith ag imirt. Gan aon íocaíocht. Tá ' fhios agam go bhfuil corr-éadan aitheanta le feiceáil ag moladh dúinn deoch ardfhuinnimh éigin a ól má theastaíonn uainn aithris a dhéanamh ar a ngaiscí siúd.

Tá 'fhios agam freisin go bhfuil cuid acu a fhaigheann scoláireachtaí oideachais de bharr a scile. Ach sin an méid. Molaimís iad. Tacaímís leo agus bímís buíoch dóibh as ucht a gcuid iarrachtaí agus sinn ag súil leis an tseasúr seo chugainn.

## SÚIL SIAR na Seachtaine

**Ar Aghaidh**
**Meadhon Foghmhair 1960**

### An Congo

AIMSIR na Comhdhála i München bhí deis agam labhairt le sagart atá le fada ag obair sa gCongo agus a bhfuil an-eolas aige faoi.

An t-am sin (2ra Lughnasa) bhí sé an-éadóchasach faoi chúrsaí an réigiúin sin agus an-imnidhe air faoi shaothar na misiún - ní raibh fhios aige an mbéadh sé féin i ndon a dhul ar ais. Muna n-aithneóchadh an Bheilig, dubhairt sé, neamhspleachas Khatanga, d'imheóchadh na Beiligigh agus stopfadh an saoghal geilleagrach. Ar an taobh eile, dá n-aithnigheadh na Beiligigh neamhspeachas Khatanga, bhí Lumumba le cogadh a fhuagairt ar Khatanga, agus d'imtheóchadh na Beilgigh ón gcuid eile den Chongo. (Na Beiligigh a bhí i gceist aige san dhá chás, ní h-iad na saighdiúirí Beiligeacha, ach na dochtúirí, na h-innealtóirí, na teicneoirí agus srl.) B'é a bharamhail fhéin go mba cheart dhon Bheilig neamhspleadhchas Khatanga a aithneachtáil, gurab é ba lugha ba ghann dhóibh seasamh le Katanga neamhspleádhach. Tá Katanga níos mó ná an Eadáil.

Gealt ("un fou") iseadh Lumumba, dar leis, i gcúrsaí poilitidheachta. Ní mba Caitliceach riamh é, cé go raibh sé a' freastal ar scoil Chaitlicigh. Bhí sé tamall i n-a Phratastún, nó i n-ainm a bheith i n-a Phratastún. Ainneoin a chuid cainnte i n-aghaidh na misinéar, chuir sé a chlann chuig scoil Chaitlicigh. (Scoltacha Caitliceacha an chuid is mó ar fad de na scoltachtaí sa gCongo. Tá lion na scoláirí ins na scoltachtaí Caitliceach i bhfad Éireann níos mó ná lion na scoláirí ins na scoltachaí stáit.) Is ionann agus comhaoineach ("praitiquement Communiste") Lumumba. Tá sé ar adhastar ag páirtí Comhaoineach na Beilige - páirtí beag, ar ndó; tá cheithre chéad teachta i nDáil na Beilige, agus níl ach beirt Chomhaoineach orthu; ach tá an t-airgead acu le bollsgaireacht a dhéanamh. Thug an pháirtí Comhaoineach Beilgeach ordú dhó fanacht socair go dtí go mbeadh neamhspleádhchas fáighte - agus ansin, láithreach, gluaiseacht fhrith-Bheilgeach a chur ar siubhal.

Faoi'n mbeirt eile is mó a mbíonn caint fúthu, is Caitliceach an tUachtarán Kasavubu. Is Pratastún Maois Tsombé, ceannaire Khatangta - Pratastún dáiríre ("sérieux"), Críosdaidhe maith agus fear atá ag iarraidh a dhícheall a dhéanamh ar son a mhuintire. Maidir le na Náisiúin Aontuí, dar le cuid de na sagairt Fhrannacha, tá an eagraíocht sin faoi anáil na Másún.

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

# IMRAM ag dul ó neart go neart

Seacht mbliana ó shin, cuireadh tús le féile litríochta Gaeilge, IMRAM, an t-aon fhéile dá chineál in Éirinn. Ba é an scríbhneoir agus foilsitheoir **Liam Carson** a bhí taobh thiar den fhéile ón tús agus é go mór ar son litríocht na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh, trí imeachtaí a reáchtáil agus daoine a thabhairt le chéile in ionaid éagsúla ar fud Bhaile Átha Cliath. Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** leis an bhfear ildánach seo faoin bhféile.




"BUNAÍODH IMRAM sa bhliain 2004," ar sé. "Ag an am, bhí mise ag léamh leabhair i nGaeilge den chéad uair mé féin. Bhí baint agam leis an litríocht le tamall fada. Bhí mé ag obair le Lilyput Press agus roimhe sin Wolfhound Press, agus Blackstaff Press. Rith sé liom ag an am nach raibh féile litríochta Gaeilge ar bith ar siúl, agus ós rud é go raibh mise ag cur suime i litríocht na Gaeilge, bhí mé féin ag lorg deiseanna scríbhneoirí a chloisteáil ar an ardán. Bhuail mise le Joe Woods, bainisteoir ar Éigse Éireann (Poetry Ireland), agus bhí suim aige tacú liom."

Ina dhiaidh sin, bhuail Liam agus Joe le Gabriel Rosenstock agus bhaist Gabriel an t-ainm IMRAM ar an bhféile.

"'Imram' an seanleagan Gaeilge atá ar iomramh," a deir Liam. "Ciallaíonn sin aistear. Sin an fhís a bhí againn ón tús; bhí muid ag iarraidh daoine a mhealladh chun litríocht na Gaeilge ar bhonn a bhí taitneamhach agus tarraingteach.

Ón tús, bhí muid i gcónaí ag iarraidh go mbeadh meascán de rudaí le feiceáil ar an ardán. Tá ceol lárnach san fhéile freisin, agus bíonn scannáin le feiceáil chomh maith le himeachtaí litríochta."



Liam Carson, Gabriel Rosenstock agus Pádraig Ó Snodaigh. Beidh oíche speisialta ann don Uasal Ó Snodaigh ar an 14ú Meán Fómhair in ionad Crawdaddy.

Is as Béal Feirste ó dhúchas do Liam Carson ach tá cónaí air i mBaile Átha Cliath anois. Eisean an t-aon duine atá fostaithe le hIMRAM agus bíonn sé ag obair go crua chun an fhéile a fhorbairt agus a neartú.


I mbliana, tá clár na féile níos fearr ná riamh. Beidh IMRAM ag ceiliúradh céad bliain ó bhreith Mháirtín Uí Dhireáin, agus beidh siad ag reáchtáil léachta agus díospóireachta faoina shaothar. Beidh dánta de chuid an Direánaigh le feiceáil ar an DART ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh freisin.

Tá go leor daoine éagsúla ag glacadh páirte in IMRAM na bliana seo, agus is léir ó chlár na féile go bhfuil fás agus forbairt dochreidte tagtha air. Beidh an file aitheanta Séamas Cain ag teacht ó Mheiriceá agus beidh taifeadadh fuaime is físe á léiriú, bunaithe ar a dhán Tríd an gCoill.

"Thug mé cuireadh don dealbhóir fuaime Slavek Kwi dul chuig an gcoill inar scríobh Séamas Cain an dán Tríd an gCoill. Rinne sé taifeadadh ar na fuaimeanna i lár na hoíche agus ghlac sé a lán pictiúir.

Is rud úrnua é seo, agus tá draíocht ag baint leis an tionscadal," a deir Liam.

"Táimid ag iarraidh ardán a thabhairt do na scríbhneoirí," a deir Liam Carson. "Tá sé deacair go leor aird na meán agus an phobail i gcoitinne a tharraingt ar litríocht na Gaeilge, ach má tá féile ar siúl i lár na cathrach, cuidíonn sé. Táimid ag úsáid ionaid éagsúla cosúil leis an Sugar Club, Crawdaddy agus Áras na Scríbhneoirí. Táimid ag iarraidh a bheith i lár an mhargaidh agus i lár an phobail."



Mo Hat mo Gheansaí, a bheidh ag casadh mar chuid d'fhéile IMRAM ar an Satharn 18ú Meán Fómhair in Áras na Scríbhneoirí.

Maidir le staid na litríochta Gaeilge faoi láthair, deir Liam go bhfuil na leabhair ann, agus go bhfuil an caighdeán ard go fóill.

"Ach tá easpa margaíochta agus poiblíochta ann," ar sé. "Tá daoine ag iarraidh teacht le chéile agus iarracht a dhéanamh litríocht na Gaeilge a chur chun cinn. Tá deacrachtaí ann ó thaobh cúrsaí dáileacháin agus sin an bundeacracht. Sin ráite, tá deacrachtaí ag foilsitheoirí Béarla sa lá atá inniu ann chomh maith. Tá sé níos deacra leabhair a dhíol. Níl daoine ag léamh an oiread is a bhíodh."

Creideann Liam go bhfuil dearadh na leabhar Gaeilge i ndiaidh feabhsú go mór agus tá cuma i bhfad níos fearr orthu, rud atá iontach tábhachtach.

Beidh an fhéile ar siúl ón 14ú go dtí an 29ú Meán Fómhair agus is féidir clár iomlán na féile agus na sonraí go léir a fháil ar www.imram.ie

## Mórimeachtaí IMRAM 2010


BEIDH Oíche Ómóis don fhile, staraí, aistritheoir, foilsitheoir dothraochta agus iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge **Pádraig Ó Snodaigh** ag a 8.00in ar an 14ú Meán Fómhair i seanstáisiún Fhearchair.

**Duanaire mo mhuintire**: Plé agus scagadh ar fhilíocht an Direánaigh ar an 17ú M.F. ag 6.00in in City Arts. Beidh Gréagóir Ó Dúill, Caitríona Ní Chléirchín, Mícheál Mac Craith agus Liam Mac Amhlaigh i láthair ag an ócáid

**Oíche le Muintir Uí Chonaola** - Lasairfhíona, Macdara, Dara agus Dara Beag: 8.00in ar an 17ú M.F. sa Cobblestone

**Oíche in Áras na Scríbhneoirí le Mo Hat Mo Gheansaí, Colm Ó Snodaigh** agus **Nuala Ní Dhomhnaill** ar an 18ú M.F. ag a 8.00in. Oíche Chultúir ar an Aoine 24ú MF san Eaglais Úinitéireach ag 6.30in, Winding Stair Bookshop ag 7.30in agus An Siopa Leabhar ag 9.30in


Tá clár iomlán na féile ar fáil ar www.imram.ie



# Bean sínte ar bhóithrín uaigneach ...

Mar chuid d'fhéile IMRAM i mbliana, beidh cúpla leabhar úr á seoladh. Ina measc tá Sceon na Mara le Liam Ó Muirthile, Favela le Alex Hijmans, Buille Marfach le Anna Heussaff agus Daoine a Itheann Daoine le Mícheál Ó Ruairc.

Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** leis an scríbhneoir **Anna Heussaff** an tseachtain seo faoina leabhar úr Buille Marfach, foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht. Foilsíodh an chéad leabhar ficsin léi, Bás Tobann, in 2004, agus díoladh 2,000 cóip de ó foilsíodh é. Tá dhá leabhar eile léi foilsithe freisin: Vortex agus Cúpla Focal.






**A Anna, Inis dom faoi do leabhar nua, Buille Marfach. Úrscéal bleachtaireachta atá ann?**
Sin é. Croí an scéil mar a bhíonn i ngach úrscéal bleachtaireachta ná dúnmharú nach fios cé a rinne é ná cén fáth. Tá mistéir ann a choimeádfaidh greim ar an léitheoir ó thús go deireadh - nó tá súil agam go ndéanfaidh!

**Tá cuid de na carachtair chéanna sa leabhar seo agus a bhí i mBás Tobann, an bhfuil an ceart agam?**
Ba í Aoife Nic Dhiarmada an lárcharachtar i mBás Tobann agus tá sise lárnach sa leabhar nua freisin. Tagann lárcharachtar nua sa scéal seo freisin, Garda óg uaillmhianach darb ainm Réamonn Seoighe, atá ar bís a chumas bleachtaireachta a chruthú ach a bhfuil deacrachtaí dá chuid féin aige sa saol.

**An bhfuil an scéal bunaithe ar fhíordhaoine nó an ficsean atá ann amach is amach?**
Fásann na carachtair de réir mar atá an scéal á scríobh agam. B'fhéidir go dtosaím le tréith aonair nó le duine ard tanaí, ach de réir a chéile fásann carachtar ón gcéad síol sin, amhail is go raibh mé féin ag cur aithne ar an duine. Téann imeachtaí an scéil i bhfeidhm ar na carachtair agus fásann siad dá bharr sin.

**Foilsíodh Bás Tobann in 2004, agus anois in 2010 tá leabhar nua agat. Ar ghlac sé an fad sin ort é a scríobh?**
Thosaigh mé ar Bhuille Marfach trí bliana ó shin, agus i gcaitheamh an ama sin, déanaim amach gur chaith mé ionann is caoga seachtain oibre, daichead uair a chloig sa tseachtain, ar an leabhar a scríobh, idir phleanáil, thaighde, scríobh agus athscríobh. Sílim gur thóg sé tamall níos faide orm ná mar a thóg Bás Tobann.

**An bhfuil margadh agus léitheoirí ann d'úrscéalta bleachtaireachta i nGaeilge?**
Tá, agus tá cruthú air sin sna figiúir díolacháin: díoladh 2,000 cóip de Bás Tobann, sin ceithre nó cúig oiread an mheáin do leabhar Gaeilge; agus mar an gcéanna, díoladh 3,000 cóip den chéad scéal bleachtaireachta le hEilís Ní Dhuibhne, Dúnmharú sa Daingean. Chuala mé an tuairim cúpla uair nach foirm dhúchasach sa Ghaeilge é an t-úrscéal bleachtaireachta, ná fiú úrscéal d'aon sórt, agus dá bharr sin nach n-éireoidh leis. Ach an ionann sin is nár cheart rud a scríobh nach bhfuil traidisiún fada groí ar a chúl?

**An bhfuil tú ag obair ar leabhar eile anois?**
Beidh mé ag tosú ar leabhar nua go luath, tá súil agam. Scéal do dhéagóirí óga a bheidh ann, ar aon dul le Vortex. An Dragan Órga an teideal atá air, agus beidh cluiche idirlín mar chuid de, idir déagóirí in Éirinn agus daoine sa tSín - ach is beag eile atá ar eolas agam faoi fós.

**Cén fáth a bhfuil spéis agat a bheith ag scríobh úrscéalta cosúil leis seo? An bhfuil spéis agat sa bhleachtaireacht?**
Tá buanna ar leith ag baint le húrscéal bleachtaireachta mar mhodh scéalaíochta. Éiríonn buncheisteanna beatha is báis ann, agus cad a thugann ar dhuine amháin duine eile a mharú; ach ní hionann is an saol réadúil, tuigeann an léitheoir go mbeidh freagraí ann ar deireadh. Tá dráma sa scéal toisc gur tharla gníomh foréigin a chuir an saol bunoscionn. Tá teannas agus contúirt ag baint le tóir an dúnmharfóra; agus tagann caidrimh teaghlaigh is pobail faoi amhras. Tá cineál cluiche i gcroí an scéil freisin, de réir mar a nochtar leideanna agus a chuirtear seachrán ar an léitheoir.

**An raibh sé deacair teacht suas le plota maith? Ar athraigh tú é agus tú ag scríobh an leabhair?**
Thóg an plota go leor ama orm. Rinne mé an-chuid pleanála roimh ré - an iomarca, seans maith. Agus a luaithe a thosaigh mé á scríobh, thuig mé go raibh gá le carachtar nua, ionas nach mbeadh an plota leamh. D'athraigh an plota de réir mar a lean mé ag scríobh, ach murach go raibh an bunphlean agam, bheinn ar strae ar fad. Níor mhaith go dtuigfinn i lár an scéil go raibh an duine mícheart ceaptha agam mar dhúnmharfóir!

**Cén chomhairle a thabharfá do scríbhneoirí nua a bhfuil spéis acu scríobh sa genre seo?**
Molaim taighde a dhéanamh. Má tá imscrúdú Gardaí mar chuid riachtanach den scéal, faigh amach conas a eagraíonn na Gardaí a gcuid fiosruithe. Má tá paiteolaí ag scrúdú an chorpáin sa scéal, faigh amach cad iad na tuiscintí a bhainfeadh paiteolaí ón leid seo nó siúd. Ní gá cloí go beacht leis an leagan réadúil, ach ní bheidh an scéal inchreidte ná sásúil don léitheoir gan blas láidir na réadúlachta air, agus an sórt mioneolais ann a léiríonn go bhfuil údarás agat mar scéalaí.



**An mbíonn tú ag breathnú ar an nuacht agus ag faire amach do scéalta suimiúla a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit agus tú ag scríobh?**
Tar éis na mblianta ag obair sa raidió agus sa teilifís, coimeádaim cluas le héisteacht i gcónaí don scéal nuachta nár chuala mé cheana. Cuimhním freisin ar rud a dúirt Garda liom, gur cuma cé chomh háiféiseach nó uafásach a bheas an rud a chumfaidh tú, ní bheidh sé níos áiféisí ná níos uafásaí ná an méid a tharlaíonn amuigh sa saol mór.


**Cad é an rud is fearr agus is measa faoi bheith ag scríobh?**
Is é is fearr ná tosú le scáileán bán agus saol iomlán a chruthú air de réir a chéile, anáil a thabhairt do na línte beaga breacadaíle ar a dtugaimid focail. Is é is measa ná léamh siar ar an rud a scríobh tú an lá roimhe agus a aithint láithreach go bhfuil sé leamh leibideach. Ach ar na laethanta úd nuair a bhraithimse gur obair fhadálach é an scríobh, cuirim i gcuimhne dom féin gur mise a roghnaighé a dhéanamh. Agus má thuirsím di, níl bac orm post a lorg sa siopa Spar thíos an bóthar.

*Is féidir an leagan iomlán den agallamh le hAnna a léamh ar líne ar www.gaelsceal.ie.*

*Seolfar Buille Marfach le Anna Heussaff agus Daoine a Itheann Daoine le Mícheál Ó Ruairc ag a 7.30in ar an 16ú Meán Fómhair in Áras na Scríbhneoirí.*
*Beidh agallamh le Mícheál Ó Ruairc faoina leabhar nua Daoine a Itheann Daoine le léamh i nGaelscéal na seachtaine seo chugainn.*

**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie

**Seolfar na leabhair seo ag Féile IMRAM 2010 in Áras na Scríbhneoirí, Cearnóg Pharnell, BÁC, Déardaoin 16 Meán Fómhair ag 7.30 i.n. Fáilte roimh chách.**




**BUILLE MARFACH**
**Anna Heussaff**
Úrscéal; €12 (bog)

Dúnmharú agus mistéir – úrscéal nua ó údar móréilimh. Scéal bleachtaireachta a gcoinneoidh an léitheoir greim an duine bháite air go deireadh




**DAOINE A ITHEANN DAOINE**
**Mícheál Ó Ruairc**
*Gearrscéalta;* €12 (bog)

Ina chéad leabhar do dhaoine fásta, tugann Mícheál Ó Ruairc aghaidh ar cheisteanna conspóideacha sóisialta ina bhealach éagsúil áibhéileach féin.

Bhain an cnuasach seo an chéad duais amach i gComórtais an Oireachtais do chnuasach gearrscéalta i 2009.

**Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie**

# 5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

CÚRSAÍ TEIC

## Margaíocht cliste amháin nó an bhfuil tairgí úra i gceist i ndáirire?

**Diarmuid Ó Muirgheasa**

Cúpla uair in aghaidh na bliana seolann an tUasal Steve Jobs, atá ina cheannaire ar an gcomhlacht teicneolaíochta is mó ar domhan, seolann sé táirge nua de shaghas éigin.

Uaireanta ní bhíonn i gceist ach feabhas beag, mar a bhíonn go hiondúil i gcás an *MacBook* agus an *iMac*, agus sa chás sin is beag aird a thugtar orthu sna meáin i gcoitinne.

I gcás cuid de na táirgí eile, áfach, is dochreidte an aird a thugtar orthu, agus dochreidte chomh maith na sluaite a fhanann lasmuigh de shiopaí Apple le gur féidir leo seilbh a ghlacadh ar na táirgí úd.

Go dtí seo i mbliana , seoladhan *iPad*, a bhfuil Apple i ndiaidh cúpla milliún aonad de a dhíol, agus an *iPhone 4*. Dúradar faoin *iphone 4*, "athraíonn sé seo gach aon rud. Arís."

Cé go bhfuil mórán sa chomhphobal teicneolaíochta a deir nach n-athraíonn sé rud ar bith, agus nach bhfuil rud ar bith nuálach deartha ag Apple riamh, labhraíonn na figiúirí dóibh féin; ó thaobh teicneolaíocht nua a chur i mbéal an phobail, is iad Apple a dhéanann an chuid is mó de, agus leanann daoine eile pé áit a dtéann siad. Chonaiceamar sin leis an *iPod*, leis an *iPhone* agus anois leis an *iPad*.

Níl aon dabht, mar sin, ach go dtreoraíonn Apple an margadh, agus is mar gheall air sin go bhfuil sé chomh suimiúil súil a choimeád ar na tairgí nua atá á ndearadh acu. Nuair a sheas Steve Jobs ar an stáitse ag tús na míosa bhí chuile dhuine ag tabhairt aire.



Ní raibh aon mhórtháirge nua aige, ach bhí cúpla giota suimiúil le rá aige mar sin féin. Mar a bhí chuile dhuine ag súil leis, tá réimse nua *iPod* ullamh chun margaidh, idir *iPod Shuffle* nua, *iPod Nano* nua agus *iPod Touch* nua. Fanann an *Classic* mar a bhí le tamall anois.

Níl mórán athraithe leis an *Shuffle* nó an *Touch*, ach tá dearadh iomlán nua ag an *iPod Nano* agus é iontach suimiúil mar threoir ar an tslí a bhféadfadh an margadh dul amach anseo. Tá an gléas nua iontach tanaí ar fad, díreach 9mm ar tiús, agus níl ar an aghaidh ach an scáileán iltadhaill ar nós mar atá ar an *iPhone* agus *iPod Touch*. Tá an scáileán 4cm ar fiar ó chúinne go cúinne, agus má shamhlaíonn tú sin b'fhéidir go dtabharfaidh tú faoi deara go bhfuil sé beagnach ar chomh-mhéidle d'uaireadóir. Labhair an tUasal Jobs faoi sin go díreach, ag tabhairt le fios go mbeidh cás ar fáil a ligfidh duit an *Nano* a chaitheamh mar uaireadóir. Ritheann an *Nano* ar *iOS*, an córas oibriúcháin céanna leis an *iPhone*, agus cé nach bhfuil Wifi air an uair seo, ní deacair a shamhlú go bhféadfadh go mbeidh *Wifi* ag an gcéad *Nano* eile. Níl sé de chumas aige Apps a rith ach oiread ach, arís, is féidir bheith ag súil leis go mb'fhéidir go dtiocfaidh sé sin sul i bhfad. Cailleadh an ceamara ón leagan deireanach chomh maith, agus iad ag brú gach rud isteach i gcorp nach bhfuil mórán níos mó ná cúpla bonn €2. Más féidir leo an méid atá déanta leis an ngléas seo a dhéanamh arís i mbliana, ní deacair a shamhlú go mbeidh Nano ar fáil an bhliain seo chugainn le Wifi, ar féidir leis Apps a íoslódáil mar is féidir leis an *iPhone* agus a bhfuil ceamara air. Cuir sin ar fad le chéile agus, más rud é go raibh suim agat riamh in Dick Tracey, Inspector Gadget nó aon cheann den iliomad scéalta eile a raibh fón-uaireadóirí iontu, caithfidh go bhfuil sceitimíní ag teacht ort. Tá an Nano nua ar fáil anois ó apple.ie ar phraghas €159 ar 8GB nó €189 ar 16GB.

An t-ábhar suime eile mór a bhí ann ná an Apple TV nua. B'fhéidir go raibh an sean-Apple TV ar an aon táirge amháin a bhí ag Apple nár éirigh leis sa mhargadh ach ar lean siad leis ar aon nós. Ghlaoigh Jobs "Hobby" air níos mó ná uair amháin. Tá ceann nua anois agus feabhas mór tágtha air - níl mar chostas air anois ach €119, agus tá an gléas ina iomlán i bhfad níos snasta ná mar a bhí. Is féidir féachaint ar fhíseáin ó youtube air, nó ó do ríomhaire, nó cíos 48 uair a' chloig a ghlacadh ó iTunes, le praghasanna do scannáin ó €2.49 agus cláracha teilifíse ó 99c.

An taobh eile suimiúil de seo ná go gcuireann an gléas seo tús le tréimhse eile iomaíochta idir Apple agus Google. Deirtear go bhfeicimid Google TV go luath, le gléasanna ó leithéidí Samsung ag rith ar an gcóras oibriúcháin *Android* ag dul in iomaíocht le *AppleTV*, agus scanradh ag teacht ar leithéidí Sky agus UPC. I gceann cúpla bliain, níl mórán dabht ach go mbeidh modh iontach éagsúil ar fad againn féachaint ar chláracha teilifíse agus ar scannáin ná mar atá anois.




## Titim i bpraghsanna tithe ó thuaidh

**Anton Mac Cába**

BHÍ titim 2.5% ar phraghsanna tithe ó thuaidh sa dara ráithe den bhliain, i gcomparáid leis an ráithe roimhe. Mhair méadú 2.4% thar thréimhse bliana; tá an laghdú is déanaí ag cur leis an imní go bhfuil an meathlú ag filleadh.

Is é an meánphraghas atá ar thithe ó thuaidh anois ná £163,459 (€196,823). Tá sin píosa beag níos saoire ná meánphraghas an Deiscirt, atá ag €201,364. Ba ó thuaidh a bhí an titim ba mhó, nó ba 1.7% a thit praghsanna ó dheas sa ráithe. Ó thuaidh, tá anois 61% de thithe níos saoire ná £150,000 (€180,628.13).

Chuir an praghas réasúnta seo borradh áirithe faoin mhargadh. Tá an margadh anois níos éasca ag ceannaitheoirí céaduaire. Ach níl siad ag plódú isteach sa mhargadh, nó tá sé deacair morgáiste a fháil.

Is é deisceart Bhéal Feirste an ceantar is daoire - £272,917 (€328,914) an meánphraghas ar theach ann. B'é an ceantar ba shaoire ná Doire agus an Srath Bán, mar gur £119,185 (€143,672) an meánphraghas ar theach. Is laghdú 24.3% é sin le bliain anuas. Tá an ceantar sin ar an teorainn le Dún na nGall. Is aon mhargadh amháin é an dúiche ar dhá thaobh na teorann. In ainneoin fhadhbanna an tuaiscirt, tá cúrsaí níos fearr ann ná mar atá ó dheas, dar le Seamus McGovern. Is gníomhaire eastáit é McGovern atá gnóthach ar dhá thaobh na teorann, oifigí aige in Inis Ceithleann agus Sligeach. "Níl rud ar bith á dhíol sa deisceart," ar seisean. "Tá rud beag á dhíol ó thuaidh. Agus tá praghsanna ó thuaidh níos airde chomh maith."

# Anglo scoilte ina dhá leath

## An bhfuil an fhadhb scoilte ina dhá leath nó an bhfuil dhá fhadhb againn anois?



Treasa Bhreathnach

D'fhógair an Roinn Airgeadais arú inné go bhfuil siad chun an dá leath a dhéanamh as Anglo Irish Bank, banc maoinithe (Funding Bank) agus banc gnóthú sócmhainní (Assets Recovery Bank).

Ní bheidh aon iasachtaí á ndéanamh ag an mbanc maoinithe ach beidh sé ag feidhmiú d'éarlaisí (deposits) nua agus d'éarlaisí custaiméirí atá acu cheana féin.

Beidh deighilt iomlán idir an banc maoinithe agus an banc gnóthú sócmhainní. Beidh an banc gnóthú sócmhainní ag déileáil leis na fiacha uile nach bhfuil aistrithe go fóill go NAMA agus beidh an rialtas á ráthú (guaranting) go fóill.

Uaidh seo amach is é an tAire Airgeadais úinéir an bhainc mhaoinithe. I ráiteas a rinne an rialtas Dé Céadaoin dúirt siad go raibh sé i gceist acu go ndíolfaí an banc gnóthú sócmhainní i bpáirt nó go hiomlán nó fiú go bhfaighfí réidh lena chuid sócmhainní thar thréimhse ama.

Ní hé seo an plean a mhol Bord Stiúrtha Anglo don rialtas ach deir an banc gur fháiltigh siad roimh an chinnteacht a thug cinneadh an rialtais dóibh an tseachtain seo.

Cé gur fhógair bainistíocht an bhainc an tseachtain seo caite gur mheas siad go gcosnóidh bainistiú an bhainc timpeall €25bn níl an Taoiseach Brian Cowan ag iarraidh aon fhigiúr a lua. Dúirt sé an tseachtain seo go mba cheart go mbeadh an bille deireanach againn d'Anglo faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair tar éis don Bhanc Ceannais cinneadh a dhéanamh faoin gcostas ar an dá bhanc éagsúla. Tá an rialtas, is é sinn muid ar fad, tar éis €23bn a chaitheamh ar an mbanc cheana féin.

Bhí sé soiléir go raibh an margadh domhanda amhrasach faoi phlean eacnamaíochta rialtas na hÉireann agus, dá bharr sin, tháinig ardú ar bhannaí Éireannacha go dtí 6.05% i rith na seachtaine, cé gur thit siad go dtí 5.991 ar an gCéadaoin.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil roinnt muiníne caillte ag an margadh idirnáisiúnta i gcumhacht agus i gcumas an rialtais teacht as tubaiste Anglo agus go mbeidh costas níos mó ar Éirinn iasacht a fháil.

Is é an bund, nó bannaí Gearmánacha, tagarmharc sábháilte na hEorpa sa mhargadh idirnáisiúnta agus meastar sábháilteacht agus dainséar sa mhargadh idirnáisiúnta ag brath ar cén sórt bearna atá idir bannaí Gearmánacha agus bannaí tíortha eile. Deir anailísithe gur cuma leis an margadh idirnáisiúnta cén sórt plean atá ag an rialtas faoin bhealach is fearr le déileáil le Anglo agus nach bhfuil uathu ach méid an bhille dheireanaigh a bheith ar eolas acu.

Caithfidh an plean seo dul chuig Coimisiún na hEorpa go fóill ach tá sé ráite acu go mbeidh siad ag cuardach tuilleadh soiléirithe sula féidir aon chinneadh a thógáil. Tá ceann de na heasnaimh bhuiséid is measa ag Éirinn san Eoraip agus níl sé soiléir go fóill an mbeidh na billiúin a íocadh le Anglo san áireamh nuair a dhéanfaidh an tAontas Eorpach a gcuid ríomhaireachta ar fhiacha náisiúnta na tíre do 2010. Anuraidh bhí easnamh sa bhuiséad de €25bn againn agus i mbliana ceaptar go mbeidh easnamh de timpeall €22bn i gceist.

Má tharlaíonn go gcuirtear san áireamh iad, síleann eacnamaithe an ESRI go mbeidh easnamh sa bhuiséad de níos mó ná 20% den fhíor-olltáirgeacht intíre (GDP) again; mura gcuirtear beidh easnamh de timpeall 11% againn.



An tAire Airgeadais Brian Lenihan TD, Fianna Fáil, ar a bhealadh chuig seisiúin eolais don phreas faoin athchóiriú ar Bhanc Angla-Éireannach.




AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE:
FOIREANN LÁNAIMSEARTHA
LE hEARCÚ

TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE

Is mian le Foras na Gaeilge na ceapacháin seo a leanas a dhéanamh chun cur le foireann lánaimseartha an tionscadail:

- EAGARTHÓIR (3 phost; scála pá €55,863 – €69,132)
- AISTRITHEOIR (3 phost, scála pá €30,738 – €59,604)
- OIFIGEACH CLÉIREACHAIS (2 phost, scála pá €22,015 – €35,515)

Conradh go dtí deireadh an tionscadail (31 Nollaig, 2012) a bheidh i gceist leis na poist seo ar fad, agus is in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath nó i nGaoth Dobhair a bheidh siad lonnaithe.

Tá gach eolas agus foirmeacha iarratais do gach post acu le fáil ar **www.focloir.ie**

SPRIOCDHÁTA: Ba chóir go mbeadh na foirmeacha iarratais comhlánaithe seolta chuig poist@forasnagaeilge.ie faoi 5.00 p.m. **Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2010**.

*Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.*

*Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.*

Foras na Gaeilge

BREIS EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

www.focloir.ie • poist@forasnagaeilge.ie • T: +353 1 639 8434

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meán Fómhair, 2010

# 6 COMHSHAOL

# Athchúrsáil – mar thruailliú

*Ar lean ó leathanach a haon*

Cé go bhfuil córais ar bun san Eoraip agus i SAM le hathchúrsáil a dhéanamh ar an 'ríomhdhramhaíl' (*e-waste*) seo, tarlaíonn sé go fóill go n-onnmhairítear cuid mhaith di go tíortha tearcfhorbartha – tíortha ina bhfuil na dlíthe i dtaca le cosaint an duine agus le cosaint an chomhshaoil de míshásúil nó gan a bheith á gcur i bhfeidhm ar chor ar bith. Agus in ainneoin na gcóras athchúrsála san Iarthar, creidtear go n-onnmhairíonn SAM féin 90% dá r-dhramhaíl go dtí an tSín agus go dtí an Nigéir.

De réir '*The Ecologist*', bíonn na carnáin truflaise ón Iarthar – gutháin phóca, ríomhairí agus earraí leictreonacha eile a chaitear amach go laethúil – go minic á n-athchúrsáil go mídhleathach i dtíortha tearcfhorbartha faoi choinníollacha bunúsacha agus gan rialú. Mar sin de, is foinse shuntasach de thruailliú agus d'éilliú tocsaineach é sna tíortha sin.

Is tionscadal tinteáin gan rialú é athchúrsáil na n-earraí leictreonacha sa tSín, agus tá tionchar nach beag aige ar shláinte na ndaoine áitiúla. Déantar cuid mhaith den obair lámhnochta gan cosaint ar bith. Baintear na comhpháirteanna de na fearais leictreonacha i bpróiseas darb ainm 'róstadh', .i. go ndéantar na fearais a ghríoscadh thar shorn leis na comhpháirteanna a bhaint amach astu. Sa phróiseas seo, scaoiltear saor an iliomad ceimiceán isteach san aer, trom-mhiotail san áireamh.

Is carcanaiginí iad cuid de na comhdhúile ceimiceacha, .i. gineann siad ailse sa cholainn. Suaitheann cuid eile acu na próisis bhithcheimiceacha inmheánacha sa cholainn – mar shampla, sa chóras atáirgthe (*reproductive*) agus sa chóras inchríneach (*endocrine*), .i. córas na bhfaireog a ghineann agus a scaoileann hormóin ar fud na colainne. Bíonn éalanga éagsúla ar 88% de na hoibrithe sa tionscadal seo – éalanga néareolaíocha, riospráide, díleácha, agus galair chraicinn. Bíonn rátaí thar an mheán ó thaobh na mairfeachta (*miscarriage*) de chomh maith. I gceantar amháin áirithe, Guiyu na Síne, tá leibhéal na luaidhe i bhfuil na bpáistí 88% níos airde ná mar a bhíonn sa ghnáthpháiste.



Is é Guiyu, atá suite i gcúige Guangdong na Síne, an láithreán r-dhramhaíola is mó ar domhan. Tugtar 'Reilig na Leictreonach' air. Meastar go bhfuil 150,000 duine ag obair sa bhaile mhór seo leis an r-dhramhaíl a athchúrsáil.




Allmhairíonn an tSín 1 mhilliún tonna (impiriúil) de r-dhramhaíl gach bliain; agus síltear go dtéann 100 leoraí gach aon lá go Guiyu agus iad lán r-dramhaíola, agus déantar é a dhumpáil ansin i limistéar 52 km2 ar mhaithe leis an athchúrsáil. Láisteann (leach) na tocsainí as na hearraí leictreonacha san áit dumpála sin agus isteach leo sa screamhuisce (groundwater).

Tá an t-uisce do-ólta in Guiyu agus máguaird anois, agus is gá uisce glan a iompar isteach ó cheantair eile le freastal ar éileamh na hacmhainne is bunúsaí seo.

Cuireann an bhochtaineacht leis an fhadhb: cé go bhfuil contúirt sláinte ag baint leis an obair seo, cothaíonn an bhochtaineacht riachtanas leis an obair seo don phobal. Tá Guiyu ag mealladh daoine ón tuath lá i ndiaidh lae agus iad ar thóir oibre agus saol níos fearr. Agus ar an ábhar go bhfuiltear ag cuardach oibre sa cheantar, táthar ann atá buartha faoi bhagairt ar bith ar an tionscadal. Tá imní ann, dá gcuirfí na rialacha sláinte agus timpeallachta i bhfeidhm, go n-ardófaí costais na hathchúrsála sa bhaile, agus go rachadh an tionscadal go háit éigin eile atá sásta na rialacha a bhriseadh ar mhaithe leis na híoschostais a choinneáil.

Tá brú ar an tSín na rialacha a chur i bhfeidhm gan amhras, ach is léir nach bhfuil siad i réim go fóill. Tá daoine bochta Guiyu ag íoc na gcostas as na hearraí saora a úsáidimidne. Cuireann sé seo dearcadh eile ar an 'ghá' atá againn féin san Iarthar bheith 'cothrom le dáta' le gach aon mhúnla teicneolaíochta amuigh sa mhargadh. An mbeimis sásta tuilleadh den chostas a ghearradh orainn féin ar mhaithe le sláinte agus timpeallacht daoine eile? I saol an gheilleagair dhomhanda, tá tionchar ag gach aon rogha dár gcuid ar dhaoine eile ar an chruinne bheag seo.

# Déan dearmad ar na málaí plaisteacha!

**Meadhbh Ní Eadhra**

SHEOL Mr. Binman, comhlacht bruscair agus athchúrsála, agus WLR fm, stáisiún raidió i bPort Láirge, an feachtas "Bag for Life" an tseachtain seo. Is é Gary O'Keefe bainsteoir Mr. Binman, agus is é Billy McCarthy Stiúrthóir Clár WLR fm.

Tá an dá chomhlacht i mbun an togra seo agus iad ag iarraidh laghdú ar úsáid málaí plaisteacha a chur chun cinn, ionas go mbeidh daoine níos freagraí i leith na timpeallachta de. Is é Mr. Binman Comhlacht Athchúrsála Repak na Bliana faoi láthair agus bíonn an comhlacht i gcónaí ag iarraidh níos mó athchúrsála a chur chun cinn. Deir Joe Cleary, Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta Mr. Binman, "An dúshlán atá romhainn go léir ná athruithe beaga a dhéanamh inár saol laethúil. Is féidir le céimeanna beaga ach suntasacha ar nós laghdaithe, athúsáide agus athchúrsála difríocht mhór a dhéanamh. Táimid ag iarraidh gach duine a spreagadh chun an t-athrú sin a dhéanamh inniu." Deir sé freisin go bhfuil ról againn go léir i Réabhlóid Ghlas Mr. Binman agus gur féidir tacú leis chun é sin a dhéanamh. Is comhlacht bruscair agus athchúrsála é Mr. Binman atá á rith ag teaghlach. Tá os cionn 150 duine fostaithe ag an gcomhlacht i gceantar an oirdheiscirt. Le tuilleadh eolais agus sonraí a fháil is féidir cuairt a thabhairt ar www.mrbin.ie.

# Uisce. Níl rud ar bith níos simplí, shílfeá. Ach ní mar a shíltear a bhítear!

Amárach, seolfar sraith nua iniúchta eolaíochta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, ina mbeidh **Conn Ó Muineacháin** agus tuairisceoirí eile ag dul "Ar Strae sa tSaotharlann". Agus mar eolaithe maithe beimid ag fiosrú agus ag ceistiú gach aon rud: fiú na rudaí atá "simplí".

Tá uisce riachtanach don saol. Ní féidir aon saol a shamhlú a d'fhéadfadh feidhmiú gan uisce. Murach uisce, ní bheimis anseo chun na ceisteanna a chur: "Cad é atá suntasach faoi uisce? Cénbunús ceimiceach atá le cumas an uisce chun beatha agus bitheolaíocht a chothú?"

Ar nós ábhar ar bith eile sa saol, tá uisce déanta as móilíní. Agus tá comhshuíomh an mhóilín uisce luaite sa bhfoirmle iomráiteach: H2O. Is é sin le rá go bhfuil gach aon mhóilín uisce déanta as adamh amháin ocsaigine, nasctha le péire adaimh hidrigine. Dearcadh eile atá air ná gurb é uisce an toradh a fhaightear nuair a dhóitear hidrigin i láthair ocsaigine. (Dónn sé go pléascach - ná triail é seo sa bhaile!)

Ach sin é an chéad rud atá aisteach faoi uisce. Is gáis iad hidrigin agus ocsaigin ag gnáththeocht an domhain. Nach ait go bhfuil a gcomhdhúil ina leacht ag an teocht céanna?

Míníonn an tOllamh Michael Hynes ó Scoil na Ceimice, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, go bhfuil go leor substaintí ann a bhfuil an mhais mhóilíneach chéanna acu le huisce, ach atá ina ngal ag gnáth-theocht an domhain. Dá mbeifí ag breathnú ar an mais mhóilíneach amháin, deir sé gurb amhlaidh a bheadh fiuchphointe an uisce ag -150°C. Is é sin le rá: bheadh sé ina ghal ag an ngnáththeocht; bheadh ort é a fhuaradh go dtí -150°C chun é a leachtú; agus cá bhfios an mbeadh a leithéid de rud ann agus leac oighir!

Ach ní hí an mhais mhóilíneach bun agus barr an scéil. Míníonn an tOllamh Hynes go bhfuil scéal eile le hinsint: faoi struchtúr na móilíní uisce, agus na fórsaí atá ag feidhmiú idir eatarthu.

Is é an cur síos is fearr is féidir a dhéanamh ar chruth an mhóilín uisce ná a rá go bhfuil an-dealramh aige le Mickey Mouse!

An t-adamh ocsaigine, sin é cloigeann an lucha, agus is iad an dá adamh hidrigine a chluasa.

An chaoi ina bhfuil na leictreoin roinnte sa mhóilín, sin é is cúis leis an gcruth ar leith seo, agus tá iarmhairt eile acu freisin. Cé go bhfuil lucht leictreastatach neodrach ar an móilín iomlán, is amhlaidh nach bhfuil an lucht seo dáilte go cothrom ar an móilín. Tá lucht beag diúltach ar smig Mickey, agus lucht beag deimhnitheach ar bharr a dhá chluais!

Ciallaíonn sin go dtarraingíonn gach cluas smig eile, agus ceanglaítear na móilíní uisce le chéile i slabhraí.

Tugtar móilíní polacha ar mhóilíní a bhfuil difríocht leictreastatach mar seo idir foirceann amháin agus foirceann eile. Tugtar nasc hidrigine ar an gceangal seo idir na móilíní, nó H-nasc, agus is é is cúis le go leor des na tréithe atá ag uisce a chuidíonn leis an mbitheolaíocht ach go háirithe. Is iad na H-naisc a tharraingíonn na móilíní i dtreo is nach féidir leo éalú ina ngal go dtí go sroicheann an teocht 100°C, rud a chiallaíonn go mbíonn uisce ina leacht ag gnáth-theocht an domhain.

Agus cad é mar leacht! Is é uisce an sár-thuaslagóir. Arís is é tréith pholach na móilíní is cúis leis seo: tuaslagaíonn níos mó rudaí in uisce ná in aon leacht eile. Tá uisce sár-oiriúnach mar mheán agus mar ghníomhaí in imoibrithe bitheolaíochta: riospráid, fótaisintéis, filleadh próitéine.

Le déanaí, fuarthas amach go bhfuil páirt fhíor-thabhachtach ag móilíní uisce in oibriú DNA: croícheimic na beatha féin.

Is é polaraíocht na móilíní uisce is cúis le huisce a bheith chomh "fliuch", go ngreamaíonn na móilíní de dhromchlaí eile. Leis an ngreamaitheacht seo, agus an tarraingt atá idir na móilíní istigh sa leacht, tá tréith shuntasach eile ag uisce ar a dtugtar gníomhú ribeach. Sin é an chaoi inar féidir le huisce dreapadh laistigh d'fheadán caol, agus is é a chuidíonn le crainn an t-uisce a tharraingt óna bpréamhacha go dtí na duilleoga.


Amárach ar an raidió, déanfaimid cur síos ar thurgnamh a léiríonn finiméan eile atá ag uisce: sin é an teannas dromchla, nó an "craiceann" atá ar uisce. Arís, tá iarmhairt thábhachtach bhitheolaíochta aige seo, go háirithe don scinnire locháin, feithid a chaitheann a shaol "ag siúl" ar dhromchla an uisce.

Agus an brú ag méadú ar acmhainní nádúrtha an domhain, tá tabhacht níos mó ná riamh le huisce. Ní amháin go bhfuil sé riachtanach don mbeatha, ach tá ról tábhachtach aige in go leor teicneolaíochtaí nua a chuideoidh linn an timpeallacht a chaomhnú, mar shampla, an bhithchógaisíocht.

Ach is acmhainn theoranta é: níl ach méid áirithe uisce ar domhan, agus is sáile é 97% dá bhfuil ann! Fiú ar an oileán báite seo tá léargas maith faighte againn le déanaí ar na deacrachtaí agus na dúshláin a bhaineann le huisce glan a aimsiú agus a sholáthar don bpobal. Deirtear linn go bhfuil ré an uisce gan táille thart, agus méadair uisce ag leathnú ar fud na tíre.


Tá meas níos mó ná riamh againn ar uisce, agus é ag méadú de réir mar atáimid ag foghlaim faoi. Is ábhar iontach é agus ábhar suntasach, agus níl sé "simplí".

*"Ar Strae sa tSaotharlann", sraith nua eolaíochta agus timpeallachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.*



**GLUAIS**

**saotharlann:** laboratory
**fiuchphointe:** boiling point
**mais mhóilíneach:** molecular mass
**lucht leictreastatach:** electrostatic charge
**tuaslagóir:** solvent
**bithchógaisíocht:** biopharmaceuticals



**Is amhlaidh go bhfuil cruth an mhóilín uisce cosúil le cloigeann Mickey (Ocsaigin) agus lena dhá chluais (Hidrigin) H2O.**

## BLÚIRÍNÍ
**Le Treasa Bhreathnach**

### Moncaithe ag fáil an ceann is fearr ar shreanga

Tá moncaithe sa Ghuine ag foghlaim leis an gceann is fearr a fháil ar fhiagaithe sa cheantar. Fuair beirt taighdeoirí a bhí ag déanamh staidéir ar mhoncaithe, fuair siad amach go bhfuil sé de chumas acu díghníomhachtú a dhéanamh ar shreanga na bhfiagaithe. Tá siad in ann díghníomhachtú a dhéanamh ar na sreanga gan iad féin a chuir i mbaol. Go dtí seo níl an scil seo foghlamtha ag moncaithe in aon cheantar eile den Ghuine. Is é an rud is iontaí ná go ndéanann na moncaithe iarracht teacht ar na sreanga d'aon gnó chun díghníomhachtú a dhéanamh orthu.

### Buachaill óg ionsaithe ag mór-rón ar cheap gur iasc é

Tá buachaill óg 11 bliain d'aois san ospidéal san Astráil de bharr gur shíl mór-rón gur iasc a bhí ann. Rinne an mór-rón Lexie sraoth ar an mbuachaill óg Jack Lister agus bhí sé clúdaithe le putogaí éisc rud a chiall go raibh boladh éisc uaidh. Cheap an mór-rón gur iasc a bhí ann, nó dinnéar i bhfocail eile. Níl Jack Lister gortaithe go dona ach tá a bholg agus a dhroim gortaithe.

### Rónta gan chloigeann i gContae an Dúin

Tá an Ghníomhaireacht Chomhshaoil i dTuaisceart Éireann imníoch tar éis dóibh teacht ar shé chorp déag de rónta agus fianaise ann go bhfuair siad bás go foréigneach i gContae an Dúin idir mí an Mheithimh agus mí na Samhna 2009. Fuarthas roinnt de na rónta gan chloigeann agus bhí an chosúlacht ann gur caitheadh piléar le roinnt eile agus fuarthas fianaise gur buaileadh iad agus gur bádh roinnt acu. Má tá aon duine amhrasach faoi aon duine i leith a gcuid gníomhaíochtaí le rónta iarrtar orthu dul i dteagmháil lena stáisiún áitiúil PSNI ar 08456 008 000.

### Teas ón Meitreo chun árasáin a théamh

Tá comhlacht ar leo bloc árasán in aice leis an Ionad Pompidou i bPáras chun an teas a ghintear sa Meitreo a úsáid chun a gcuid árasán a théamh. Fanann teocht an stáisiúin is giorra dóibh idir 14-20 céim Celsius de bharr an méid daoine, traenacha agus trealaimh atá sa stáisiún. D'fhéadfaí an teas a úsáid chun uisce a théamh agus é a phumpáil go dtí an dromchla chun an córas téimh faoi thalamh a úsáid. Tá staighre ann cheana féin sa stáisiún agus sna hárasáin a bheadh úsáideach do na píopaí uile. Níl an córas téite seo chomh neamhghnách sin, i Stócólm úsáidtear an Meitreo chun oifigí a théamh agus in Osló úsáidtear an córas séarachais chun an chathair a théamh.

### Bailiúchán Náisiúnta Gníomhaíochais

Tá Bailiúchán Náisiúnta Gníomhaíochais (National Activism Gathering) le bheith i bPort Láirge ón 24-26ú Meán Fómhair. Beidh ceardlanna, cainteanna agus neart eile agus an grúpa 'cairde an domhain' nó Friends of the Earth ag iarraidh fáil faoi réir d'fheachtas ollmhór an Fhómhair seo chun reachtaíocht aeráide a bhaint amach in Éirinn. Tá an rialtas ar tí bille athrú aeráide a fhoilsiú agus tá sé i gceist ag 'cairde an domhain' feachtasaíocht a dhéanamh ar Airí Stáit na tíre le cinntiú gur bille láidir a bheidh ann. www.foe.ie

# 7 BEATHA

# Adrian + Shane: Ealaín san Fhuil


Scott De Buitléir












Deir roinnt daoine gur féidir le páistí tallann áirithe a thabhairt leo le hoidhreacht óna dtuismitheoirí. Maraon le súile a n-athar nó cuid gruaige a máthar, ceaptar gur féidir bua an cheoil nó na cainte a aimsiú sa DNA, faoi mar gur féidir gineolas bitheolaíoch na dtréithe fisiciúla a aimsiú.

Níl aon fhianaise ann go bhfuil an tuairim sin fíor, ach is comhtharlú maith é go bhfuil bua na healaíne ag sinsir Adrian agus Shane, beirt ealaíontóirí as Dún Dealgan atá ag obair le chéile le deich mbliana anuas. “Bhí mo dhaid ag sceitseáil i gcónaí,” a deir Shane, “agus rinne sé cúpla píosa ealaíne as adhmad. Is dócha go raibh tionchar éigin aige ar a chlann, mar oibríonn mo dheirfiúr sa scannánaíocht mar dhearthóir léiriúcháin (production designer) agus is ealaíontóir mé féin. Thairis sin, rinne mé staidéar ar an ailtireacht i Scoil Ealaíne Ghlaschú.”

“Dar le mo mháthair,” a deir Adrian, “bhí cion ag mo sheanathair ar an sceitseáil. Faraor, níor coimeádadh aon chuid dá chuid ealaíne nuair a cailleadh é. Ní dhearna mé mo chuid obair baile riamh agus mé ar scoil, mar sin, nuair a bhí ealaín á déanamh ag páistí eile an ranga ar scoil gach Aoine, bhí ormsa mo chuid oibre a dhéanamh i gcoirnéal an tseomra.” Mar gheall ar an spéis atá acu beirt i gcúrsaí ealaíne, níorbh fhada go raibh siad ag siúl amach le chéile, agus tá siad fós le chéile sa lá atá inniu ann.

Agus iad ag diúltú a sloinnte a rá liom, á mbrandáil iad féin mar Adrian + Shane amháin, oibríonn Adrian agus Shane mar a bheadh aon ealaíontóir amháin iontu. Ach ní mór an cheist a chur: conas is féidir le beirt ealaíontóirí - ar nós aon lánúine eile - difríochtaí tuairime nó stíle a réiteach? An freagra, dar leo, ná go raibh dhá bhliain déag acu le foghlaim. “Is maith linn an sórt ealaíne agus graifice céanna, ach tá bealaí difriúla againn leis sin a thaispeáint,” arsa Shane. “Is féidir liomsa a bheith níos graificí, ach díríonn Adrian ar íomhánna agus ábhar an phíosa. Ach, sin an meascán atá de dhíth ar aon phíosa dár gcuid.” Dar le hAdrian, áfach, forbairt a bhí ann ó 1997 ar aghaidh. “Athraíonn ár stíleanna i gcónaí. Bhí ár gcuid oibre an-gharbh ar dtús, ag baint úsáide as colláis agus acrilicigh den chuid ba mhó. Le déanaí, áfach, táimid ag tuilleamh ainm dúinn féin mar gheall ar ár gcuid ealaíne teilgin, ealaíne stionsail, na grianghrafadóireachta agus íomhánna a chur ar chúisíní, fiú! Bainfimid triail as achan rud.”

Cé gur tógadh iad sa bhaile céanna, agus gur fhreastail siad ar an scoil chéanna, níor bhuail Adrian agus Shane le chéile go dtí mí na Nollag 1997 nuair a chuir cairde in aithne dá chéile iad urlár rince. Dhá bhliain ina dhiaidh sin bhí a gcéad taispeántas acu in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha mar ‘Adrian + Shane’ - beirt ealaíontóirí ag obair le chéile. Bhí níos mó ná 50 píosa ealaíne acu - idir phéinteáilte agus osteilgthe - go leor chun dhá thaispeántas a chur ar fáil, cé go raibh siad buartha nach raibh go leor déanta acu. “Sensation By Deprivation an t-ainm a bhí air, cé nach raibh baint ar bith ag an teideal leis an ealaín í féin, agus bhí sé ar taispeáint ar feadh míosa san Ionad.” Ó shin i leith, tá ealaín Adrian + Shane ceannaithe agus curtha ar taispeáint i gcathracha ar fud an domhain: ó Bhaile Átha Cliath go Nua-Eabhrac, ó Londain go Ibiza agus ó Sydney go Súl na Cóiré Theas.

Baineann ealaín Adrian + Shane leis an bpopchultúr agus faigheann siad inspioráid ó scannáin, ó cheol agus ó ealaíontóirí eile. Má tá a leithéid de rud ann agus ealaín nua-aimseartha Éireannach ann, ní hé tuairim Adrian é go bhfuil mórán bainte ag Éirinn lena gcuid ealaíne féin. “Ceapaimse féin gur féidir le healaín na hÉireann a bheith antógtha le hábhair dháiríre, cé nach drochnós é sin ach an oiread. Is féidir le hinspioráid ár gcuid ealaíne a bheith tógtha ó ábhair dháirire, cé nach mbeadh an ealaín í féin dáiríre.” Is fíor sin. Is é sampla amháin dá gcuid grinn ná píosa d’Íosa i stíl popealaíonta, teilifís faoi agus ‘I’m not like you’ péinteáilte ar an scáileán.

Tá Adrian + Shane ag ullmhú don bhliain seo chugainn cheana féin. “Cinntíodh dhá thaispeántas in Éirinn in 2011, agus beidh sé i gceist againn ceann eile a chur ar siúl roimh dheireadh na bliana seo chomh maith. Tá seans ann taispeántais a chur ar siúl i Londain agus i Nua-Eabhrac freisin, ach neosfaidh an aimsir.” Idir an dá linn, is féidir cuairt a thabhairt ar a suíomh idirlín, www.adrianandshane.com le tuilleadh dá gcuid ealaíne a fheiceáil nó níos mó eolais a fháil.

# NUACHT Litríochta



Le Meadhbh Ní Eadhra

## Manannan's Cloak : An Anthology of Manx Literature

*Arna roghnú agus aistriú ag Robert Corteen Carswell*
*Francis Boutle Publishers*
*£16.99*

**Le Ciarán Dunbar**

Is díolaim litríochta Manannan's Cloak a tharraingíonn le chéile téascanna éagsúla i nGaeilge Mhanann ó na scríbhinní is sine sa chanúint (circa 1490 ar aghaidh) go dtí an scríbhneoireacht is déanaí, chomh maith le haistriúcháin go Béarla.


Cé gur cineál Gaeilge í an Mhanainnis, tá córas litrithe ar leith aici, mar sin de is dócha go mbeadh an-obair ag an ghnáth-Ghaeilgeoir a tuigbheáil gan úsáid a bhaint as an Bhéarla.

Tá an bailiúchán curtha le chéile agus an t-aistriúchán déanta ag Robert Corteen Carswell, gníomhaire teanga san oileán. Tá gach cineál scríbhneoireachta ar fáil sa leabhar seo, litríocht chreidimh, béaloideas, amhráin agus dlíthe ina measc.

Leabhar den scoth é an leabhar seo don té ar mhaith leis blaiseadh a fháil ar litríocht Ghaelach Mhanann. Níl fáil ar an chuid is mó dá bhfuil sa leabhar go forleathan, ar ndóigh.

Tá sé ar intinn ag Francis Boutle Publishers díolaim de Ghaeilge na hAlban a fhoilsiú ar an bhliain seo chugainn.

Tuigtear do Gaelscéal chomh maith go bhfuil siad ag cuardach duine a bheadh in ann díolaim de Ghaeilge na hÉireann a chur in eagar.




# Gearrliosta do Ghradam Leabhar na Bliana fógartha



**Meadhbh Ní Eadhra**

Tá an tráth sin den bhliain buailte linn arís agus gearrliosta do Ghradam Leabhar na Bliana fógartha. Tugadh aitheantas d'ardchaighdeán fhoilsitheoireacht na Gaeilge oíche Mháirt nuair a d'fhógair Páidí Ó Lionáird an gearrliosta in *The Sugar Club* i mBaile Átha Cliath.

Is comórtas liteartha ar leith é Leabhar na Bliana ina dtugtar aitheantas don sár-obair atá ar siúl ag foilsitheoirí na Gaeilge, agus ag an am céanna ina n-aithnítear ról tábhachtach na scríbhneoirí sa phróiseas.

Is iad Foras na Gaeilge a chuireann an duaischiste ar fáil do na gradaim agus Oireachtas na Gaeilge atá i mbun riaracháin.

Tugtar cuireadh d'fhoilsitheoirí Gaeilge ar fud na tíre leabhair a chur isteach ar chomórtas do dhá ghradam bhliantúla, Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana do Dhaoine Fásta) agus Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga). Tar éis iomaíocht ghéar, roghnaíodh dhá leabhar déag do na gearrliostaí do ghradaim na bliana seo.

"Níl amhras ar bith faoi ardchaighdeán fhoilsitheoireacht leabhair Ghaeilge mar a léiríonn na leabhair ar na gearrliostaí seo," a deir Aedín Ní Bhroin, Stiúrthóir Chlár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge.

"Bliain i ndiaidh bliana, feictear go bhfuil an caighdeán foilsitheoireachta ag dul ó neart go neart ó thaobh obair dhearaidh, maisiúcháin agus réimse ábhair. Ní raibh oiread rogha riamh ag léitheoirí na Gaeilge agus atá anois, idir leabhar ar gharraíodóireacht do leanaí agus leabhair a thugann léargas dúinn ar shaol i dtíortha ar nós na Brasaíle agus na hAfraice."

Tá buaiteoir Ghradam Uí Shúilleabháin 2009, Cois Life, san iomaíocht arís i mbliana agus dhá leabhar dá gcuid ar ghearrliosta na bliana seo. Is iad sin **Favela** le Alex Hijmans agus **Seanfhocla Chonnacht** le Donla Uí Bhraonáin, eagarthóir an eagráin seo.

Tá dhá leabhar le Cló Iar-Chonnacht, atá ag ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód i mbliana, ar ghearrliosta na léitheoirí fásta chomh maith: **Ó Chósta go Cósta**, le Frank Reidy agus **Máirtín Ó Díreáin: Na Dánta**, roghnaithe ag Eoghan Ó hAnluain.

Ar an ngearrliosta seo chomh maith, tá **Aesóp i gConamara**, foilsithe ag Arlen House agus curtha in eagar ag Nollaig Mac Congáil. Is é **Catallus Gaelach**, á fhoilsiú ag Coiscéim, an séú leabhar sa chatagóir seo. Bailiúchán dánta aistrithe ón Laidin atá ann agus iad curtha in eagar ag Pádraig Breandán Ó Laighin.

I measc na dteideal atá ar an ngearrliosta do Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga (Gradam Réics Carlo), tá dhá leabhar ón bhfoilsitheoir Móinín atá lonnaithe i gContae an Chláir. Tá **Na Clocha Síneacha** le Karen Tazi agus **Ruball Trioball** le Esther Gobl Uí Nualláin. Futa Fata a d'fhoilsigh **Mac Tíre na Draíochta** aistrithe ag Tadhg Mac Dhonnagáin.

Aistrithe ag Tadhg Mac Dhonnagáin freisin, tá **Gairdín an Nádúir** ina dtugtar treoir don léitheoir óg faoi thosú amach ar an ngarraíodóireacht agus conas na neacha atá beo inár dtimpeall a aithint.

Athinsint do pháistí na linne seo ar cheann de scéalta Fhinn Mhic Cumhaill atá sa leabhar **An Bradán Feasa** le Darach Ó Scolaí a d'fhoilsigh Leabhar Breac. Is é an leabhar deireanach sa chatagóir seo ná **An Gréasaí Bróg agus na Síoga** le Caitríona Hastings, ón bhfoilsitheoir An tSnáthaid Mhór.

Fógrófar buaiteoirí Ghradam Uí Shúilleabháin agus Ghradam Réics Carló ag Bronnadh Duaiseanna Chomórtais Liteartha Oireachtas na Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh, Dé Máirt 28 Meán Fómhair. Blianta eile, fógraíodh na buaiteoirí ag Oireachtas na Samhna, ach an uair seo tá cinneadh déanta na gradaim a bhronnadh ag an am céanna is a bhronnfar duaiseanna ar scríbhneoirí ar fud na tíre as a saothair i nGaeilge.



**Eoghan Ó hAnluain, Deirdre Ní Thuathail agus Frank Reidy i láthair ag fógairt Ghearrliosta Leabhar na Bliana Dé Máirt.** PIC:MAXWELLS




**An t-údar Esther Gobl Uí Nualláin agus scríbhneoir agus foilsitheoir Ré Ó Laighléis i siopa leabhair Hodges Figgis Dé Máirt, nuair a fógraíodh Gearrliosta Leabhar na Bliana. Tá dhá leabhar de chuid Móinín ar an ngearrliosta do Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga.** PIC: MAXWELLS

## TEILIFÍS agus RAIDIÓ

# Sceideal an Fhómhair ar RnaG



Treasa Bhreathnach

Amárach a chuirfear tús leis an chéad chlár sa tsraith úr de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta **Ar strae sa tSaotharlann**, agus is amárach a chloisfimid glór Risteáird Uí Choisdealbha den chéad uair i dteannta Choinn Uí Mhuineacháin mar chomh-láithreoirí na sraithe.

Is fear óg 22 bliain d'aois é Risteárd as Baile na mBrach, Indreabhán i gCo. na Gaillimhe agus is é seo an chéad uair dó a bheith le cloisteáil ar RnaG.

Tá an tsraith á léiriú ag Edgecast Media do RnaG le cabhair maoinithe ó scéim 'Fís agus Fuaim' Údarás Craolacháin na hÉireann. Is éard atá sna cláir ná meascán míreanna faoin eolaíocht, timpeallacht agus an tionchar atá ag an eolaíocht ar ghnáthshaol an duine. Cé nach é seo an chéad sraith bunaithe ar an eolaíocht de chuid RnaG léiríonn sé go bhfuil siad ar thóir lucht éisteachta níos óige le sprioc éisteachta idir 15 agus 25 bliain d'aois ag an chlár.

Síleann Risteárd go bhfuil neart céimeanna tógtha ag RnaG le blianta beaga anuas chun dul i bhfeidhm ar lucht éisteachta níos óige. "Is dóigh gur thosaigh sé leis na liricí Béarla ar RnaG agus le Anocht FM agus ó shin i leith táthar ag díriú ar an lucht éisteachta óg a mhealladh leis an gclúdach a rinne siad ar oíche gradam IFTA, na Meteor Music Awards agus Electric Picnic."

Cé gurb é seo an chéad sraith do Risteárd ar RnaG tá neart taithí aige ar na meáin óna bheith ag láithriú clár beo trí Ghaeilge ar Flirt FM agus óna bheith ag léiriú podchraoltaí do "Sean" Foinse, mar is fearr aithne air anois.

Síleann sé nach mbeidh céim san eolaíocht uait chun bheith in ann taitneamh agus tairbhe a bhaint as an tsraith mar, mar a deir sé féin, beidh sé féin agus Conn ag déanamh comh-láithriú ar an gclár agus beidh sé féin mar an "an té nach bhfuil clue agam faoin ábhar ar an gclár agus beidh Conn mar an 'geek'."

"A fhad is a bheidh turgnamh á dhéanamh againn gach uile sheachtain ar an gclár, beidh mise ann chun na ceisteanna a chur faoi fháth agus faoi chur chuige na dturgnamh sa chaoi is go dtuigfidh mise an próiseas agus sa bhealach sin go dtuigfidh an lucht éisteachta."

Beidh 'ceist na seachtaine' mar dhúshraith ag gach uile chlár le 'Uisce' mar an chéad téama agus iad ag díriú isteach ar an gcomhlacht Clare Spring Water a bhfuil buidéal plaisteach uisce deartha acu ar féidir é a chuir sa mhúirín (compost) agus a dhéanann dianscaoileadh.

Ar ndóigh beifear ag caitheamh súile ar ceisteanna móra timpeallachta atá i mbéal an phobail cosúil leis na táillí uisce. "Cloisfimid uaidh urlabhraí ón gComhaontas Glas faoi na buntáistí a bhaineann leis na táillí uisce chomh maith leis an Fheisire Eorpach Joe Higgins a bhfuil argóintí aige ar an taobh eile den scéal."



Conn Ó muineacháin agus Risteárd Ó Choisdealbha

Síleann Risteárd go bhfuil muidne mar Éireannaigh feabhsaithe go mór i leith na timpeallachta le hais mar a bhí roinnt blianta ó shin. "Ceapaim go dtagann an feabhas seo ónár gcóras oideachais mar go bhfuil sé múinte dúinn anois gur cheart do dhaoine tabhairt faoin athchúrsáil in áit an bruscar a dhó mar a dhéanfadh ár sinsir," a deir Risteárd.

Tá rud amháin cinnte, cé nach bhfuil an taithí chéanna ag Risteárd agus atá ag láithreoirí eile raidió ní bheidh aon fhadhb chainte aige ar aon nós, agus sílim go bhfuil gach seans ann go mbeidh an-tóir ar a shraith raidió. Beidh deis éisteachta agaibh leis an tsraith seo gach maidin Dé Sathairn ag 10.30rn go dtí 11rn.

Tá sceideal an Fhómhair á chraoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ón 6ú Meán Fómhair le cúig cinn de shraitheanna nua á gcraoladh acu i mbliana. Tá an Satharn lán le cláir úra mar is ar an lá sin freisin a bheidh **Ar Scáth a Chéile** le cloisteáil ag 6.30in agus é curtha i láthair ag Seosamh Ó Braonáin. Beidh an tsraith seo ag díriú orthu siúd atá ag obair san earnáil dheonach sa tír agus beidh sí ag tosú amach le clár faoin gcarthanas To Russia With Love. Beidh **Dúchas agus Daonnacht**, clár faoi 75 bliain de Choimisiún Bhéaloideas Éireann, á chur i láthair ag Micheál Holmes agus beidh sé ar siúl gach Satharn chomh maith óna 10rn.

Beidh roinnt athruithe ar sceideal an Domhnaigh chomh maith le sraith nua ina bpléifear saol na mban sa lá atá inniu ann agus ina gcaithfear súil siar ar chúrsaí an tsaoil mar a bhí. Tá an tsraith seo **Dúirt Bean Liom** á láithriú ag Máirín Mhic Dhonnchadha agus le cloisteáil gach Domhnach ag 10rn. Dóibh siúd a cheapann go bhfuil meon difriúil agus saol faoi leith ag oileánaigh tá an deis agaibh é sin a fhiosrú anois trí éisteacht le sraith úr **Thar Toinn** le Tomás Mac Con Iomaire gach maidin Domhnach ar 10:30. Beidh sé ag tabhairt cuairte ar oileáin éagsúla ár gcósta don tsraith, ag tosú le hOileán Thoraí.

Ní hiad na cláir nua amháin atá ar sceideal an Fhómhair de chuid RnaG, agus má tá sibh á chasadh air faoi láthair beidh sibh ar an eolas go bhfuil na seanghlórtha aitheanta ar ais arís. Beidh foireann láidir na nuachta ar ais arís le Gearóid Mac Donnacha sa chathaoir d'**Adhmhaidin** agus Gormfhlaith Ní Thuairisg agus Máirín Ní Ghadhra i mbun **Nuacht a hAon**. Beidh **Glór Anoir** againn agus é á chraoladh ó Dhomhnach Broc, **Ardtráthnóna** ó cheannáras an stáisiúin, **Rónán Mac Aodha Bhuí** ó Thír Chonaill agus **Seán Bán Breathnach** ar ais linn le sraith nua a bheidh ag tosú i mí Eanáir, Spórt an Luain.

## Éist le:

**RTÉ Raidió 1: 'Buille faoi Thuairim'** Beidh 6 fhoireann déag páirteach sa quizchlár seo le ceithre fhoireann in iomaíocht as gach cúige. Beidh siad ag glacadh páirte sa chomórtas ar son cumann spóirt agus iad ar fad in iomaíocht chun na duaiseanna a bhuachan agus deis ag an lucht éisteachta duaiseanna a bhuachan chomh maith. Dé Sathairn @ 8in.

**Clare fm:** Tá Clare Fm ag ceiliúradh 21 bliain ar an aer inniu agus is i gclub oíche 'Queens' in Inis a bheidh an cóisir ar siúl. Gach Satharn óna 9rn bíonn deis éisteachta agaibh le sraith raidió curtha i láthair ag Dónal Ó Loinsigh darb ainm 'Cúl Chaint'.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Micheál – Tráchtaire ár Linne'** Beidh an clár speisialta seo in ómós don tráchtaire Micheál Ó Muircheartaigh á chraoladh beo ó Óstán an Galway Bay i mBóthar na Trá, Gaillimh. Beidh Micheál, a chlann, a mhuintir agus a iar-chomhghleacaithe i láthair agus neart scéalta agus cuimhní cinn acu don lucht éisteachta agus iad ag déanamh saol agus saothar Mhichíl a cheiliúradh. Anocht @ 7in.

## Féach ar:

**BBC TÉ: 'Preab Suas'** Sraith é seo inar féidir leat snas a chuir ar do scileanna peile agus ar do chuid Gaeilge. Tugann réaltaí peile léargas dúinn ar thraenáil a gcuid laochra agus ar na tréithe a chuidíonn leo ar an pháirc imeartha. Is léiriú il-ardáin é Preab Suas idir teilifís, guthán póca, agus suíomh idirlín. Cuid de na himreoirí clúiteacha a bheidh le feiceáil sa tsraith ná Charlie Vernon, Caoimhín Ó Casaide agus Mark Hart. Ó Luan-Aoine 11.20 - 11.30rn.

**TV3: 'Boozed up Irish Abroad'** Clár faisnéise breathnaitheach ina bhfeiceann muid cén chaoi a n-iompaíonn Éireannaigh iad féin agus iad thar lear. Sa chlár seo beidh muid i Mallarca agus san Chréit agus grúpaí daltaí choláiste agus iarmheánscoile ag cuardach an cóisir is mó ar an oileán. Dé Luain @ 9in.

**TG4: 'Ceist GAA le Hector'** An chéad Tráth na gCeist spóirt riamh ag TG4 agus ann beidh foirne ó sé chlub déag de chuid CLG in iomaíocht chun onóir agus cáil an chlub a chinntiú i measc foirne CLG na tíre. Beidh duais de sheachtain oiliúna ardchaighdeáin do phainéal 30 imreoir i gClub Spórt sa Phortaingéil le buachan chomh maith. Is é Hector Ó hEochagáin láithreoir na sraithe ag tosú Dé Domhnaigh @8in.



# Seanchas an tSiúlaí

## Labhraíonn **Caitríona Ní Chadhain** le h**Aindrias de Staic** maidir lena sheó rathúil Around the World in 80 Quid agus an chéad rud eile atá i ndán dó.

Deirtear go mbíonn siúlaí scéalach: is fíor é sin go deimhin maidir le hAindrias de Staic, ceoltóir, aisteoir, fuirseoir agus scéalaí den scoth. Is cosúil nach bhfanann de Staic san áit amháin ar feadh tamaill rófhada, le scéalta aige ó gach coirnéal casta den domhan mór seo.

Ar stáitse beireann sé leis an lucht féachana go háiteanna i bhfad i gcéin agus tugann sé cuireadh dóibh féachaint isteach ina shaol uathúil le meascán de cheol agus de scéalaíocht a chuirfeadh gliondar ar do chroí.


Gan ar stáitse ach é féin agus a fhidil den chuid is mó, cuireann Aindrias a fhuaimrian féin lena chuid seónna tríd an scéalaíocht a nascadh go nádúrtha le rithim na fidle agus na n-uirlisí eile a mbíonn sé ag plé leo. Is ceoltóir thar a bheith cumasach é Aindrias a raibh an ceol mórthimpeall air ó dhúchas. D'fhás sé aníos le ceol hipithe na Gaillimhe, mar a deir sé féin, agus neart ceoil '*raggle taggle gypsy*'. Luann sé *The Big Geraniums* a bhíodh lonnaithe i gcontae na Gaillimhe agus é ar scoil, grúpa a raibh tionchar mór acu air, chomh maith le *The Waterboys*, *The Saw Doctors* agus *The Stunning*.

Insítear scéal eachtrúil dúinn faoi sheinnteoir fidle Éireannach agus é ag fánaíocht thart timpeall na cruinne ina sheó *Around The World in 80 Quid*, seó atá ina mheascán mearaí idir ábhar ficseanúil agus ábhar dírbheathaisnéiseach. Cloíonn sé leis an meon nár cheart ligean don fhírinne cur isteach ar scéal maith!

Idir oícheanta sa phríosún agus a bheith ag díol drugaí le cois na farraige, ní thugtar le fios riamh an chéad rud eile a thiocfaidh as béal Aindrias.

Ní haon ionadh é go raibh na ticéid díolta amach gach oíche a bhí sé ar siúl i rith Fhéile Ealaíon na Gaillimhe. Thug sé leis an seó seo chuig féile cháiliúil Dhún Éideann i mbliana don dara huair ó 2007 áit ar aimníodh é i gcomhair an ghradaim aitheanta 'Pick of the Fringe'.

Tógadh an seó thart timpeall an domhain chomh maith, rud a chuir snas mór air dar le hAindrias. Anuraidh bronnadh ceann de na gradaim 'ThreeWeeks Editors'' air ag an bhféile chéanna don seó The Summer I did the Leaving.



Is aisteoir éirimiúil é Aindrias - bhí ról aige mar mhangaire drugaí in Ros na Rún, agus mar fhear eachtrannach sa seó The Clinic ar RTÉ a hAon. Tá roinnt gradam bainte amach aige chomh maith i gcomhair a chuid gearrscannán, ina measc tá *The Year I Got Younger* a bhuaigh gradam don chlár faisnéise is fearr mar chuid de Fhleadh Scannán na Gaillimhe in 2008, scéal ceoltóra ag streachailt leis an alcólachas agus an chaoi a dtagann sé ar ais ar a sheanléim arís.

Beidh sé mar Raifteirí an File i gclár nua atá á thaifeadadh i gcomhair TG4 faoi láthair. Tá beocht nádúrtha le carachtair agus le cur i láthair Aindrias ar an stáitse agus ar an scáileán chomh maith.

Beidh Around the World in 80 Quid le feiceáil ag Féile Ealaíon Chathair na Mart ar 5 Deireadh Fómhair agus ag Féile Ealaíon an Chlocháin ar 23 Meán Fómhair. Chomh maith leis sin tá sé i gceist ag Aindrias camchuairt Ghaeilge a chur ar bun ag tosú le hInis Oírr agus Áras Inis Gluaire i mBéal an Mhuirthead níos déanaí sa bhliain. Bhí sé le cloisteáil sa Phuball Gaeilge ag an Electric Picnic i mbliana chomh maith, áit a mbeidh togha agus rogha na n-ealaíontóirí Gaeilge.

Tá albam 14 amhrán darb ainm Latchicko ag Aindrias, a díoladh amach ag Féile Dhún Éideann i mbliana, an t-albam lán de bheocht stíl leithleach fidléireachta Aindrias, agus fiú le hamhrán amháin a thaifeadadh thar an líne fóin!

Is iomaí scéal atá le hinsint fós ag an siúlaí scéalach seo, agus a thuilleadh bóithre eachtrúla le siúl aige. Táthar ag súil le hiad a chloisteáil!

**Tuilleadh eolais le fáil ag www.aindrias.com.**






# 8 OIDEACHAS

CÚRSAÍ NA MIC LÉINN

# Éireannaigh ar 'Imirce'

## Tugann **Róisín Ní Éalaí** spléachadh ar an chlár 'Erasmus'

GLACANN níos mó ná 3,100 institiúid ardoideachais i 31 tír pháirt sa chlár Erasmus nó staidéir thar lear. Thaistil os cionn 1.7 milliún mac léinn thar lear go dtí seo agus táthar ag súil go mbeidh páirt glactha ag trí mhilliún duine agus muid ag sleamhnú i dtreo 2012.

Thosaigh an clár ERASMUS, nó 'Scéim Gníomhaíochta an Chomhphobail Eorpaigh um Shoghluaisteacht Mic Léinn Ollscoile' sa bhliain 1987 agus ainmníodh an clár as an bhfealsamh, diagaire agus daonnachaí, Erasmus (1465-1536). Rinne Erasmus é féin go leor taistil, ag cur faoi i dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa ag lorg eolais, taithí agus léargais nach mbeadh fáil aige orthu gan teagmháil a dhéanamh le tíortha eile.




Diarmuid Ó Mathúna agus Éadaoin Ní Mhocóir, a bhfuil céim chumarsáide ar bun acu faoi láthair agus Dearbhla Nic Chonamara agus Siún Ní Cheallaigh a beidh ag tosú an Ard Dioplóma sa Cumarsáid Fheidhmeach an mhí seo, i láthair ag Lá Oscailte Oifigiúil Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua ar an gCéadaoin.

Is mac léinn é Eoghan Ó Loideáin in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá B.A. sa Chumarsáid idir lámha aige in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh, ar an gCeathrú Rua. Roghnaigh Eoghan dul i mbun staidéir thar lear an bhliain seo caite mar chuid den chúrsa cumarsáide.

D'fhreastail sé ar Ollscoil Ghlaschú, ar feadh bliain ollscoile. Bhog sé ón nGaeltacht agus campas tuaithe an Acadaimh go dtí campas andifriúil leis sin. "Airíonn muid nach bhfuil an saol sóisialta chomh mór againn anseo. Nuair a chuaigh mé go Glaschú, d'oscail sé mo shúile, bhí cineál eagla orm ar dtús, is uimhir atá ionat i ndáiríre" a deir sé.

Tá go leor páipéarachais i gceist maidir le dul ar 'Erasmus' agus, dar le hEoghan, b'fhiú na foirmeacha a líonadh as Gaeilge chomh maith leis an Bhéarla chun do shuim sa Ghaeilge a thaispeáint. "Tá mé ag ceapadh anois gurb é sin a rinne Glaschú dom," a deir sé i leith na socrúcháin a dhéanamh ar bhealach dátheangach.

Rinne Eoghan staidéar ar Ghaeilge na hAlban, ar na Ceiltigh agus ar an fhealsúnacht agus é in Albain.

Dar le hEoghan, agus muid i gcúlú eacnamaíochta agus poist gann sa tír, ba rogha dhearfach ag mac léinn é staidéar thar lear a dhéanamh. Ach ar an taobh eile, an bhfágann sé mic léinn faoi mhíbhuntáiste agus iad ag iarraidh cur isteach ar phoist gan aon taithí oibre faighte acu? Tá roinnt aiféala ar Eoghan, mar gheall nach bhfuil aon taithí oibre faighte aige sna meáin chumarsáide anseo in Éirinn.

"Airím nach bhfuil mé istigh sa chiorcal oibre ar chor ar bith, cúpla duine sa rang, tá rudaí ag dul ar aghaidh fós acu, leis na daoine ar chuir siad aithne orthu mar gheall ar an taithí oibre.

Is bliain í a thug cúnamh dóibh coinneáil orthu sa réimse agus tá mé ag ceapadh go mbeidh poist acu ina dhiaidh seo ach caithfidh mise tosú ón nua".

Is é an buntáiste is mó a bhaineann le staidéar thar lear i dtuairim Eoghain, ná foghlaim faoi chultúr nua.

"D'oscail sé mo shúile ó thaobh cultúir de, is iomaí comhrá a bhí agam faoi na difríochtaí cultúrtha idir mé féin agus an dream sin, mo chairde, nílim in ann an seans sin a fháil in aon áit eile. Ní fhéadfá dul ag gach uile thír.

Caitheadh scata daoine isteach le chéile, Iodálaigh, Gearmánaigh, Meiriceánaigh, Sasanaigh. Is é an rud is fearr a thóg mé as ná na daoine ar chuir mé aithne orthu agus na cultúir dhifriúla."

Cén chomhairle a bheadh ag an Uasal Ó Loideáin do mhic léinn eile a bheidh ag smaoineamh ar staidéar thar lear. "Cuir do chuid páipéarachais isteach in am!"

## Spórt!

TÁ daoine ag caint faoin easpa aclaíochta atá ar fáil sna scoileanna. Ach is é a mhalairt de scéal ar fad é nuair a théann tú chuig an ollscoil. In OÉ Gaillimh amháin tá níos mó ná 40 club ar fáil le réimse ollmhór d'ábhair ann ó pheil go crosógaíocht, nó lacrosse.

Tugann sé seo deis do mic léinn aghaidh a thabhairt ar thaithí nua a fháil sa saol. Féachtar ar an am a chaitheann mic léinn sna clubanna seo mar bhealach iontach chun dul i dteagmháil le daoine nach mbeadh an deis agat labhairt leo roimhe sin. De ghnáth ní bhíonn aon chostas ag baint le bheith páirteach sna clubanna, anois agus arís bíonn ort airgead a íoc i gcomhair costais taistil nó úsáid a bhaint as ionad aclaíochta.

## Cabhair ar fáil

TÁ an íomhá ann go mbíonn saol éasca ag na mic léinn, ag caitheamh a gcuid ama ag ól agus ag cruthú fadhbanna. Ach tá an 4ú ráta is airde san Eoraip ag Éirinn d'fhéinmharú daoine óga.

Tá go leor eagraíochtaí bunaithe sna laethanta seo chun cabhair a thabhairt do na mic léinn.

I ngach coláiste tá ar a laghad ionad comhairle amháin ann chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag fulaingt le lonn dubh nó strus, tá tacaíocht ann d'aon duine atá ag fulaingt. Tá suímh idirlín ar fáil, ar nós pleasetalk.ie, chomh maith chun tacaíocht a thabhairt do na mic léinn.

**MA sa Ghaeilge Fheidhmeach**

Scoil na dTeangacha, Dámh na nEalaíon Feidhmeach,
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
i gcomhar le Gaelchultúr

Cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain.
An chéad chúrsa eile ag tosú Feabhra 2011.


- Cúrsa dírithe orthu siúd ar mian leo ardleibhéal cumais a bhaint amach sa Ghaeilge scríofa agus labhartha
- Oiriúnach d'fhostaithe na hearnála poiblí, daoine atá ag obair sna meáin, múinteoirí, aistritheoirí agus daoine eile a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge

Spriocdháta d'iarratais: 22 Meán Fómhair 2010

DIT - céim chiallmhar i dtreo na todhchaí www.dit.ie

Tuilleadh eolais:
Suíomh: http://gaeilgefheidhmeach.dit.ie
Ríomhphost: gfheidhmeach@dit.ie
Teileafón: 01-4022828

## Crosfhocal 10.09.2010



### NODANNA

**TRASNA**

1 Aitheantas a bhronntar ar dhuine (6)
3 Fáinne nó ciorcal déanta as téad (3)
4 Rud maith atá chun tarlú, dea-fhortún (3)
6 Scamall (4)
8 Tóg páirt i gcluiche (4)
10 'Suíochán' do bhreitheamh, b'fhéidir (5)
11 Na Flaithis (5)
12 An chéad chéim in aon turas (3)
15 Feiceann tú leo seo (5)
17 Réimse (4)
19 Deirtear nach mbíonn sé ann gan tine (4)
21 Gan mórán blianta fós sa saol (2)
23 Bog síos go gasta, gan de thimpiste (3)
24 Ainmhithe as a bhfaightear bagún (4)
25 Tinneas sa bholg (5)
26 Gan rabhadh, go tapa (6)
28 Athraigh ó folamh go lán (4)
29 Ag iompar an iomarca 'feola' ar do chorp (6)

SÍOS

1 Tóg go teann i do lámh (5)
2 Costasach (4)
3 Moch, in am (5)
5 An taobh eile ó chlé (4)
6 Faillí (7)
7 Tomhas, méid (6)
9 Mothúchán buartha faoi rud éigin (4)
13 Brabús ar airgead ar iasacht (2)
14 Coraíocht, cuimhlint (5)
16 Toradh ón meán-oirthear as a ndéantar óla (4)
18 Créatúr a chathaigh Éabha sa bhiobla (7)
20 Saoi, in ollscoil (6)
22 Tréimhse ina mbíonn na mílte ag fáil bás den ocras (5)
23 Ainm gairid ar chomhlacht teoranta , nó níos mó ná 'te' (3)
24 Creat, dealbh (5)
26 Éire, An Fhrainc, an Ind mar shampla (3)
27 An cárta is ísle nó is airde i gcluiche (3)

**Crosfhocal**
03.09.2010



**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Seán P. Ó hAnnáin
Riverview, Cluain Lára
Contae an Chláir

### Duais na seachtaine

**Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.**



Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 15 Meán Fómhair, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm ..........................................

Seoladh ..........................................

..........................................

Fón.................... Rphost....................

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

# An aoibhinn beatha iarchéimí?

**Oisín Mac Donnacha**

LE roinnt blianta anuas tá méadú tagtha ar líon na mac léinn atá ag dul ar ais chun cúrsa iarchéime a dhéanamh ó 1,799 in 2007/8 go 1,987 an bhliain seo caite in OÉ Gaillimh.

Leis an ardú atá tagtha ar an ráta dífhostaíochta le roinnt blianta anuas, tá éileamh an-mhór ar na cáilíochtaí seo a fháil.

Tá comhlachtaí ag lorg daoine le níos mó sainfheidhmithe na laethanta seo agus, dá bharr seo, tá daoine ag dul ar ais chuig an gcoláiste chun na cáilíochtaí seo a fháil.

In OÉ Gaillimh amháin chláraigh suas le 1,987 an bhliain seo caite (2009/10) i gcúrsaí iarchéime. Is sainfheidhmiú san ábhar céime a bhí agat atá i gceist; leanann tú ar aghaidh le cuid ar leith den chúrsa a bhí ar bun agat.

Ach "tá sé deacair an t-inspreagadh a choinneáil de bharr go bhfuil mo chúrsa fochéime agus iarchéime nasctha le chéile," a deir Mairtín Ó Cinnéide atá ag tabhairt faoi PhD i DCU.

Den chuid is mó is daoine iad atá díreach tar éis céim a bhaint amach a chláraíonn chun máistreacht a dhéanamh.

"Tá ganntanas post ann i mo réimse oibre faoi láthair agus tabharfaidh na cáilíochtaí breise an tacaíocht dom le post a fháil sa todhchaí" a deir Máirtín.

Ach tar éis dóibh trí nó ceithre bliana a chaitheamh mar mhic léinn cheana féin, is minic a bhreathnaítear orthu sa tslí chéanna is a bhreathnaítear ar mhic léinn atá díreach tar éis torthaí na hardteiste a fháil.

Ach tá míbhuntáiste ollmhór ag na mic léinn seo, is gá dóibh íoc as an gcúrsa a bhfuil siad ag tabhairt faoi, costas cúpla míle euro de ghnáth. Bíonn costas ó €3000 suas orthu de ghnáth ach i gcás amháin tá mac léinn ag íoc €13,340 in aghaidh na bliana chun cúrsa 4 bliana leighis a dhéanamh, cé go bhfuil sé ag tabhairt faoi chlár iontrála do chéimithe Leighis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Le ceist na dtáillí ollscoile ag teacht chun cinn thar na blianta, caithfear ceist a chur conas a íoctar as?

Má tá an t-ádh leat beidh tú in ann dream a fháil a íocfaidh as na táillí, ach sna laethanta seo is beag an baol go bhfaighidh tú cistiú uaidh aon duine.

Chomh maith leis sin tá seans ann go mbeidh tú in ann deontas a fháil ón gcoláiste ach caithfidh tú marcanna arda a bheith agat de ghnáth agus, i roinnt cásanna, íocann na tuismitheoirí as. Ach den chuid is mó beidh na mic léinn ag fáil iasachta ón mbanc.

Cuireann sé seo brú ollmhór ar na mic léinn nuair a chríochnaíonn siad an iarchéim. Ach idir an dá linn beidh siad ag caitheamh a gcuid ama sa choláiste.

Den chuid is mó is é an costas is mó a bhíonn orthu ná cíos. Ag brath ar an gcoláiste a bhfuil tú ag freastal air, tá costas €219 ar chíos sa mhí in IT Leitir Ceanainn, gan trácht ar chostais teasa agus leictreachais, go €501 sa mhí i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin caithfear íoc as bia, leigheas agus dar ndóigh an saol sóisialta.

De ghnáth caitheann na mic léinn bliain nó dhó ag déanamh na máistreachta. Úsáidtear na máistreachtaí chun poist níos fearr a aimsiú nó is cloch chora í ar an mbealach chun dochtúireacht a bhaint amach. Den chuid is mó caithfidh bunchéim a bheith agat chun tabhairt faoin máistreacht.

# Ag goid ó Pheadar chun cúpla pingin a thabhairt do Phól

## Ach spendometer.ie ann chun cabhrú leat do chaiteachas a mheas

**Róisín Ní Éalaí**

CEADAÍONN an banc AIB rótharraingt bhainc suas le €1500 gan ús do mhic léinn. Bíonn iasachtaí ar fáil ag ráta laghdaithe, 1.5% níos lú ná an gnáthráta ar iasachtaí pearsanta.

Más mac léinn thú, tá tú in ann an cárta dochair AIB a fháil, rud a deir siad a chabhraíonn chun smacht a choinneáil ar chaiteachas, mar gheall nach bhfuil rochtain ag an té ach ar an méid atá sa chuntas acu. Tá fáil ar bhaincéireacht idirlín anois agus is féidir 'top-up' creidmheasa a fháil ach téacsteachtaireacht a sheoladh.

An bhfuil sé ag éirí róéasca do mhic léinn teacht ar airgead 'saor in aisce'?

Bíonn go leor costais i gceist nuair a théann mic léinn as baile le freastal ar an gcoláiste nó an ollscoil. Idir chíos, bhillí leictreachais, bhruscar, athchúrsáil, bhia, thaisteal agus táillí, cad as a dtagann an t-airgead? Bíonn ar mhic léinn brath ar dheontais, na tuismitheoirí nó post páirtaimseartha le haghaidh tacaíocht airgeadais nuair a bhíonn siad i mbun staidéir, ach an bhfuil an t-airgead seo ag cur le caighdeán maireachtála an mhic léinn, nó leis an gcaighdeán saoil shóisialta atá acu?

Tóg mar shampla cíos €75 sa tseachtain, billí leictreachais €30, €50 ar bhia agus €20 ar bhus nó peitreal. Sin os cionn €600 sa mhí ar mhaireachtáil as baile. Má théann an mac léinn amach 3 oíche i rith na seachtaine agus má chaitheann siad €40 in aghaidh na hoíche, ciallaíonn sé sin go gcaitheann siad beagnach €500 sa mhí ar an saol sóisialta.

An bhfuil airgead na dtuismitheoirí agus an stáit ag dul amú ar phiontaí agus tacsaithe?

Dar le hÉadaoin Ní Mhocóir, mac léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ní fheadfaí bheith ag brath ar na tuismitheoirí an t-am ar fad nuair a bhíonn tú gann ar airgead.

"Nuair atá tú i do mhac léinn, ní féidir éalú ó na fadhbanna airgid, agus ní féidir a bheith ag brath ar na tuistí an t-am uilig. Is é do rogha féin an rótharraingt a fháil ach ba cheart smaoineamh faoi go fadtéarmach. An mbeidh mé in ann an t-airgead seo a íoc ar ais agus cén t-am? Ceapaim, in go leor cásanna, go n-íocann na tuismitheoirí as an rótharraingt sa deireadh mar gheall nach bhfuil an mac léinn in ann. Ach bíonn siad cabhrach ag na huaireanta práinneacha a bhfuil tú faoi bhrú. Agus arís níl sé chomh dona le hiasacht a fháil."

In ainneoin go bhfuil muid i ngreim cúlú eacnamaíochta, síleann Éadaoin go bhfuil sé ró-éasca chun airgead a fháil ón mbanc.

"Do mhic léinn amháin tá sé an-éasca - cosúil le mo chás féin, ghlaoigh mé ar maidin agus fuair mé tráthnóna é.

Níl muid ag iarraidh iasacht €10,000, tá muid ag iarraidh a bheith ábalta an cíos a íoc agus bia a bheith inár mbéal chuile lá!"

Tá gléas ar fáil anois ar líne, Spendometer a ghlaoitear air, a chabhraíonn leat chun do chaiteachas ar rudaí nach bhfuil riachtanach a mheas. Cuirtear isteach eolas ar nós cé mhéad a chaitheann tú ar chaife go laethúil, cé mhéad a chosnaíonn sé toitíní a chaitheamh in aghaidh an lae, cé mhéad canna nó buidéal alcóil a cheannaíonn tú ar oíche shóisialta agus faoi dheireadh taispeántar an méid airgid a chaitheann tú (nó a chuireann tú amú) agus a d'fhéadfá a shábháil. Tógann an quiz seo thart ar 5 nóiméad ach d'fhéadfadh sé geit a bhaint asat maidir leis an méid airgid a chuirtear amú ar nósanna.

Líon Éadaoin Ní Mhocóir an quiz seo amach agus chuir na torthaí ionadh uirthi.

"Baineadh an-gheit asam nuair a chonaic mé torthaí an spendometer! Bhí faitíos orm mar gheall go gcaithim níos mó airgid ar rudaí ar nós alcóil ná mar a chaithim ar bhia agus éadaí! Ach is dóigh gur b'in saol an mhic léinn!" a deir sí.


Más suim leat do chaiteachas féin a traiceáil, breathnaigh ar www.spendometer.ie

# 9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa i Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



Aidan Quigg ó Doire Uí Fhríl, An Fál Carrach & Aisling Nic Fhionnghaile ó Dhroim na Tine, An Fál Carrach, le linn a lae pósta, a bhí ar siúl i Séipéal Naomh Fionán ar an Fhál Carrach Dé Sathairn seo caite. Sa bpictiúr chomh maith tá Tomás Mac Fhionnghaile, Áine Quigg, Caroline Callaghan agus John Baird. (PIC. JUDY NÍ ÓGÁIN)




An scríbhneoir agus foilsitheoir Darach Ó Scolaí in éineacht le Páidí Ó Lionáird De Máirt. Tá An Bradán Feasa, foilsithe ag Leabhar Breac, ar ghearrliosta na bliana seo. PIC:MAXWELLS




Aisling O' Connor, ón ghrúpa 'Henrietta Game' ar an ardán ag an Chabaret Craiceáilte Tigh Hiúdaí. Beidh an chéad Chabaret eile ar siúl 'Tigh Hiúdaí' Dé hAoine 24 Meán Fómhair.




Ruairí Waldron, (10), ag déanamh léirléimh ar léiriú an ealaíontóra Morgan O'Brien de bhéar cairdiúil. Cuirfidh Morgan taispeántas uiscedhathanna 'Reminders of Then' ar siúl i rith féile ón 11-17 Deireadh Fómhair in Ionad na Faiche Móire, Gaillimh. (PIC. PHILIP CLOHERTY)



Láithreoirí Raidió na Gaeltachta Máirtín Davy agus Jó Ní Chéide le Michelle Ní Chuaig a bhí ag craoladh ón Electric Picnic.



Radharc as an dráma grinn úrscríofa "Greim na Sainte" le Proinsias Ó Cuilinn, a bheidh á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill ag Club na Múinteoirí, Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath ar an Satharn 18 Meán Fómhair ar 7.30in.




Máire Gallagher (ar chlé) agus Bernie Gallagher(tríú duine ar chlé) ag bronnadh seic de luach €1400 ar Anne Cannon, oibrí deonach péidiatraice, ar son an 'Make a Wish Foundation,' le Lorranie Mc Loone, Oinceolaíocht agus an Dr Rory Mc Caukey, gníomhach bainistíocht chliniciúil, in Ospidéal Leitir Cheanainn. Bailíodh an t-airgead tar éis lá tiomsaithe airgid rathúil sa Chlochán Liath le déanaí.

# Taispeántas chun an Marcach Mick Kinane a chomóradh

Gráinne McElwain

CAD é an nasc idir Galileo, Vintage Crop, Rock of Gibraltar, Commander In Chief agus Sea the Stars? Bhuel, thar thréimhse 35 bliain, bhuaigh na capaill seo cuid de na rásaí is mó ar domhan agus an marcach cáiliúil Mick Kinane sa diallait.

Is as Tiobraid Árann é Mick agus thosaigh sé amach ag marcaíocht in 1974. Bhuaigh sé a chéad rás don traenálaí Liam Browne in 1975 ar Musicari, agus tar éis an Prix de l'Arc de Triomphe in Longchamps na Fraince anuraidh, nuair a bhuaigh Sea the Stars, d'éirigh Mick as. I measc na rásaí is mó atá bainte aige, tá an Irish Derby, Irish Oaks, Irish Champion Stakes, Epsom Derby, King George Stakes, Melbourne Cup san Astráil agus Breeders' Cup i Stáit AontaitheMheiriceá agus go leor eile. Chomh maith leis sin, bhuaigh sé Comórtas na Marcach anseo in Éirinn 13 huaire.

Le linn a shaoil ghairimiúil, bhí páirtíocht iontach aige leis na traenálaithe Dermot Weld, Aidan O'Brien agus ar ndóigh John Oxx. Ach ba é 2009 an bhliain ab fhearr a bhí ag Mick Kinane nuair a bhuaigh Sea the Stars, faoi thraenáil John Oxx, sé cinn de na rásaí is cáiliúla ar fud an domhain: 2,000 Guineas, The Epsom Derby, The Irish Champion Stakes agus an Prix de l'Arc de Triomphe.

Is fear ciúin, umhal é Mick Kinane a rinne sár-jab ar feadh na 35 bliain úd ach nach raibh éirí in airde ar bith ag baint leis. Anois tá an ráschúrsa sa Churrach ag iarraidh ócáid mhór a eagrú chun comóradh a dhéanamh ar an méid atá déanta ag Mick agus taispeántas a reachtáil do 11 agus 12 Meán Fomhair chun léiriú a dhéanamh ar a shaol gairmiúil. Feicfear trealamh agus féiríní eile ón tréimhse a chaith Mick sa diallait le linn dó a bheith ag obair do leithéidí Liam Browne, Michael Kauntze, Dermot Weld, Aidan O'Brien agus John Oxx. Beidh an taispeántas seo le feiceáil sa Bollinger Champagne Bar ag an ráschúrsa thar an deireadh seachtaine sin.


Mick Kinnane, an marcach cáiliúil (PIC.: MATT BROWNE / SPORTSFILE)

# Babhta 2 de Shraith Magners


Gráinne McElwain

BEIDH sé chluiche eile againn an deireadh seachtaine seo i mBabhta 2 de Shraith Magners agus trí fhoireann Éireannacha ag taisteal as baile, Cúige Laighean a bheidh sa bhaile. Ní maith é sin seans mar gur bhuaigh na foirne baile i ngach aon cheann de na cluichí a bhí ar siúl an deireadh seachtaine seo caite.

Cúige Mumhan an t-aon fhoireann Éireannach a bheidh ag imirt ar an Aoine nuair a thabharfaidh siad aghaidh ar Dhún Éideann. Go hiondúil éiríonn go maith leis na Muimhnigh i Murrayfield mar go bhfuil cúig chluiche as na sé cinn atá imeartha acu ansin sa tsraith buaite acu. Bhí bua slachmhar ag Cúige Mumhan in aghaidh Aironi Rugby as an Iodáil (33-17) i mbabhta 1 agus thugadar leo an pointe bónais chomh maith. Beidh Ronan O'Gara, Donncha O'Callaghan agus Tomás O'Leary ar ais don chluiche seo. Níor éirigh chomh maith sin le Dún Éideann a chaill i gcoinne Cardiff Blues (34-23) nuair a ghéilleadar ceithre úd.

**Bua: Cúige Mumhan**

Den chéad uair riamh tá Connacht in uachtar na sraithe mar gheall ar an bpointe bónais a shaothraigh siad in


Beidh Eric Elwood ag cuartú bua eile in aghaidh na Scarletts. (PIC. DIARMUID GREENE)

aghaidh na Newport Gwent Dragons i gCathair na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo caite (40-17). Chuireadar tús iontach le ré Eric Elwood agus scóráil an leathchúlaí amuigh 25 pointe. As baile a bheidh siad i Llanelli in aghaidh na Scarletts a buaileadh amuigh san Iodáil in aghaidh Benetton Treviso (34-28). Ós rud é nár bhuaigh Connacht i Llanelli ó Dheireadh Fómhair 2004 agus mar go bhfuil teachtaireacht le tabhairt ag na Scarletts tar éis a ndíomua san Iodáil, is deacair é a fheiceáil go n-éireoidh le Connacht.

**Bua: Scarletts**

Bhí Cúige Laighean chomh fada sin chun cinn ag leath ama an deireadh seachtaine seo caite go raibh sé níos deacra acu an cluiche a chailleadh ná é a bhuachaint, ach mar gheall ar easpa smachta sin é a rinne siad in aghaidh na Glasgow Warriors (22-19). Ach beidh siad ar ais san RDS Dé Sathairn agus tá 15 cluiche sa tsraith seo buaite acu as a chéile sa mbaile, cé is moite den chluiche ceannais anuraidh. Cardiff Blues a bheidh ar cuairt a raibh bua cuimsitheach acu ar Dhún Éideann agus tionchar an-mhór ag an bhfear nua atá acu, imreoir na hAlban, Dan Parks, ar an imirt dóibh. Bí cinnte go bhfuil na cluasa ar imreoirí Chúige Laighean ite le seachtain ag bainistíocht na foirne agus nach mbeidh siad chomh scaoilte céanna arís.

**Bua: Cúige Laighean**

Beidh turas fada ar Chúige Uladh chomh fada le Stadio Zaffanella i Viadana na hIodáile chun aghaidh a thabhairt ar cheann d'fhoirne nua an chomórtais Aironi Rugby. D'éirigh thar cionn le fir an tuaiscirt i Ravenhill nuair a bhuaigh siad in aghaidh Sheaimpíní na Sraithe, Ospreys, le haon phointe amháin (27-26). Tá an-seans acu sa chomórtas seo i mbliana leis na himreoirí nua atá tugtha isteach acu ón Afraic Theas. Cé go raibh Aironi ar comhscór le Cúige Mumhan ar Pháirc Mhusgrave ag leath ama an tseachtain seo caite (11-11), ní raibh siad sách maith sa dara leath. Tá siad mór, fisicúil agus má bhuailtear iad beidh na pointí saothraithe go maith ag an fhoireann bhuacach.

**Bua: Cúige Uladh**

**Dé hAoine, 10ú Meán Fómhair**
Dún Éideann v CÚIGE MUMHAN
Murrayfield @ 7.30 - Beo TG4

**Dé Sathairn, 11ú Meán Fómhair**
Scarlets v CONNACHTA
Parc y Scarlets @ 3.00

**LAIGHIN v Cardiff Blues**
RDS @ 6.30 - Beo RTÉ/S4C

**Aironi Rugby v ULAIDH**
Stadio Zaffanella @ 7.05

## Dha chluiche, dha bhua don Phoblacht

Cillian Ó Conchúir

DHÁ chluiche, sé phointe, agus ag suí ar bharr Ghrúpa B atá Poblacht na hÉireann sna babhtaí cáilithe de Euro 2012. Sin mar a bheidh sé go dtí 8 Méan Fómhair, ar a laghad, nuair a thugann siad aghaidh ar an Rúis. Leis an Rúis cloíte ag an tSlóvaic (0-1 ar an Máirt), ardaíonn sé sin tábhacht an chluiche sin. Agus go dtí sin?

In ainneoin fiúntas Robbie Keane a bheith léirithe le cúl breá in aghaidh Andóra, tá sé ag lobhadh ar bhinse Tottenham. Níl staid Shay Given pioc níos fearr ag Manchester City, mura dtiteann muinín Joe Hart as a chéile. Ach, dá fhad lá, tagann oíche.

"Labhair muid faoin tábhacht atá le tús maith a fháil, a deir captaen na foirne, Robbie Keane. "Ní fhéadfá tús níos fearr ná seo a fháil. Tá súil agam go leagann sé sin síos an caighdeán don dá chluiche atá ag teacht (an Rúis agus an tSlóvaic). Gach aon chluiche, éiríonn an chomhpháirtíocht idir mé féin agus Kevin Doyle níos fearr. Tá sé ag fás de shíor agus tá súil agam go leanfaidh sé ar aghaidh toisc go bhfuil sé go maith don fhoireann."

B'fhéidir go mbeidh ábhar suntais eile ag Keane, ar bhealach mí-ábharach má chuireann an gortú a bhain Jermaine Defoe den pháirc do Shasana in aghaidh na hEilvéise as na cluichí atá le teacht ag Tottenham é. Cibé rud a tharlaíonn, níl dul as ach go bhfuil 'tús maith leath na hoibre' déanta ag Giovanni Trapattoni.

"Le tamall fada táimid ag imirt ina stíl," dar le Richard Dunne. "Uaireanta bíonn sé deacair nuair nach mbíonn an freasúra ag iarraidh imirt, ach an aidhm atá againn ná cluichí a bhuachan agus pointí a chur ar an gclár, cibé slí a mbaintear sin amach - má imríonn muid go maith nó a mhalairt.

Ní raibh ceachtar bua (An Airméin agus Andóra) rómhealltach don tsúil, ach dar le Dunne, tá Éire ag léiriú meon buaiteoirí, nach bhfacamar cheana. "Ní dócha go bhfuil sé thar a bheith spreagúil ag breathnú air, ach tá sé éifeachtach. Sna feachtais a chuaigh roimhe, d'fhéadfadh an cluiche san Airméin críochnú ar comhscór, ach toisc go bhfuilimid eagraithe bhaineamar an toradh amach."

"B'shin é an aidhm nuair a thosaigh muid, chun na sé phointe a fháil. Tá fhios againn go bhfuil an dá chluiche mhóra ag teacht an mhí seo chugainn, agus glacaim leis go bhfuilimid ag déanamh ceart go leor. Táimid tar éis an sprioc a bhí againn a bhaint amach - tús foirfe."

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 10 Meán Fómhair, 2010

# "Tá seaimpíní nua againn agus iad anois mar namhaid nua na hiomána"



John Allen

Mar sin cén sórt bliain iomána a bhí againn? Pé sórt freagra a thabharfá air sin, bhí craobh den chéad scoth againn. Bhí sé fíochmhar amach is amach.

Roimh an gcluiche mór Dé Domhnaigh cheapas go raibh an t-uafás brú ar na Cait. Bhí cur síos ar na páipéir go laethúil faoi ghortú Henry agus John Tennyson, faoin ard-chaighdeán traenála a bhí ar siúl acu agus faoi na sluaite ollmhóra a bhí i bPáirc Uí Nualláin gach oíche traenála.

Caithfidh gur chuir sé sin isteach ar aigne na n-imreoirí, go háirithe iad siúd a bhí gortaithe agus iad siúd a bhí ag fanacht ar dhéantús na foirne oíche Dé hAoine .

Tá fhios againn anois go raibh Liam Sheedy agus a bhainistíocht ag treabhadh leo agus a fhianaise le feiscint go soiléir an Domhnach seo caite . Bhí a fhoireann ar fheabhas . Thosnaíodar ar luas lasrach agus níor stopadar go dtí gur shéid Michael Wadding an fheadóg dheireanach. Dála an scéil cheapas go raibh an-chluiche ag Wadding.

Ag tagairt don chuid eile den bhliain, chríochnaigh an tsraith le bua iontach ag fir na Gaillimhe ar Chorcaigh. Thugadar dóchas dúinn an oíche sin i nDúrlas Éile go rabhadar ag teacht chun cinn go deas agus seans acu bratanna na gCat a ísliú i gCraobh Laighean ach faraor níor tharla a leithéid.

Bhuel thosnaigh an craobh-chomórtas i gceart le bua gan choinne Chorcaí i gcoinne sheaimpíní nua Thiobraid Árann. Ní rabhamar ag súil leis an mbua sin ná leis an taispeántas iontach a thug Corcaigh an Domhnach sin cois Laoi.

I ndiaidh taispeántas measartha i gcraobh roinn a dó na sraithe ní raibh mórán muiníne agam i gContae an Chláir i mbliana ach thugadar sár-thaispeántas i gcoinne na nDéise i leathchraobh na Mumhan a thabharfaidh dóchas dóibh don chéad séasúr eile.

Cé nach raibh an iomáint go hiontach bhí coimhlint den scoth idir Corcaigh agus Port Láirge i gcraobhchluiche na Mumhan agus bua iontach ag na Déisigh.

Cluiche na bliana dár ndóigh go dtí an cluiche craoibhe ná an sár-thaispeántas a thug an Ghaillimh agus Tiobraid Árann dúinn i gcluiche ceathrú craoibhe na hÉireann. Is trua nach raibh comhscór ann mar bhí sé tuillte ag leaids an iarthair.

Bhí Cill Chainnigh i bhfad rómhaith do gach aon fhreasúra agus iad ar a slí chuig iarracht a dhéanamh ar chúig chraobh i ndiaidh a chéile a bhaint amach.

Ach tá seaimpíní nua againn agus iad anois mar namhaid nua na hiomána. I ndiaidh bua iontach stairiúil ag iománaithe faoi 21 an Chláir anuraidh beidh seaimpíní nua sa ghrád sin againn an deireadh seachtaine seo.

Tagann Tiobraid Árann isteach sa chluiche mar rogha na n-údar agus an teideal sin tuillte acu i ndiaidh sár-thaispeántais i gcomórtas na Mumhan agus bua cuimsitheach ar fhoireann lag Aontroma i cluiche leathchraoibhe na hÉireann i dTulach Mhór cúpla seachtain ó shin agus dár ndóigh tá cúigear ar an bhfoireann a thosnaigh an Domhnach seo caite i bPáirc an Chrócaigh.

Thosnaíodar amach an feachtas le bua iontach in am breise i gcoinne an tsean-namhad Corcaigh i bPáirc Uí Chaoimh.

Tá painéal an-láidir ar fad acu . Tá éacht déanta ag an lánchúlaí John Coughlan agus an tosaí iontach Seán Carey a bhuaigh bonn peile Mumhan sa ghrád céanna níos luaithe sa bhliain. Taobh amuigh de na leaids a imríonn sinsir tá imreoirí den scoth acu i Séamus Hennessy i lár na páirce agus na tosaithe Sean Carey, Paddy Murphy, Michael Heffernan agus Brian O'Meara.

Bhuaigh cuid mhaith díobh craobh mhionúir na hÉireann trí bliana ó shin agus dar ndóigh tá lucht bainistíochta an-oilte acu i Tommy Dunne agus Ken Hogan.

Tá an-mheas agam ar Dunne mar dhuine agus mar chóitseálaí iontach . Nuair a bhí sé ag plé le mionúir bhuacacha an chontae in 2006 agus 2007 d'imir siad le stíl an-tapaidh agus an-sciliúil.

Níl aon dabht ná go raibh Gaillimh faoi mhíbhuntáiste agus iad ag tabhairt aghaidhe ar Bhaile Átha Cliath sa leathchraobh eile. Bhíodar ag teacht isteach fuar, gan aon chluiche imeartha acu agus a rian san ar iománaíocht na foirne an Satharn sin. Ach is cosúil nach gcuireann sé sin isteach go rómhór ar fhoirne faoi aois an chontae mar le cúig bliana déag anuas tá deich gcraobh sroichte acu agus iad buacach i dtrí cinn. Dála an scéil ghlacadar páirt in aon chraobh déag mhionúir sa tréimhse chéanna agus bhuadar cúig cinn ansin.

N'fheadar cén fáth go bhfuil sé ag dul chomh dian sin orthu ceann sinsir a bhuachan agus an méid sin imreoirí óga ag teacht tríd bliain i ndiaidh bliana. Ach sin ceist do lá éigin eile . I mbliana níl aon Joe Canning acu agus tríd is tríd níl mórán réaltaí móra acu taobh amuigh de David Collins agus Richie Cummins.

D'imigh Cummins den pháirc agus é gortaithe ag leath ama i gcoinne BÁC ach roimhe sin bhí sé dainséarach aon uair a bhí seilbh na liathróide aige.

Ach tá foireann láidir go leor acu le Declan Connolly, Paul Gordon, Niall Quinn agus Eoin Forde ag tacú le Collins agus Cummins ón fhoireann sinsir.

Faraor, ní dóigh liom go mbeidh siad láidir go leor don fhoireann Mhumhan atá ar bharr an domhain iomána faoi láthair.

Beir Bua.

# Mícheál - Tráchtaire ár Linne



IN ómós do Mhícheál Ó Muircheartaigh, craolfar clár speisialta anocht (Dé hAoine) ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ag a seacht a chlog ó Óstán an Galway Bay i mBóthar na Trá, Gaillimh, áit a mbeidh cairde, comhghleacaithe agus iarchomhghleacaithe, chomh maith lena chlann agus a mhuintir, i láthair le scéalta agus cuimhní cinn faoi Mhícheál a roinnt leis an lucht éisteachta. Is fada anois Mícheál ar bhóthar na craoltóireachta ach is iomaí eagraíocht eile a bhfuil a chuid ama caite aige leo agus is iomaí scéal a bheidh ag daoine agus grúpaí éagsúla faoin bhfear ildánach, suáilceach seo.

Bhain sé na ceithre scór amach le deireanas agus is ar bharr Chnoc Bhréanainn a cheiliúir sé an lá in éineacht le 23 duine eile a bhí ina theannta.

Is é Seán Bán Breathnach a bheidh ag láithriú agus ag caitheamh na gceisteanna chuig an Muircheartach agus beidh Dara Ó Cinnéide, iarchaiptaen na Ríochta, i measc an tslua a bheidh i láthair. Tabharfar roinnt ticéad amach ar chláracha RTÉ Raidió na Gaeltachta, ach níl mórán acu ar fáil.

Meas tú an mbeadh aon suim aige a bheith ina Uachtarán ar an tír?

# Agallamh le **Noel Finn**, bainisteoir camógaíochta na Gaillimhe

**Le cúpla bliain anuas, bhí clú ar Ghaillimh cluichí cóngaracha a chailleadh ach d'athraigh sin san athimirt in aghaidh Chorcaí i gCluiche Leathcheannais na hÉireann. Cad atá tar éis athrú?**

Is grúpa iontach iad an grúpa cáilíní seo. Oibríonn siad go crua agus mar aonad agus fiú má bhíonn siad taobh thiar ar chlár na scór, ní stopann siad ag iomaíocht go dtí an fheadóg dheireanach. Sa chúpla cluiche i mbliana, fuair siad an scór cinniúnach ag an nóiméad deireanach.

**Uaireanta, bíonn an chuma ar an scéal nach bhfuil Gaillimh in ann na scóranna a aimsiú os comhair cúil. An aontaíonn tú leis sin?**

Caithfimid ár seansanna a thógáil in aghaidh Loch Garman Dé Domhnaigh. Chuaigh traenáil an-mhaith agus tá an-mhuinín ag ár n-imreoirí gur féidir leo an lámh in uachtar a fháil ar Loch Garman agus níos mó scóranna a aimsiú.

**Cén áit a mbeidh na príomhchoimhlintí?**



Tá imreoirí láidre ag Loch Garman sna háiteanna lárnacha ar an fhoireann ó lánchúlaí go lántosach. Caithfidh muid na spásanna fairsinge móra i bPáirc an Chrócaigh a úsáid agus seans a thabhairt dár dtosaithe dul ar ruathar in aghaidh chosantóirí Loch Garman.

**Cad é do bharúil faoi Loch Garman?**

Tá foireann láidir fisiciúil acu le go leor imreoirí sciliúla. Bíonn siad iontach maith ag tógáil a gcuid seansanna os comhair cúil má fhaigheann siad an deis agus an spás.

**Cad a cheap tú faoi bhua Loch Garman in aghaidh Chill Chainnigh i gCluiche Leathcheannais na hÉireann?**

Bhí siad an-mhaith ag cruthú agus ag tógáil seansanna. Mhothaigh mé gur sheas cosantóirí Chill Chainnigh siar ó thosaithe Loch Garman agus fuair siad go leor seansanna scórála dá bharr.

**Bhuail Gaillimh Seampaíní na hÉireann Corcaigh, an gciallaíonn sin gurb iad Gaillimh rogha na n-údár mar sin?**

Bhuaigh muid in aghaidh Chorcaí tar éis athimeartha. Bhí an cluiche cóngarach ar feadh an chuid is mó den chluiche. Bhuail muid le Loch Garman níos luaithe sa chraobh agus bhí cluiche crua eadrainn. Bhuaigh muid an cluiche sin le cúilín, tar éis cúl a aimsiú sa nóiméad deireanach. Tá muid ag súil le cluiche crua ar an Domhnach agus ní bheidh mórán idir na foirne ach tá an fhoireann agus an bhainistíocht muiníneach go mbeidh muid in ann é a bhaint.

**Mar fhocal scoir, cén dóigh ar féidir le Gaillimh Craobh na hÉireann a bhaint den chéad uair le ceithre bliana déag?**

Caithfimid imirt thar barr agus cloí lenár dtaictící féin. Tá na himreoirí againn agus má imríonn na himreoirí chomh maith agus is féidir leo imirt, beidh Corn Uí Dhufaigh ag dul ar ais go Gaillimh oíche Dé Domhnaigh!

# **Aishlinn Connolly**, imreoir camógaíochta le Gaillimh, faoi agallamh ag **Gráinne McElwain**



Aislinn Connolly, Gaillimh. (PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE)

**Cén uair/ aois ar thosaigh tú ag imirt? An gcuimhin leat do chéad chluiche?**
Thosaigh mé ag imirt camógaíochta nuair a bhí mé naoi mbliana d'aois le foireann na Rinne Móire. An chéad chluiche a d'imir mé bhí muid in aghaidh Chinn Mhara. Chaill muid agus bhí mé ag marcáil Aoife Lynskey an lá sin. Agus anois tá an bheirt againn ag imirt le chéile ar fhoireann an chontae!

**An duine is mó a raibh tionchar ort agus tú ag fás aníos?**
Mo Dhaide ar ndóigh (is é John Connolly, iar-iománaí na Gaillimhe, a hathair). Ó bhí mé i mo chailín óg bhíodh muid amuigh sa gharraí ag iománaíocht agus eisean ag múineadh scileanna dom agus cleasanna eile!

**Cén áit is fearr leat imirt ar an pháirc?**
Is fearr liom a bheith ag imirt ar an líne leath-thosaigh mar go mbím i bhfad níos páirtí san imirt. Cuireann Noel, an bainisteoir, sa líne lán-tosaigh go minic mé! Ach is cuma liom ach seans a bheith agam imirt don chontae.

**Ar thóg tú i gcónaí ná pocanna saora? Cén uair a thosaigh tú air sin? Cé mhéad ama a chaiteann tú ag cleachtadh pocanna saora?**
Thosaigh mé ag tógáil na bpocanna saora anuraidh. Ní dhéanaim mórán cleachtaidh leis na pocanna saora ag na seisiúin traenála. Is fearr liom an cleachtadh sin a dhéanamh liom féin. Téim amach le 10 sliotar ar feadh leathuair a' chloig is déanaim cleachtadh ar an sliotar a thógáil i gceart, aimáil agus '*follow-through*'.

**An cluiche is fearr ar imir tú féin ann?**
An cluiche is fearr a d'imir mé riamh, cheapfainn, an ceann in aghaidh Chontae an Chláir anuraidh. Chuaigh chuile shórt ceart dom an lá sin.

**An gcuireann brú isteach ort? Nó an mbíonn tú neirbhíseach roimh chluiche?**
Brú? An t-aon bhrú a thuigim ná an brú aeir a bhíonn sna boinn i mo charr! Bím cineál neirbhíseach roimh chuile chluiche ag súil go n-imreoidh mé go maith agus nach ligfidh mé síos na himreoirí eile ar an bhfoireann ach imíonn na *nerves* sin nuair a thosaíonn an imirt.

**Cad é do bharúil faoi Loch Garman?**
D'imir muid níos túisce i mbliana iad. Tá siad láidir, fisiciúil. Tá imreoirí sciliúla acu freisin.

**Cén dóigh ar féidir le Gaillimh an cluiche seo a bhaint?**
Caithfimid na cliatháin a imirt, go háirithe chun tosaigh. An sliotar a chur isteach sa spás sa chaoi go mbeidh na tosaithe seo againne in ann rith chuig an liathróid agus tabhairt faoi chúlaithe Loch Garman. Caithfidh cúlaithe agus imreoirí lár páirce na Gaillimhe mná Loch Garman a mharcáil go géar agus gan aon am ná spás a thabhairt dóibh.

# Mná Thír Eoghain ar an dara hiarracht



Gráinne McElwain

BHÍ cluiche den scoth ag teastáil i bPeil na mBan i mbliana agus fuair muid é an deireadh seachtaine seo caite nuair a chas Ciarraí agus Tír Eoghain in aghaidh a chéile i gCluiche Leathcheannais na hÉireann. Thar seasca bomaite ní raibh ceachtar foireann ábalta an lámh in uachtar a fháil ar a chéile agus b'iontach an toradh é dóibh siúd atá neodrach, gur chríochnaigh siad ar comhscór.

Ciallaíonn sé mar sin go mbeidh an dá fhoireann ag tabhairt aghaidhe ar a chéile arís amárach ag leathuair tar éis a dó i mBeannachar, Co. Uíbh Fhailí.

Tá go leor foghlamtha ag an dá fhoireann ón gcluiche sin agus seans maith go bhfuil go leor nótaí tógtha agus iad ag féachaint ar an dvd ón Luan agus ag réiteach don athimirt.

An tseachtain seo caite, rinneadh go leor cainte faoi chosaint Thír Eoghain, go bhfuil sé dian agus deacair scóranna a fháil ina n-aghaidh. Ach fuair tosaithe Chiarraí níos mó spáis ná mar a bheadh súil leis agus beidh ar Thír Eoghain feabhsú an chéad lá eile agus a bheith níos cúramaí gan feallanna a dhéanamh.

D'aimsigh Louise Ní Mhuircheartaigh, lántosach Chiarraí, 0-6 agus na scóranna sin uilig ó chiceanna saora.

Ba iad Tír Eoghain rogha na n-údár agus thosaigh siad go hiontach le 1-3 acu taobh istigh de dheich mbomaite. B'éigean do bhainistíocht Chiarraí cúpla athrú a dhéanamh sa chosaint agus d'oibrigh siad, ach caithfidh tú moladh mór a thabhairt do mhná na Ríochta mar níor stop siad ag obair.

Ag pointe amháin bhí mná Chiarraí sé chúilín taobh thiar sa chéad leath ach tháinig siad ar ais agus le cúl iontach ó Lorraine Scanlon cuireadh na foirne ar comhscór agus ag leath ama chuaigh siad isteach sna seomraí feistis 1-6 an taobh.

Ag tús an dara leath fuair Laoch na hImeartha ón gcluiche, Joline Donnelly, cúl inspioráideach do Thír Eoghain agus nuair a chaill Mags O'Donoghue cic éirice do Chiarraí, bheifeá ag ceapadh go mbeadh an lá le mná Uladh. Nuair nach raibh ach trí bhomaite fágtha ar an gclog bhí Tír Eoghain trí chúilín chun cinn, ach d'éirigh le Ciarraí leas a bhaint as seans amháin eile, agus ba í captaen na foirne, Bernie Breen, a fuair an cúl is fearr sa chomórtas go dtí seo i mbliana chun iad a chothromú arís. 2-13 ag Ciarraí, 3-10 ag Tír Eoghain agus bhí muid ag súil leis an athimirt ar an mbealach abhaile.

Amárach, ní bheidh mórán eatarthu arís ach sílim go dtiocfaidh feabhas ar Thír Eoghain agus ní dóigh liom go bhfaighidh tosaithe agus lár páirce Chiarraí an spás céanna arís. Ach le linn na craoibhe ar fad, thaispeáin Ciarraí carachtar láidir agus má tá Tír Eoghain chun áit a bhaint amach sa Chluiche Ceannais le Baile Átha Cliath ag deireadh na míosa seo, beidh orthu an ceann is fearr a fháil ar cheann eile de na foirne a las suas craobh na bliana seo.

**Cluiche Leathcheannais Sinsir Peile na mBan - Athimirt**
**Beannchar @ 2.30in, Dé Sathairn**
**Ciarraí v Tír Eoghain**

# '*White Collar Boxing*' i gCeantar na nOileán

Gráinne McElwain

TÁ Cumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir ag eagrú ócáid dornálaíochta chun airgead a bhailiú don chlub nuair a chuirfidh siad daoine áitiúla agus daoine eile as ceantair éagsúla i gConamara ag troid in aghaidh a chéile.

Beidh na hiomaitheoirí ag dul i mbun traenála an tseachtain seo chugainn ar feadh sé seachtain faoi stiúir Cathal O'Grady, iar-dhórnálaí ar fhoireann Oilimpeach na hÉireann. Ní bheidh aon taithí dhornálaíochta ag an gcuid is mó do na daoine seo a bheidh ag glacadh páirte agus cuirfear clár gairmiúil traenála in oiriúint dóibh.

Dé Sathairn, an 23ú Deireadh Fómhair, nuair a bheidh an traenáil ar fad déanta, beidh troid amháin ag gach dornálaí ar oíche mhór i Spórtlann Naomh Anna, an dúshlán is mó ar fad agus iad ag troid os comhair cairde, gaolta agus na céadta eile a bheidh i láthair.

Má tá suim agat ann níl sé ródhéanach. Tá siad ag lorg tuilleadh daoine chun páirt a ghlacadh ann. Cuirfear fáilte roimh dhaoine aonaracha, daoine ó chlubanna eile agus aon duine a bhfuil suim acu ann.

Beidh oíche eolais ar siúl i Spórtlann Naomh Anna Dé Luain, an 13ú Meán Fómhair ag 8.30i.n. agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ar shuíomh idirlín www.naomhanna.ie nó www.whitecollarboxing.ie nó glaoch ar Ghearóid ag 087 909 1147. Ní bheadh a fhios agat cé a d'fheicfeá san fháinne acu.

# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

**Gaelscéal**

● 10.09.2010





**Pádraic Maher, Tiobraid Árann agus David Burke, Gaillimh in aghaidh a chéile amárach** (PIC. MATT BROWNE / SPORTSFILE).

# Gach buntáiste ag Tiobraid Árann F21



**Gráinne McElwain**

Cén fáth a gcaithfidh iománaithe F21 na Gaillimhe aghaidh a thabhairt ar Thiobraid Árann i Staid Semple amárach i gCluiche Ceannais na hÉireann?

An bhfuil sé cóir go bhfuil orthu imirt i dTiobraid Árann, sa staid ina mbíonn na Tiobradaigh ag traenáil go rialta, san áit a raibh an chóisir acu nuair a d'fhill Eoin Ó Ceallaigh agus na sinsir eile abhaile le Corn Mhic Cárthaigh, san áit a mbeidh slua ollmhór, suas le 25,000, de lucht tacaíochta Thiobraid Árann agus iad fós ag ceiliúradh a mbua in aghaidh na gCat.

Ní dóigh liomsa go bhfuil sé cóir agus sílim go mbeidh buntáiste mór millteach ag iománaithe Thiobraid Árann agus iad ag iarraidh corn eile a chrochadh leo.

Ní aon iontas é go raibh olc ar mhuintir na Gaillimhe agus tugadh an chluas bhodhar dóibh i bPáirc an Chrócaigh nuair a d'iarr siad ionad eile ar nós Luimnigh, áit a bheadh leath bealaigh idir an dá chontae agus a bheadh feiliúnach do Chiarraí agus an Mhí i gCluiche Ceannais B an chomórtais. Is é an scéal a tháinig ar ais as Páirc an Chrócaigh ná gurb é Staid Semple an áit is fearr, ach ní shin le rá gurb é an áit is fearáilte é.

Deir Uachtarán CLG, Críostóir Ó Cuana, gur i Staid Semple a imreofar na cluichí ceannais F21 as seo go ceann roinnt blianta eile agus caithfidh muid súil a choinneáil air sin an bhliain seo chugainn.

Más buan mo chuimhne is i bPáirc an Chrócaigh a bhíodar le roinnt blianta agus ní i Staid Semple.

Shocraigh oifigigh na Gaillimhe neamhaird a dhéanamh do dhaoine a bhí ag iarraidh go ndéanfadh an contae baghcat ar an gcluiche agus tá an rud ceart déanta acu. An chúis is mó a deirim é sin ná go gciallaíonn sé go mbeidh na himreoirí in ann díriú ar an gcluiche atá rompu agus nach mbeidh aon raic ag cur isteach air sin agus an réiteach a dhéanfaidh siad.

Ár ndóigh, ní bheidh sé éasca ag Gaillimh mar ar pháipéar tá foireann don scoth ag na Tiobradaigh le hochtar ón bpainéal a bhuaigh ar na Cait acu. Pádraic Maher an captaen, Patrick Maher, Brendan Maher, Michael Cahill, Noel McGrath, Michael Heffernan, Seamús Hennessy agus Brian O'Meara, ach cé chomh réitithe is a bheidh siad tar éis an cheiliúrtha atá déanta agus gan ag Ken Hogan agus Tommy Dunne ach sé lá chun iad a thabhairt go talamh arís don chluiche F21.

Ba cheart go mbeadh an cluiche go maith mar tá an-mhianach sa dá fhoireann, go háirid i bhfoireann na dTiobradach. Bhuaigh siad craobh na mionúr in 2006 & 2007 agus tá roinnt mhaith acu sin leo i mbliana faoi 21, ach is é 2005 an bhliain dheireanach ar bhuaigh Gaillimh sna mionúir.

Níl Craobh na hÉireann F21 buaite ag Tiobraid Árann ó 1995 ach ó 2004 tá an cluiche ceannais caillte trí huaire acu. Tá Gaillimh ag lorg a tríú craobh le sé bliana agus an deichiú ceann ar fad, ach má éiríonn leis na Tiobradaigh beidh naoi gcraobh ag an dá chontae taobh thiar de Chill Chainnigh agus Corcaigh atá ar 11.

Sna cluichí leathcheannais bhí bua éasca ag Tiobraid Árann ar Aontroim, ach ó shin bhí go leor acu ag cuimhneamh ar ghrád na sinsear agus Cill Chainnigh, mar sin is beag smaoineamh nó béim a bhí ag dul ar an fhoireann F21, go háirid agus an oiread imreoirí ón fhoireann sinsir ar an bhfoireann. Ach ó bhuail Gaillimh Áth Cliath ina gcluiche leathcheannais tá siad ag díriú ar an Satharn seo chugainn. Beidh le feiceáil cén tionchar a bheidh aige sin ar an gcluiche.

Bua: Tiobraid Árann

**Cluichí Ceannais Iomána na hÉireann F21 - Bord Gáis Energy**

**Dé Sathairn (11ú Meán Fómhair): Staid Semple, Durlas Éile**

**Gaillimh v Tiobraid Árann @ 7.00 i.n.**

**B - Ciarraí v An Mhí @ 5.00 i.n.**